**Leagan comhdhlúite de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais an 25 Meán Fómhair 2012 ***

## Clár

**Leathanaigh**

**FORÁLACHA TOSAIGH ........ 10**

Airteagal 1 Sainmhínithe ........ 10

Airteagal 2 Raon feidhme na Rialacha seo ........ 10

**TEIDEAL I EAGRÚ NA CÚIRTE ........ 11**

CAIBIDIL 1 BREITHIÚNA AGUS ABHCÓIDÍ GINEARALTA ........ 11

Airteagal 3 Tús téarma oifige Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta ........ 11

Airteagal 4 Mionn a ghlacadh ........ 11

Airteagal 5 Gealltanas sollúnta ........ 11

Airteagal 6 Breitheamh nó Abhcóide Ginearálta a chur as a oifig ........ 11

Airteagal 7 Ord tosaíochta ........ 12

CAIBIDIL 2 UACHTARÁNACHT NA CÚIRTE, COMHDHÉANAMH NA nDLÍSHEOMRAÍ AGUS TOGHADH AN CHÉAD ABHCÓIDE GHINEARÁLTA ........ 12

Airteagal 8 Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte a thoghadh ........ 12

Airteagal 9 Freagrachtaí Uachtarán na Cúirte ........ 12

Airteagal 10 Freagrachtaí Leas-Uachtarán na Cúirte ........ 13

Airteagal 11 Comhdhéanamh na nDlísheomraí ........ 13

Airteagal 12 Uachtaráin na nDlísheomraí a thoghadh ........ 13

Airteagal 13 I gcás nach féidir leis an Uachtarán ná leis an Leas-Uachtarán feidhmiú ........ 14

Airteagal 14 Toghadh an Chéad Abhcóide Ghinearálta ........ 14

CAIBIDIL 3 CÁSANNA A SHANNADH DO BHREITHIÚNA IS RAPÓIRTÉIR AGUS D'ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA ........ 14

Airteagal 15 Ainmniú an Bhreithimh is Rapóirtéir ........ 14

Airteagal 16 Ainmniú an Abhcóide Ghinearálta ........ 15

* Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais an 25 Meán Fómhair 2012 (IO L 265 an 29.09.2012), arna leasú an 18 Meitheamh 2013 (IO L 173 an 26.06.2013, lch. 65), an 19 Iúil 2016 (IO L 217 an 12.8.2016, lch. 69), an 9 Aibreán 2019 (IO L 111 an 25.04.2019, lch.73), an 26 Samhain 2019 (IO L 316 an 06.12.2019, lch. 103), an 2 Iúil 2024 (IO L an 12.08.2024, http://data.europa.eu/eli/proc_internal/2024/2094/oj) agus an 2 Meitheamh 2026 (IO L an 17.06.2026, http://data.europa.eu/eli/proc_rules/2026/1335/oj).

CAIBIDIL 4 RAPÓIRTÉIRÍ CÚNTA.................................................. 15
Airteagal 17 Rapóirtéirí Cúnta.................................................. 15
CAIBIDIL 5 AN CHLÁRLANN ........................................................ 15
Airteagal 18 Ceapadh an Chláraitheora.......................................... 15
Airteagal 19 Leas-Chláraitheoir................................................... 16
Airteagal 20 Freagrachtaí an Chláraitheora.................................... 16
Airteagal 21 An Clár a choimeád.................................................. 17
Airteagal 22 Teacht ar an gClár, ar bhreithiúnais agus ar orduithe...... 17
CAIBIDIL 6 OIBRIÚ NA CÚIRTE..................................................... 17
Airteagal 23 Suíomh shuíonna na Cúirte......................................... 17
Airteagal 24 Féilire obair bhreithiúnach na Cúirte............................ 18
Airteagal 25 Cruinniú Ginearálta.................................................. 18
Airteagal 26 Miontuairiscí a ullmhú............................................... 18
CAIBIDIL 7 FOIRMÍOCHTAÍ NA CÚIRTE......................................... 18
Cuid 1. Comhdhéanamh fhoirmíochtaí na Cúirte.................................. 18
Airteagal 27 Comhdhéanamh an Mhór-Dhlísheomra........................... 18
Airteagal 28 Comhdhéanamh na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus triúr Breithiúna................................. 19
Airteagal 29 Comhdhéanamh na nDlísheomraí i gcásanna gaolmhara nó i gcásanna tarchurtha ar ais........................................ 20
Airteagal 30 I gcás nach féidir le hUachtarán Dlísheomra feidhmiú.... 20
Airteagal 31 I gcás nach féidir le comhalta de chuid fhoirmíocht na Cúirte feidhmiú....................................................... 21
Cuid 2. Pléití............................................................................ 21
Airteagal 32 Nósanna imeachta maidir le pléití............................... 21
Airteagal 33 Líon na mBreithiúna a ghlacfaidh páirt sna pléití........... 21
Airteagal 34 Córam an Mhór-Dhlísheomra...................................... 21
Airteagal 35 Córam na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus triúr Breithiúna........................................................ 22
CAIBIDIL 8 TEANGACHA............................................................ 22
Airteagal 36 Teanga an cháis....................................................... 22
Airteagal 37 Teanga an cháis a chinneadh...................................... 22
Airteagal 38 Teanga an cháis a úsáid............................................ 23
Airteagal 39 Freagrachtaí an Chláraitheora maidir le socrúcháin teanga ........................................................................... 24
Airteagal 40 Socruithe teanga fhoilseacháin na Cúirte...................... 25
Airteagal 41 Téacsanna barántúla................................................. 25
Airteagal 42 Seirbhís teanga na Cúirte........................................... 25

**TEIDEAL II FORÁLACHA NÓS IMEACHTA COITEANNA.................. 25**
CAIBIDIL 1 CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ GNÍOMHAIRÍ, COMHAIRLEOIRÍ AGUS DLÍODÓIRÍ.................................................. 25
Airteagal 43 Pribhléidí, díolúintí agus saoráidí ................................ 25
Airteagal 44 Stádas ionadaithe na bpáirtithe.................................... 26
Airteagal 45 Díolúine a tharscaoileadh........................................... 26
Airteagal 46 Eisiamh ó na himeachtaí ............................................ 26
Airteagal 47 Léachtóirí ollscoile agus páirtithe sna príomhimeachtaí .. 27
CAIBIDIL 2 SEIRBHEÁIL ................................................................ 27
Airteagal 48 Modhanna seirbheála................................................. 27
CAIBIDIL 3 TEORAINNEACHA AMA ............................................... 28
Airteagal 49 Teorainneacha ama a ríomh....................................... 28
Airteagal 50 Imeachtaí in aghaidh beart arna ghlacadh ag institiúid .... 29
Airteagal 51 Teorainneacha ama a fhadú mar gheall ar fhad slí.......... 29
Airteagal 52 Teorainneacha ama a shocrú agus síneadh a chur leo...... 29
CAIBIDIL 4 NÓSANNA IMEACHTA ÉAGSÚLA CHUN DÉILEÁIL LE CÁSANNA ...................................................................................... 29
Airteagal 53 Nósanna imeachta chun déileáil le cásanna ................... 29
Airteagal 54 Uamadh ................................................................. 30
Airteagal 55 Bac ar imeachtaí...................................................... 30
Airteagal 56 Cinneadh an cháis a chur siar..................................... 30
CAIBIDIL 5 AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN ................................ 31
Airteagal 57 Doiciméid nós imeachta a thaisceadh........................... 31
Airteagal 58 Fad doiciméid nós imeachta ...................................... 32
CAIBIDIL 6 AN RÉAMHTHUARASCÁIL AGUS CÁSANNA A SHANNADH D'FHOIRMÍOCHTAÍ NA CÚIRTE..................................... 32
Airteagal 59 Réamhthuarascáil.................................................... 32
Airteagal 60 Cásanna a shannadh d'fhoirmíochtaí na Cúirte .............. 32
CAIBIDIL 7 BEARTA EAGRÚCHÁIN NÓS IMEACHTA AGUS BEARTA FIOSRÚCHÁIN........................................................................... 33
Cuid 1. Bearta eagrúcháin nós imeachta ........................................... 33
Airteagal 61 Bearta eagrúcháin a fhorordóidh an Chúirt.................... 33
Airteagal 62 Bearta eagrúcháin a dhéanfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir nó an tAbhcóide Ginearálta a fhorordú......................... 33
Cuid 2. Bearta fiosrúcháin................................................................ 33
Airteagal 63 Cinneadh i dtaobh bearta fiosrúcháin ........................... 33
Airteagal 64 Bearta fiosrúcháin a shocrú ........................................ 34
Airteagal 65 Rannpháirtíocht i mbearta fiosrúcháin........................... 34
Airteagal 66 Fianaise ó bhéal....................................................... 34

Airteagal 67 Finnéithe a cheistiú .................................................. 35
Airteagal 68 Mionn na bhfinnéithe .................................................. 35
Airteagal 69 Pionóis airgid .................................................. 35
Airteagal 70 Tuarascáil ó shaineolaí .................................................. 35
Airteagal 71 Mionn an tsaineolaí .................................................. 36
Airteagal 72 Agóid i gcoinne finné nó saineolaí .................................................. 36
Airteagal 73 Costais na bhfinnéithe agus na saineolaithe .................................................. 36
Airteagal 74 Miontuairiscí ar éisteachtaí fiosrúcháin .................................................. 36
Airteagal 75 An chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt tar éis an réamhfhiosrúcháin .................................................. 37
CAIBIDIL 8 AN CHUID Ó BHÉAL DEN NÓS IMEACHTA .................................................. 37
Airteagal 76 Éisteacht .................................................. 37
Airteagal 77 Comhéisteacht .................................................. 37
Airteagal 78 Rannpháirtíocht in éisteacht trí fhíschomhdháil .................................................. 38
Airteagal 79 Cásanna a éisteacht i seomra iata .................................................. 38
Airteagal 80 Seoladh na héisteachta .................................................. 38
Airteagal 80a Éisteachtaí a chraoladh .................................................. 38
Airteagal 81 Clabhsúr na héisteachta .................................................. 39
Airteagal 82 Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt .................................................. 39
Airteagal 83 An chuid ó bhéal den nós imeachta a thosú nó a atosú .................................................. 40
Airteagal 84 Miontuairiscí na n-éisteachtaí .................................................. 40
Airteagal 85 An éisteacht a thaifeadadh .................................................. 40
CAIBIDIL 9 BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE .................................................. 40
Airteagal 86 Dáta fógartha breithiúnais .................................................. 40
Airteagal 87 Inneachar breithiúnais .................................................. 40
Airteagal 88 Breithiúnas a fhógairt agus a sheirbheáil .................................................. 41
Airteagal 89 Inneachar ordaithe .................................................. 41
Airteagal 90 Ordú a shíniú agus a sheirbheáil .................................................. 42
Airteagal 91 Éifeacht cheangailteach breithiúnas agus orduithe .................................................. 42
Airteagal 92 Foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh .................................................. 42

**TEIDEAL III TARCHUR CHUN RÉAMHRIALÚ .................................................. 43**
CAIBIDIL 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA .................................................. 43
Airteagal 93 Raon feidhme .................................................. 43
Airteagal 93a Réamhanailís ar iarrataí ar réamhrialú .................................................. 43
Airteagal 94 Inneachar na hiarrata ar réamhrialú .................................................. 44
Airteagal 95 Anaithnidiú agus sonraí pearsanta a fhágáil ar lár .................................................. 44
Airteagal 96 Rannpháirtíocht in imeachtaí i leith réamhrialú .................................................. 44

Airteagal 97 Páirtithe sna príomhimeachtaí .... 45
Airteagal 98 Aistriúchán agus seirbheáil na hiarrata ar réamhrialú ...... 46
Airteagal 99 Freagra trí ordú réasúnaithe .... 46
Airteagal 100 Cúinsí ina bhfanfaidh cás os comhair na Cúirte .... 46
Airteagal 101 Iarraidh ar shoiléiriú .... 47
Airteagal 102 Costais na n-imeachtaí réamhrialaithe .... 47
Airteagal 103 Breithiúnais agus orduithe a cheartú .... 47
Airteagal 104 Léiriú a dhéanamh ar réamhrialú .... 47

CAIBIDIL 2 AN NÓS IMEACHTA BROSTAITHE UM RÉAMHRIALÚ ... 48

Airteagal 105 An nós imeachta brostaithe .... 48
Airteagal 106 Doiciméid nós imeachta a sheachadadh .... 48

CAIBIDIL 3 AN NÓS IMEACHTA PRÁINNE UM RÉAMHRIALÚ .... 49

Airteagal 107 Raon feidhme an nós imeachta práinne um réamhrialú .... 49
Airteagal 108 Breith maidir le práinn .... 49
Airteagal 109 An chuid i scríbhinn den nós imeachta práinne .... 49
Airteagal 110 Seirbheáil agus faisnéis i ndiaidh chlabhsúr na coda i scríbhinn den nós imeachta .... 50
Airteagal 111 An chuid i scríbhinn den nós imeachta a ligean thar ceal . 51
Airteagal 112 Cinneadh críochnaitheach .... 51
Airteagal 113 Foirmíocht na Cúirte .... 51
Airteagal 114 Doiciméid nós imeachta a sheachadadh .... 51

CAIBIDIL 4 AN NÓS IMEACHTA I nDIAIDH TARCHUIR .... 51

Airteagal 114a Iarrataí ar réamhrialú arna dtarchur chuig an gCúirt Ghinearálta de bhun an dara mír d'Airteagal 54 den Reacht. .... 51
Article 114b Iarrataí ar réamhrialú arna dtarchur ón gCúirt Ghinearálta de bhun an dara fomhír d'Airteagal 256(3) CFAE .... 52

CAIBIDIL 5 CÚNAMH DLÍTHIÚIL .... 52

Airteagal 115 Iarratas ar chúnamh dlíthiúil .... 52
Airteagal 116 Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil .... 53
Airteagal 117 Réamhíocaíochtaí cúnaimh dhlíthiúil .... 53
Airteagal 118 Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar .... 53

**TEIDEAL IV CAINGNE DÍREACHA .... 54**

CAIBIDIL 1 IONADAÍOCHT NA bPÁIRTITHE .... 54

Airteagal 119 Oibleagáid ionadaíochta .... 54

CAIBIDIL 2 AN CHUID I SCRÍBHINN DEN NÓS IMEACHTA .... 54

Airteagal 120 Inneachar an iarratais .... 54
Airteagal 121 Faisnéis maidir le seirbheáil .... 55

Airteagal 122 Iarscríbhinní a ghabhann leis an iarratas ........................ 55
Airteagal 123 Iarratas a sheirbheáil ................................................. 55
Airteagal 124 Inneachar na cosanta ................................................. 55
Airteagal 125 Doiciméid a sheachadadh........................................... 56
Airteagal 126 Freagra agus athfhreagra............................................ 56
CAIBIDIL 3 SAINCHEISTEANNA DLÍ AGUS FIANAISE ....................... 56
Airteagal 127 Saincheisteanna dlí nua.............................................. 56
Airteagal 128 Fianaise a chuirtear ar fáil nó a thairgtear...................... 57
CAIBIDIL 4 IDIRAGAIRT ................................................................... 57
Airteagal 129 Cuspóir agus éifeachtaí na hidiragartha ........................ 57
Airteagal 130 Iarratas ar idiragairt.................................................... 57
Airteagal 131 Cinneadh maidir le hiarratas ar idiragairt...................... 58
Airteagal 132 Pléadálacha i scríbhinn a thíolacadh............................. 59
CAIBIDIL 5 AN NÓS IMEACHTA BROSTAITHE.................................. 59
Airteagal 133 Cinneadh maidir leis an nós imeachta brostaithe............ 59
Airteagal 134 An chuid i scríbhinn den nós imeachta .......................... 59
Airteagal 135 An chuid ó bhéal den nós imeachta.............................. 60
Airteagal 136 Breith ar an tsubstaint................................................. 60
CAIBIDIL 6 COSTAIS .......................................................................... 60
Airteagal 137 Breith maidir le costais .............................................. 60
Airteagal 138 Rialacha ginearálta ar leithroinnt na gcostas.................. 60
Airteagal 139 Costais mhíréasúnta nó chráiteacha.............................. 61
Airteagal 140 Costais idiragartha ..................................................... 61
Airteagal 141 Costais i gcás scor d'imeachtaí.................................... 61
Airteagal 142 Costais i gcás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais.. 61
Airteagal 143 Táillí imeachtaí ......................................................... 61
Airteagal 144 Costais inghnóthaithe ................................................. 62
Airteagal 145 Díospóid a bhaineann le costais inghnóthaithe............... 62
Airteagal 146 Modhanna íocaíochta ................................................. 62
CAIBIDIL 7 RÉITEACH CAIRDIÚIL, SCOR D'IMEACHTAÍ, CÁSANNA NACH dTÉANN AR AGHAIDH CHUN BREITHIÚNAIS AGUS RÉAMH-SHAINCHEISTEANNA ........................................................................ 62
Airteagal 147 Réiteach cairdiúil...................................................... 63
Airteagal 148 Scor d'imeachtaí........................................................ 63
Airteagal 149 Cásanna nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais ......... 63
Airteagal 150 Urchosc iomlán ar leanúint le cás ................................ 63
Airteagal 151 Réamhagóidí agus ceisteanna ..................................... 63

CAIBIDIL 8 BREITHIÚNAIS MHAINNEACHTANA ............................ 64

Airteagal 152 Breithiúnais mhainneachtana ............................ 64

CAIBIDIL 9 IARRATAIS A BHAINEANN LE BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE ............................ 65

Airteagal 153 Foirmíocht inniúil na Cúirte ............................ 65

Airteagal 154 Ceartú ............................ 65

Airteagal 155 Mainneachtain cás a chur de láimh ............................ 65

Airteagal 156 Iarratas ar bhreithiúnas a chur ar ceal ............................ 66

Airteagal 157 Imeachtaí tríú páirtí ............................ 66

Airteagal 158 Léiriú ............................ 67

Airteagal 159 Athbhreithniú ............................ 67

Airteagal 159a Iarratais atá do-ghlactha go follasach nó go follasach gan bhunús ............................ 68

CAIBIDIL 10 FIONRAÍOCHT OIBRITHE NÓ FORGHNÍOMHAITHE AGUS BEARTA EILE IDIRLINNE ............................ 68

Airteagal 160 Iarratas ar oibriú a chur ar fionraí nó ar bhearta idirlinne. 68

Airteagal 161 Breith ar an iarratas ............................ 69

Airteagal 162 Ordú d'fhionraíocht ar oibriú nó do bhearta idirlinne...... 69

Airteagal 163 Athrú sna himthosca ............................ 69

Airteagal 164 Iarratas nua ............................ 70

Airteagal 165 Iarratais de bhun Airteagail 280 CFAE agus 299 CFAE agus Airteagal 164 CCEFA ............................ 70

Airteagal 166 Iarratas de bhun Airteagal 81 CCEFA ............................ 70

**TEIDEAL V ACHOMHAIRC I gCOINNE BHREITHEANNA NA CÚIRTE GINEARÁLTA ............................ 71**

CAIBIDIL 1 FOIRM AGUS INNEACHAR AN IARRATAIS AR ACHOMHARC AGUS AN tORDÚ A BHEIDH Á LORG ............................ 71

Airteagal 167 Iarratas ar achomharc a thaisceadh ............................ 71

Airteagal 168 Inneachar an iarratais ar achomharc ............................ 71

Airteagal 169 An t-ordú a bheidh á lorg, saincheisteanna dlí agus argóintí dlíthiúla an achomhairc ............................ 72

Airteagal 170 An t-ordú a bheidh á lorg má ghlactar leis an achomharc. 72

CAIBIDIL 1A RÉAMHCHINNEADH I LEITH CEAD A THABHAIRT DUL AR AGHAIDH LE hACHOMHAIRC FAOI AIRTEAGAL 58A DEN REACHT ............................ 72

Airteagal 170a Iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh....... 72

Airteagal 170b Breith ar iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh ............................ 73

CAIBIDIL 2 FRITHAIGHNEACHTAÍ, FREAGRAÍ AGUS ATHFHREAGRAÍ .......... 74

Airteagal 171 An t-achomharc a sheirbheáil .......... 74

Airteagal 172 Páirtithe atá údaraithe chun frithaighneacht a thaisceadh. 74

Airteagal 173 Inneachar na frithaighneachta .......... 74

Airteagal 174 An t-ordú a bheidh á lorg sa fhrithaighneacht .......... 74

Airteagal 175 Freagra agus athfhreagra .......... 74

CAIBIDIL 3 FOIRM AGUS INNEACHAR AN CHROSACHOMHAIRC AGUS AN tORDÚ A BHEIDH Á LORG ANN .......... 75

Airteagal 176 Crosachomharc .......... 75

Airteagal 177 Inneachar an chrosachomhairc .......... 75

Airteagal 178 An t-ordú a bheidh á lorg, saincheisteanna dlí agus argóintí an chrosachomhairc .......... 75

CAIBIDIL 4 PLÉADÁLACHA I SCRÍBHINN DE DHROIM AN CHROSACHOMHAIRC .......... 76

Airteagal 179 Frithaighneacht ar an gcrosachomharc .......... 76

Airteagal 180 Freagra agus athfhreagra ar chrosachomharc .......... 76

CAIBIDIL 5 ACHOMHAIRC A DHÉANFAR A CHINNEADH LE hORDÚ77

Airteagal 181 Achomharc nó crosachomharc atá do-ghlactha go follasach nó go follasach gan bhunús .......... 77

Airteagal 182 Achomharc nó crosachomharc a bhfuil bunús leis go follasach .......... 77

CAIBIDIL 6 AN TIONCHAR AR CHROSACHOMHARC DE BHARR ACHOMHARC A BHAINT ÓN gCLÁR .......... 77

Airteagal 183 Tionchar scoir d'imeachtaí nó do-ghlacthacht an achomhairc ar chrosachomharc .......... 77

CAIBIDIL 7 COSTAIS AGUS CÚNAMH DLITHIÚIL IN ACHOMHAIRC 78

Airteagal 184 Costais in achomhairc .......... 78

Airteagal 185 Cúnamh dlíthiúil .......... 78

Airteagal 186 Réamhiarratas ar chúnamh dlíthiúil .......... 78

Airteagal 187 Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil .......... 79

Airteagal 188 Réamhíocaíochtaí cúnaimh dhlíthiúil .......... 79

Airteagal 189 Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar .......... 80

CAIBIDIL 8 FORÁLACHA EILE IS INFHEIDHME MAIDIR LE hACHOMHAIRC .......... 80

Airteagal 190 Forálacha eile is infheidhme maidir le hachomhairc .......... 80

Airteagal 190a Próiseáil faisnéise nó ábhair a thabharfar ar aird os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 105 dá Rialacha Nós Imeachta .......... 80

**TEIDEAL VI ATHBHREITHNIÚ AR BHREITHEANNA DE CHUID NA CÚIRTE GINEARÁLTA ........ 81**

Airteagal 191 Dlísheomra athbhreithnithe ........ 81

Airteagal 192 Breitheanna faoi réir athbhreithniú a fhógairt agus a chur ar fáil ........ 81

Airteagal 193 Athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna arna dtabhairt ar achomharc ........ 82

Airteagal 193a Easpa tograi leith athbhreithniú ........ 82

Airteagal 194 Athbhreithniú a dhéanamh ar réamhrialú ........ 82

Airteagal 195 Breithiúnas ar shubstaint an cháis i ndiaidh breith i leith athbhreithniú a dhéanamh ........ 83

**TEIDEAL VII IARRATAÍ AR THUAIRIMÍ ........ 84**

Airteagal 196 An chuid i scríbhinn den nós imeachta ........ 84

Airteagal 197 Ainmniú an Bhreithimh is Rapóirtéir agus an Abhcóide Ghinearálta ........ 84

Airteagal 198 Éisteacht ........ 84

Airteagal 199 Teorainn ama chun tuairim a thabhairt ........ 84

Airteagal 200 Tuairim a thabhairt agus a sheirbheáil ........ 85

**TEIDEAL VIII NÓSANNA IMEACHTA SPEISIALTA ........ 85**

Airteagal 201 Achomhairc i gcoinne chinntí an choiste eadrána ........ 85

Airteagal 202 An nós imeachta faoi Airteagal 103 CCEFA ........ 86

Airteagal 203 Nósanna imeachta faoi Airteagail 104 CCEFA agus 105 CCEFA ........ 86

Airteagal 204 An nós imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 111(3) de Chomhaontú LEE ........ 86

Airteagal 205 Díospóidí dá dtagraítear in Airteagal 35 CAE sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin a réiteach ........ 87

Airteagal 206 Iarrataí faoi Airteagal 269 CFAE ........ 87

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA ........ 88**

Airteagal 207 Rialacha forlíontacha ........ 88

Airteagal 208 Rialacha cur chun feidhme ........ 88

Airteagal 209 Aisghairm ........ 88

Airteagal 210 Foilsiú agus teacht i bhfeidhm na Rialacha Nós Imeachta seo ........ 88

## FORÁLACHA TOSAIGH

*Airteagal 1 Sainmhínithe*

1. Sna Rialacha seo:

(a) cuirfear forálacha den Chonradh ar an Aontas Eorpach in iúl le huimhir an airteagail chuí roimh na litreacha "CAE",

(b) cuirfear forálacha den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in iúl le huimhir an airteagail chuí roimh na litreacha "CFAE",

(c) cuirtear forálacha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach in iúl le huimhir an airteagail chuí roimh na litreacha "CCEFA",

(d) ciallaíonn "Reacht" an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

(e) ciallaíonn "Comhaontú LEE" an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1],

(f) ciallaíonn "Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle" Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa[2].

2. Chun críocha na Rialacha seo:

(a) ciallaíonn "institiúidí" Institiúidí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 13(1) CAE agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí arna mbunú sna Conarthaí, nó i ngníomh arna ghlacadh chun iad a chur chun feidhme, a fhéadfaidh a bheith ina bpáirtithe os comhair na Cúirte,

(b) ciallaíonn "Údarás Faireacháin CSTE" an t-údarás faireacháin dá dtagraítear i gComhaontú LEE,

(c) ciallaíonn "daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht" na páirtithe, na Stáit, na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí dá n-údaraítear, de bhun an Airteagail sin, pléadálacha i scríbhinn nó barúlacha a thíolacadh i dtarchur chun réamhrialú.

*Airteagal 2 Raon feidhme na Rialacha seo*

Déantar le forálacha na Rialacha seo, a mhéid is gá, forálacha cuí CAE, CFAE, CCEFA agus an Reachta a chur i bhfeidhm agus a fhorlíonadh.

---

[1] IO L 1, 3.1.1994, lch. 27

[2] IO, 17, 6.10.1958, lch. 385.

# TEIDEAL I

## EAGRÚ NA CÚIRTE

### Caibidil 1

### BREITHIÚNA AGUS ABHCÓIDÍ GINEARALTA

*Airteagal 3 Tús téarma oifige Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta*

Tosóidh téarma oifige Breithimh nó Abhcóide Ghinearálta ar an dáta atá socraithe chun na críche sin in ionstraim a cheaptha. Mura gceaptar dáta tosaithe an téarma oifige san ionstraim, tosóidh an téarma ar dháta foilsithe na hionstraime sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4 Mionn a ghlacadh*

Sula rachaidh siad i mbun a ndualgas, glacfaidh na Breithiúna nó na hAbhcóidí Ginearálta, ag an gcéad suí poiblí den Chúirt ar a bhfreastalóidh siad tar éis a gceaptha, an mionn seo a leanas dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Reacht:

"Mionnaím go gcomhlíonfaidh mé mo dhualgais go neamhchlaon coinsiasach; mionnaím go gcoimeádfaidh mé pléití na Cúirte faoi rún."

*Airteagal 5 Gealltanas sollúnta*

Láithreach tar éis an mionn a ghlacadh, síneoidh na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta dearbhú trína dtabharfaidh siad an gealltanas sollúnta dá bhforáiltear sa tríú mír d'Airteagal 4 den Reacht.

*Airteagal 6 Breitheamh nó Abhcóide Ginearálta a chur as a oifig*

1. I gcás go n-iarrtar ar an gCúirt a chinneadh, de réir Airteagal 6 den Reacht, an bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige gan bheith á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi gan bheith á bhfreastal a thuilleadh ag Breitheamh nó ag Abhcóide Ginearálta, iarrfaidh an tUachtarán ar an mBreitheamh nó ar an Abhcóide Ginearálta a bheidh i gceist uiríll a dhéanamh.

2. Tabharfaidh an Chúirt breith gan an Cláraitheoir a bheith i láthair.

*Airteagal 7 Ord tosaíochta*

1. Áireofar ord tosaíochta na mBreithiúna agus na nAbhcóidí Ginearálta i gcomhionannas lena chéile de réir an dáta a chuaigh siad i mbun a gcuid dualgas.

2. I gcás comhshinsearacht i seilbh oifige ar an mbonn sin, is de réir aoise a áireofar an t-ord tosaíochta.

3. Má athnuaitear téarmaí oifige Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta, fágfar iad san ord tosaíochta ina raibh siad.

## Caibidil 2

## UACHTARÁNACHT NA CÚIRTE, COMHDHÉANAMH NA nDLÍSHEOMRAÍ AGUS TOGHADH AN CHÉAD ABHCÓIDE GHINEARÁLTA

*Airteagal 8 Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte a thoghadh*

1. Láithreach tar éis an athraithe dá bhforáiltear in Airteagal 253(2) CFAE ar chuid de na Breithiúna, déanfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte a thoghadh as a líon féin go ceann téarma trí bliana.

2. I gcás post an Uachtaráin a bheith folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige, toghfaidh an Chúirt comharba ar feadh iarmhar an téarma.

3. Is trí rúnbhallóid a dhéanfar na toghcháin dá bhforáiltear san Airteagal seo. Má fhaigheann Breitheamh tromlach glan de vótaí Bhreithiúna na Cúirte, toghfar é. Mura bhfaighidh Breitheamh ar bith tromlach glan, cuirfear ballóidí eile ar siúl go dtí go mbainfear an tromlach sin amach.

4. Ansin, déanfaidh na Breithiúna Leas-Uachtarán na Cúirte a thoghadh as a líon féin go ceann téarma trí bliana i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa mhír roimhe seo. Beidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo má tá post Leas-Uachtarán na Cúirte folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige.

5. Déanfar ainmneacha Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte arna dtoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 9 Freagrachtaí Uachtarán na Cúirte*

1. Déanfaidh an tUachtarán ionadaíocht don Chúirt.

2. Stiúrfaidh an tUachtarán gnóthaí dlíthiúla na Cúirte. Beidh sé i gceannas ar chruinnithe ginearálta na Cúirte chomh maith le héisteachtaí agus le pléití na cúirte iomláine agus an Mhór-Dhlísheomra.

3. Áiritheoidh an tUachtarán dea-oibriú sheirbhísí na hInstitiúide.

*Airteagal 10 Freagrachtaí Leas-Uachtarán na Cúirte*

1. Beidh an Leas-Uachtarán de chúnamh ag Uachtarán na Cúirte i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus déanfaidh sé ionadaíocht ar a shon sa chás nach féidir leis an Uachtarán feidhmiú.

2. Déanfaidh sé ionadaíocht thar ceann an Uachtaráin ar iarratas uaidh, i leith na bhfeidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (3) de na Rialacha seo.

3. Sonróidh an Chúirt, trí chinneadh, na coinníollacha faoina bhféadfaidh an Leas-Uachtarán feidhmiú in ionad Uachtarán na Cúirte ina cháil bhreithiúnach. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 11 Comhdhéanamh na nDlísheomraí*

1. Bunóidh an Chúirt Dlísheomraí ina mbeidh cúigear Breithiúna agus triúr Breithiúna i gcomhréir le hAirteagal 16 den Reacht agus cinnfidh sí cé hiad na Breithiúna a ngabhfaidh leo.

2. Ainmneoidh an Chúirt na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna a bheidh freagrach, ar feadh tréimhse bliana, as na cásanna den sórt dá dtagraítear in Airteagal 107 agus in Airteagail 193 agus 194.

3. Maidir le cásanna a shannfar d'fhoirmíocht den Chúirt i gcomhréir le hAirteagal 60, ciallóidh "an Chúirt" sna Rialacha seo an fhoirmíocht sin.

4. Maidir le cásanna a shannfar do Dhlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna nó triúr Breithiúna, feidhmeoidh Uachtarán an Dlísheomra cumhachtaí Uachtarán na Cúirte.

5. Déanfar comhdhéanamh na nDlísheomraí agus ainmniú na nDlísheomraí a bheidh freagrach as cásanna den sórt dá dtagraítear in Airteagal 107 agus in Airteagail 193 agus 194 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 12 Uachtaráin na nDlísheomraí a thoghadh*

1. Déanfaidh na Breithiúna, láithreach tar éis dóibh Uachtarán na Cúirte agus Leas-Uachtarán na Cúirte a thoghadh, Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna a thoghadh go ceann téarma trí bliana.

2. Ina dhiaidh sin, toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil triúr Breithiúna go ceann téarma bliana.

3. Beidh feidhm ag na forálacha in Airteagal 8(2) agus (3).

4. Déanfar ainmneacha Uachtaráin na nDlísheomraí arna dtoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 13 I gcás nach féidir leis an Uachtarán ná leis an Leas-Uachtarán feidhmiú*

I gcás nach féidir le hUachtarán na Cúirte ná le Leas-Uachtarán na Cúirte feidhmiú, is duine d'Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna a ghlacfaidh feidhmeanna an Uachtaráin, nó, ina éagmais sin, duine d'Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil triúr Breithiúna nó, ina éagmais sin, duine de na Breithiúna eile de réir an oird tosaíochta arna leagan síos in Airteagal 7 de na Rialacha seo.

*Airteagal 14 Toghadh an Chéad Abhcóide Ghinearálta*

1. Láithreach tar éis an athraithe dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 253 CFAE ar chuid de na Breithiúna agus de na hAbhcóidí Ginearálta, déanfaidh na hAbhcóidí Ginearálta an Chéad Abhcóide Ginearálta a thoghadh as a líon féin go ceann téarma trí bliana.

2. I gcás folúntas in oifig an Chéad Abhcóide Ghinearálta roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige, cuirfear comharba ina áit ar feadh iarmhar an téarma.

3. Is trí rúnbhallóid a dhéanfar na toghcháin dá bhforáiltear san Airteagal seo. Má fhaigheann Abhcóide Ginearálta tromlach glan de vótaí Abhcóidí Ginearálta na Cúirte, toghfar é. Mura bhfaighidh Abhcóide Ginearálta ar bith tromlach glan, cuirfear ballóidí eile ar siúl go dtí go mbainfear an tromlach sin amach.

4. Déanfar ainm an Chéad Abhcóide Ghinearálta arna thoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## Caibidil 3

## CÁSANNA A SHANNADH DO BHREITHIÚNA IS RAPÓIRTÉIR AGUS D'ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA

*Airteagal 15 Ainmniú an Bhreithimh is Rapóirtéir*

1. A luaithe agus is féidir tar éis an doiciméad tionscanta imeachtaí a thaisceadh, ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Breitheamh chun feidhmiú mar Rapóirtéir sa chás.

2. I gcásanna den sórt dá dtagraítear in Airteagal 107 agus in Airteagail 193 agus 194, roghnófar an Breitheamh is Rapóirtéir as measc Breithiúna de chuid an Dlísheomra a ainmneofar de réir Airteagal 11(2), ar thogra ó Uachtarán an Dlísheomra sin. Má chinneann an Dlísheomra, de bhun Airteagal 109, nach ndéileálfar leis an tarchur faoin nós imeachta práinne, féadfaidh Uachtarán na Cúirte an cás a athshannadh do Bhreitheamh is Rapóirtéir a ghabhann le Dlísheomra eile.

3. Déanfaidh Uachtarán na Cúirte na bearta is gá mura féidir le Breitheamh is Rapóirtéir feidhmiú.

*Airteagal 16 Ainmniú an Abhcóide Ghinearálta*

1. Déanfaidh an Chéad Abhcóide Ginearálta gach cás a shannadh d'Abhcóide Ginearálta.

2. Déanfaidh an Chéad Abhcóide Ginearálta na bearta is gá mura féidir le hAbhcóide Ginearálta feidhmiú.

## Caibidil 4

## RAPÓIRTÉIRÍ CÚNTA

*Airteagal 17 Rapóirtéirí Cúnta*

1. Más é tuairim na Cúirte gur gá sin chun cásanna os a comhair a bhreithniú agus a réamhfhiosrú, déanfaidh sí togra, de bhun Airteagal 13 den Reacht, go gceapfaí Rapóirtéirí Cúnta.

2. Déanfaidh na Rapóirtéirí Cúnta na nithe seo a leanas ach go háirithe:
(a) cabhrú le hUachtarán na Cúirte i ndáil le hiarratais ar bhearta idirlinne a ghlacadh agus,
(b) cúnamh a thabhairt do na Breithiúna is Rapóirtéirí ina gcuid oibre.

3. I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, beidh na Rapóirtéirí Cúnta freagrach d'Uachtarán na Cúirte, d'Uachtarán Dlísheomra nó do Bhreitheamh is Rapóirtéir, de réir mar a bheidh.

4. Sula rachaidh sé i mbun a dhualgas, glacfaidh Rapóirtéir Cúnta, os comhair na Cúirte, an mionn atá leagtha amach in Airteagal 4 de na Rialacha seo.

## Caibidil 5

## AN CHLÁRLANN

*Airteagal 18 Ceapadh an Chláraitheora*

1. Ceapfaidh an Chúirt an Cláraitheoir.

2. I gcás post an Chláraitheora a bheith folamh, foilseofar fógra maidir leis an bhfolúntas sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Iarrfar ar dhaoine ar suim leo a n-iarratais a thaisceadh laistigh de thréimhse nach lú ná trí

seachtaine ina dtabharfar sonraí iomlána faoina náisiúntacht, faoina gcéimeanna ollscoile, faoina n-eolas ar theangacha, faoi na slite beatha a bhí agus atá acu, agus faoi aon taithí atá acu i ngnóthaí dlíthiúla agus idirnáisiúnta.

3. Reáchtálfar an vóta, vóta ina nglacfaidh na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta páirt, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 8(3) de na Rialacha seo.

4. Ceapfar an Cláraitheoir go ceann téarma sé bliana. Féadfar é a athcheapadh. Féadfaidh an Chúirt cinneadh a dhéanamh téarma oifige an Chláraitheora atá in oifig a athnuachan gan leas a bhaint as an nós imeachta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo.

5. Glacfaidh an Cláraitheoir an mionn a leagtar amach in Airteagal 4 agus síneoidh sé an dearbhú dá bhforáiltear in Airteagal 5.

6. Ní fhéadfar an Cláraitheoir a chur as oifig ach amháin más rud é nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Glacfaidh an Chúirt a breith tar éis caoi a thabhairt don Chláraitheoir uiríll a dhéanamh.

7. I gcás post an Chláraitheora a bheith folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige, ceapfaidh an Chúirt Cláraitheoir nua go ceann téarma sé bliana.

8. Déanfar ainm an Chláraitheora arna thoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### *Airteagal 19 Leas-Chláraitheoir*

Féadfaidh an Chúirt Leas-Chláraitheoir a cheapadh, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i leith an Chláraitheora, chun cabhrú leis an gCláraitheoir agus a ionad a ghabháil mura féidir leis feidhmiú.

### *Airteagal 20 Freagrachtaí an Chláraitheora*

1. Beidh an Cláraitheoir freagrach, faoi údarás Uachtarán na Cúirte, as na doiciméid uile a ghlacadh, a tharchur agus a choimeád, agus as seirbheáil a dhéanamh de réir mar a fhoráiltear sna Rialacha seo.

2. Cabhróidh an Cláraitheoir le Comhaltaí na Cúirte ina bhfeidhmeanna oifigiúla uile.

3. Beidh na séalaí faoi choimeád ag an gCláraitheoir agus beidh sé freagrach as na taifid. Beidh an Cláraitheoir freagrach as foilseacháin na Cúirte, go háirithe Tuairiscí na Cúirte Breithiúnais.

4. Stiúrfaidh an Cláraitheoir seirbhísí na Cúirte faoi údarás Uachtarán na Cúirte. Beidh sé freagrach as bainistíocht foirne agus riaracháin na Cúirte agus as an mbuiséad a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 21 An Clár a choimeád*

1. Coimeádfar sa Chlárlann, faoi fhreagracht an Chláraitheora, clár ina ndéanfar na doiciméid nós imeachta go léir maille le doiciméid agus ítimí tacaíochta a thaifeadadh san ord ina dtaiscfear iad.

2. Ar dhoiciméad a chlárú, cuirfidh an Cláraitheoir nóta dá réir sin ar an doiciméad bunaidh agus, má iarrann páirtí é, ar aon chóip a thíolacfar chuige sin.

3. Is taifid bharántúla iad na taifid sa chlár agus na nótaí dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo.

4. Fógrófar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* dáta cláraithe iarratas tionscanta na n-imeachtaí, ainmneacha na bpáirtithe nó, más iomchuí, na hinisealacha in ionad na n-ainmneacha, an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir agus achoimre ar na saincheisteanna dlí agus ar na príomhargóintí tacaíochta.

5. Sna cásanna dá dtagraítear i dTeideal III de na Rialacha seo, luafar san fhógra a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* dáta taiscthe na hiarrata ar réamhrialú, an chúirt nó an binse a rinne an tarchur, ainmneacha na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, nó, más iomchuí, na hinisealacha in ionad na n-ainmneacha agus na ceisteanna a tharchuirtear chuig an gCúirt.

*Airteagal 22 Teacht ar an gClár, ar bhreithiúnais agus ar orduithe*

1. Féadfaidh duine ar bith ar suim leis teacht ar an gclár sa Chlárlann agus cóipeanna nó sleachta a fháil ach táille a íoc de réir scála arna shocrú ag an gCúirt ar thogra ón gCláraitheoir.

2. Féadfaidh aon pháirtí i gcás cóipeanna fíordheimhnithe de dhoiciméid nós imeachta a fháil ach an táille iomchuí a íoc.

3. Féadfaidh duine ar bith cóipeanna fíordheimhnithe de bhreithiúnais agus d'orduithe a fháil freisin ach an táille iomchuí a íoc.

Caibidil 6

OIBRIÚ NA CÚIRTE

*Airteagal 23 Suíomh shuíonna na Cúirte*

Féadfaidh an Chúirt áit a roghnú, nach í an áit ina bhfuil a gnáthshuíomh, do shuí nó do shuíonna áirithe.

*Airteagal 24 Féilire obair bhreithiúnach na Cúirte*

1. Tosóidh an bhliain bhreithiúnach ar an 7 Deireadh Fómhair gach bliain féilire agus críochnóidh sí ar an 6 Deireadh Fómhair an bhliain dar gcionn.

2. Cinnfidh an Chúirt tréimhsí na saoire breithiúnaí.

3. I gcás práinne, féadfaidh an tUachtarán na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a chomóradh le linn na saoire breithiúnaí.

4. Coimeádfaidh an Chúirt laethanta saoire oifigiúla na háite ina bhfuil a suíomh.

5. Féadfaidh an Chúirt, in imthosca cuí, cead a bheith as láthair a dheonú d'aon Bhreitheamh nó d'aon Abhcóide Ginearálta.

6. Foilseofar go bliantúil dátaí na saoire breithiúnaí agus liosta na laethanta saoire oifigiúla in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 25 Cruinniú Ginearálta*

Déanfaidh an Chúirt cinntí maidir le cúrsaí riaracháin nó leis an ngníomh a bheidh le déanamh de dhroim na moltaí sa réamhthuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 59 de na Rialacha seo ag an gcruinniú ginearálta mar a mbeidh na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta go léir rannpháirteach agus vóta acu ann. Beidh an Cláraitheoir i láthair, mura gcinnfidh an Chúirt a mhalairt.

*Airteagal 26 Miontuairiscí a ullmhú*

Má shuíonn an Chúirt gan an Cláraitheoir a bheith i láthair, cuirfidh sí de chúram ar an mBreitheamh is sóisearaí chun críocha Airteagal 7 de na Rialacha seo miontuairiscí a ullmhú, más gá sin, agus síneoidh an Breitheamh sin agus an tUachtarán na miontuairiscí sin.

## Caibidil 7

## FOIRMÍOCHTAÍ NA CÚIRTE

### Cuid 1. Comhdhéanamh fhoirmíochtaí na Cúirte

*Airteagal 27 Comhdhéanamh an Mhór-Dhlísheomra*

1. I ngach cás, is iad a bheidh sa Mhór-Dhlísheomra Uachtarán na Cúirte, Leas-Uachtarán na Cúirte, triúr de na hUachtaráin ó na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna, an Breitheamh is Rapóirtéir agus an líon Breithiúna is gá chun go mbeidh cúig dhuine dhéag díobh ann. Ainmneofar na Breithiúna deireanacha sin agus na triúr Uachtarán ó na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna ón liosta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den

Airteagal seo, de réir an oird a leagtar síos inti. I ngach cás a shannfar don Mhór-Dhlísheomra, tosófar gach ceann de na liostaí sin le hainm an Bhreithimh a leanann go díreach an Breitheamh is déanaí arna ainmniú ón liosta i gceist le haghaidh an cháis dheireanaigh a sannadh don fhoirmíocht sin den Chúirt.

2. Tar éis Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte a thoghadh, agus ina dhiaidh sin, na hUachtaráin ó na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna, bunófar liosta de na hUachtaráin ó na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus liosta de na Breithiúna eile chun comhdhéanamh an Mhór-Dhlísheomra a shocrú.

3. Leanfaidh an liosta de na hUachtaráin ó na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna an t-ord a leagtar síos in Airteagal 7 de na Rialacha seo.

4. Leanfaidh an liosta de na Breithiúna eile an t-ord a leagtar síos in Airteagal 7 de na Rialacha seo de réir uainíochta leis an ord droim ar ais: beidh an chéad Bhreitheamh ar an liosta sin ar an gcéad duine san ord a leagtar síos san Airteagal sin, beidh an dara Breitheamh ar an duine deireanach san ord sin, beidh an tríú Breitheamh ar an dara duine san ord sin, beidh an ceathrú Breitheamh ar an duine leathdhéanach san ord sin, agus mar sin de.

5. Foilseofar na liostaí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. Maidir le cásanna a shannfar don Mhór-Dhlísheomra idir tosach na bliana féilire a ndéantar na Breithiúna a athnuachan go páirteach agus an tráth a tharlaíonn an athnuachan sin, féadfar beirt Bhreithiúna ionaid a ainmniú le foirmíocht na cúirte a chomhlánú fad atá amhras ann i dtaobh an chóraim dá dtagraítear sa tríú mír d’Airteagal 17 den Reacht. Is iad na Breithiúna sin an bheirt Bhreithiúna atá sa liosta dá dtagraítear i mír 4, díreach tar éis an Bhreithimh is déanaí a ainmníodh le haghaidh chomhdhéanamh an Mhór-Dhlísheomra sa chás.

7. Glacfaidh na Breithiúna ionaid, in ord an liosta dá dtagraítear i mír 4, ionad na mBreithiúna sin nach féidir leo páirt a ghlacadh sa bhreith ar an gcás.

### *Airteagal 28 Comhdhéanamh na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus triúr Breithiúna*

1. Maidir leis na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus triúr Breithiúna, is iad a bheidh iontu, i ngach cás, Uachtarán an Dlísheomra, an Breitheamh is Rapóirtéir, agus an líon Breithiúna is gá chun go mbeidh cúigear Breithiúna nó triúr Breithiúna iontu faoi seach. Maidir leis na Breithiúna deireanacha sin, ainmneofar iad ó na liostaí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, de réir an oird a leagtar síos iontu. I ngach cás a shannfar do Dhlísheomra, tosófar sna liostaí sin le hainm an Bhreithimh a leanann go

díreach an Breitheamh is déanaí arna ainmniú ón liosta le haghaidh an cháis a shannadh roimhe sin don Dlísheomra i dtrácht.

2. Maidir le comhdhéanamh na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna, tar éis Uachtaráin na nDlísheomraí sin a thoghadh, bunófar liostaí ar a mbeidh na Breithiúna uile a bhainfidh leis an Dlísheomra i dtrácht, seachas Uachtarán an Dlísheomra sin. Bunófar na liostaí seo ar an dóigh chéanna leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 27(4).

3. Maidir le comhdhéanamh na nDlísheomraí ina bhfuil triúr Breithiúna, tar éis Uachtaráin na nDlísheomraí sin a thoghadh, bunófar liostaí ar a mbeidh na Breithiúna uile a bhainfidh leis an Dlísheomra i dtrácht, seachas Uachtarán an Dlísheomra sin. Bunófar na liostaí sin de réir an oird a leagtar síos in Airteagal 7.

4. Foilseofar na liostaí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### *Airteagal 29 Comhdhéanamh na nDlísheomraí i gcásanna gaolmhara nó i gcásanna tarchurtha ar ais*

1. Má mheasann an Chúirt nach foláir an fhoirmíocht cheannann chéanna a bheith ar an gCúirt chun roinnt cásanna a éisteacht agus breith a thabhairt ina dtaobh, is é an comhdhéanamh a socraíodh don chás ina scrúdaíodh an réamhthuarascáil i dtosach báire a dhéanfaidh na cásanna a éisteacht agus a thabharfaidh breith ina dtaobh.

2. I gcás go n-iarrann Dlísheomra dár sannadh cás ar an gCúirt an cás sin a athshannadh d'fhoirmíocht ina mbeidh líon níos mó Breithiúna, de bhun Airteagal 60(3) de na Rialacha seo, áireofar san fhoirmíocht sin comhaltaí ón Dlísheomra a tharchuir an cás ar ais.

### *Airteagal 30 I gcás nach féidir le hUachtarán Dlísheomra feidhmiú*

1. I gcás nach féidir le hUachtarán Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna feidhmiú, déanfaidh Uachtarán Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna feidhmeanna Uachtarán an Dlísheomra a fheidhmiú, de réir an oird a leagtar síos in Airteagal 7 de na Rialacha seo, nó, mura mbeidh Uachtarán Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna san fhoirmíocht sin, déanfaidh duine de na Breithiúna eile, de réir an oird a leagtar síos in Airteagal 7, na feidhmeanna sin a fheidhmiú.

2. I gcás nach féidir le hUachtarán Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna feidhmiú, déanfaidh Breitheamh de chuid na foirmíochta sin feidhmeanna Uachtarán an Dlísheomra a fheidhmiú, de réir an oird a leagtar síos in Airteagal 7.

### *Airteagal 31 I gcás nach féidir le comhalta de chuid fhoirmíocht na Cúirte feidhmiú*

1. I gcás nach féidir le comhalta de chuid an Mhór-Dhlísheomra feidhmiú, glacfaidh Breitheamh eile a ionad i gcomhréir leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 27(4).

2. I gcás nach féidir le comhalta de chuid Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna feidhmiú, glacfaidh Breitheamh eile de chuid an Dlísheomra sin a ionad i gcomhréir leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(2). I gcás nach bhféadfar Breitheamh de chuid an Dlísheomra chéanna a ainmniú in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú, cuirfidh Uachtarán an Dlísheomra é sin in iúl d'Uachtarán na Cúirte agus féadfaidh an tUachtarán Breitheamh eile a ainmniú chun an Dlísheomra a chomhlánú.

3. I gcás nach féidir le comhalta de chuid Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna feidhmiú, glacfaidh Breitheamh eile de chuid an Dlísheomra sin a ionad i gcomhréir leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(3). I gcás nach bhféadfar Breitheamh de chuid an Dlísheomra chéanna a ainmniú in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú, cuirfidh Uachtarán an Dlísheomra é sin in iúl d'Uachtarán na Cúirte agus féadfaidh an tUachtarán Breitheamh eile a ainmniú chun an Dlísheomra a chomhlánú.

## Cuid 2. Pléití

### *Airteagal 32 Nósanna imeachta maidir le pléití*

1. Beidh pléití na Cúirte ina rún agus fanfaidh siad amhlaidh.

2. I ndiaidh éisteachta, is iad na Breithiúna a ghlac páirt san éisteacht, agus iad sin amháin, agus i gcás inarb iomchuí, an Rapóirtéir Cúnta a bheidh freagrach as breithniú an cháis, a ghlacfaidh páirt sna pléití.

3. Gach Breitheamh a ghlacfaidh páirt sna pléití, tabharfaidh sé a thuairim agus na fáthanna atá léi.

4. Cinnfear breith na Cúirte de réir na gconclúidí ar a dtiocfaidh tromlach na mBreithiúna tar éis an díospóireacht deiridh a chríochnú.

### *Airteagal 33 Líon na mBreithiúna a ghlacfaidh páirt sna pléití*

Más rud é toisc nach féidir le Breitheamh feidhmiú, gur ré-uimhir Breithiúna atá ann, staonfaidh an Breitheamh is sóisearaí de réir bhrí Airteagal 7 de na Rialacha seo ó pháirt a ghlacadh sna pléití, ach amháin más eisean an Breitheamh is Rapóirtéir. Sa chás sin, is é an Breitheamh go díreach is sinsearaí ná é a staonfaidh ó pháirt a ghlacadh sna pléití.

### *Airteagal 34 Córam an Mhór-Dhlísheomra*

1. Mura féidir an córam dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 17 den Reacht a bhaint amach i gcás a tharchuirtear chuig an Mór-Dhlísheomra,

ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Breitheamh amháin nó níos mó de réir an oird tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 27(4) de na Rialacha seo.

2. I gcás go raibh éisteacht ann roimh an ainmniú sin, déanfaidh an Chúirt pléadálacha ó bhéal ó na páirtithe agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a athéisteacht.

*Airteagal 35 Córam na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus triúr Breithiúna*

1. Mura féidir an córam dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 17 den Reacht a bhaint amach i gcás a tharchuirtear chuig Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna nó chuig Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna, ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Breitheamh amháin nó níos mó de réir an oird tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 28(2) nó in Airteagal 28(3) de na Rialacha seo faoi seach. I gcás nach bhféadfar Breitheamh de chuid an Dlísheomra chéanna a ainmniú in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú, cuirfidh Uachtarán an Dlísheomra é sin in iúl láithreach d'Uachtarán na Cúirte agus ainmneoidh an tUachtarán Breitheamh eile chun an Dlísheomra a chomhlánú.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 34(2) maidir le Dlísheomraí ina bhfuil cúigear agus triúr Breithiúna.

## Caibidil 8

## TEANGACHA

*Airteagal 36 Teanga an cháis*

Is iad seo a leanas na teangacha a úsáidfear sna himeachtaí: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

*Airteagal 37 Teanga an cháis a chinneadh*

1. I gcás caingne díreacha, roghnóidh an t-iarratasóir teanga an cháis, ach amháin:

(a) más Ballstát é an cosantóir, is í teanga oifigiúil an Stáit sin teanga an cháis; má tá níos mó ná teanga oifigiúil amháin ag an Stát sin, féadfaidh an t-iarratasóir rogha a dhéanamh idir na teangacha sin;

(b) ar iarratas ó na páirtithe i gcomhar lena chéile, féadfar a údarú go n-úsáidfear ceann eile de na teangacha a luaitear in Airteagal 36 sna himeachtaí uile nó i gcuid díobh;

(c) ar iarratas ó cheann de na páirtithe, agus tar éis an páirtí freasúra agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, féadfar a údarú, trí mhaolú ar fhomhíreanna (a) agus (b), go n-úsáidfear ceann eile de na teangacha a luaitear in Airteagal 36 mar theanga an cháis sna himeachtaí uile nó i gcuid díobh; ní fhéadfaidh institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh iarratas den sórt sin a dhéanamh.

2. Gan dochar d'fhorálacha mhír 1(b) agus (c) agus d'Airteagal 38(4) agus (5) de na Rialacha seo,

(a) in achomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta dá dtagraítear in Airteagail 56 agus 57 den Reacht, is í teanga na breithe de chuid na Cúirte Ginearálta a ndéantar an t-achomharc ina coinne teanga an cháis;

(b) i gcás go gcinnfidh an Chúirt go ndéanfaidh sí breith de chuid na Cúirte Ginearálta a athbhreithniú, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 62 den Reacht, is í teanga na breithe de chuid na Cúirte Ginearálta a bheidh á hathbhreithniú teanga an cháis;

(c) ní mór díospóidí i dtaobh na gcostas is inghnóthaithe, agóidí i gcoinne breithiúnais mhainneachtana, imeachtaí tríú páirtí, iarratais ar léiriú nó ar athbhreithniú ar bhreithiúnas nó iarratais ar an gCúirt maidir le mainneachtain cás a chur de láimh a thionscnamh i dteanga na breithe lena mbaineann siad.

3. In imeachtaí réamhrialaithe, is í teanga na cúirte nó teanga an bhinse a rinne an tarchur chun na Cúirte teanga an cháis. Ar iarratas cuí-réasúnaithe ó pháirtí sna príomhimeachtaí, tar éis an páirtí freasúra sna príomhimeachtaí agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, féadfar a údarú go n-úsáidfear ceann eile de na teangacha a luaitear in Airteagal 36 maidir leis an nós imeachta ó bhéal. I gcás go ndeonófar é, beidh feidhm ag an údarú sin i leith na ndaoine leasmhara uile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

4. Is é an tUachtarán a dhéanfaidh cinneadh ar na hiarratais thuasluaite; féadfaidh an tUachtarán an t-iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte, agus sa chás inar mian leis glacadh leis an iarratas gan comhaontú na bpáirtithe uile, ní foláir dó an iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte.

### *Airteagal 38 Teanga an cháis a úsáid*

1. Is í teanga an cháis a úsáidfear go háirithe sna pléadálacha i scríbhinn agus ó bhéal ó na páirtithe, lena n-áirítear na hítimí agus na doiciméid a thabharfar ar aird nó a bheidh i gceangal leo, agus fairis sin i miontuairiscí agus i mbreitheanna na Cúirte.

2. Aon ítim nó doiciméad a thabharfar ar aird nó a bheidh i gceangal agus é i dteanga eile, ní foláir aistriúchán i dteanga an cháis a bheith ag gabháil leis.

3. I gcás ítimí móra nó doiciméid an-fhada, áfach, féadfar aistriúchán ar shleachta astu a chur ar fáil. Féadfaidh an Chúirt, áfach, uaithi féin nó ar iarratas ó pháirtí, aistriúchán níos fairsinge nó aistriúchán iomlán a éileamh tráth ar bith.

4. D'ainneoin a bhfuil roimhe seo, beidh Ballstát i dteideal a theanga oifigiúil a úsáid agus é ag glacadh páirt in imeachtaí réamhrialaithe, nuair a bheidh sé ag idiragairt i gcás nó in imeachtaí os comhair na Cúirte nó ag cur aon iarraidh, iarratas, caingean nó achomharc faoina bráid. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.

5. Údaraítear do Stáit ar páirtithe i gComhaontú LEE iad, seachas Stáit ar Ballstáit iad, agus d'Údarás Faireacháin CSTE ceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 36 a úsáid, de rogha ar theanga an cháis, nuair a bheidh siad ag glacadh páirt in imeachtaí réamhrialaithe, nuair a bheidh siad ag idiragairt i gcás nó in imeachtaí os comhair na Cúirte nó ag cur aon iarraidh, iarratas nó achomharc faoina bráid. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.

6. Údaraítear do Stáit nach Ballstáit iad atá rannpháirteach in imeachtaí réamhrialaithe, i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 23 den Reacht, ceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 36, a úsáid de rogha ar theanga an cháis. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.

7. Má dhearbhaíonn finné nó saineolaí nach féidir leis é féin a chur in iúl go leormhaith i gceann de na teangacha a luaitear in Airteagal 36, féadfaidh an Chúirt a údarú dó a fhianaise a thabhairt i dteanga eile. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis.

8. Féadfaidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte agus Uachtaráin na nDlísheomraí le linn dóibh imeachtaí ó bhéal a stiúradh, Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta agus iad ag cur ceisteanna, agus Abhcóidí Ginearálta le linn dóibh a dtuairimí a thabhairt, feidhm a bhaint as ceann de na teangacha eile a luaitear in Airteagal 36, nach teanga an cháis í. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis.

### *Airteagal 39 Freagrachtaí an Chláraitheora maidir le socrúcháin teanga*

1. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéanfar aon doiciméad nós imeachta a thaiscfear le linn na n-imeachtaí i scríbhinn a aistriú go teanga an cháis agus, más iomchuí, go ceann eile de na teangacha atá luaite in Airteagal 36.

2. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige freisin go ndéanfar ateangaireacht ar gach rud a déarfar le linn éisteachta go teanga an cháis agus sna teangacha eile atá luaite in Airteagal 36 a bheidh in úsáid ag na páirtithe a bheidh i láthair ag an éisteacht nó a mheasfar a bheith riachtanach i gcomhair riar éifeachtach na héisteachta.

*Airteagal 40 Socruithe teanga fhoilseacháin na Cúirte*

Eiseofar foilseacháin na Cúirte sna teangacha a luaitear in Airteagal 1 de Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle.

*Airteagal 41 Téacsanna barántúla*

Na téacsanna a ullmhófar i dteanga an cháis nó, más infheidhme, i dteanga eile arna húdarú de bhun Airteagail 37 nó 38 de na Rialacha seo, beidh siad ina dtéacsanna barántúla.

*Airteagal 42 Seirbhís teanga na Cúirte*

Bunóidh an Chúirt seirbhís aistriúcháin le foireann de shaineolaithe a bhfuil acu oiliúint leormhaith sa dlí agus eolas fairsing ar mhórán de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

## TEIDEAL II

## FORÁLACHA NÓS IMEACHTA COITEANNA

### Caibidil 1

### CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ GNÍOMHAIRÍ, COMHAIRLEOIRÍ AGUS DLÍODÓIRÍ

*Airteagal 43 Pribhléidí, díolúintí agus saoráidí*

1. Beidh díolúine ag gníomhairí mar aon le comhairleoirí agus le dlíodóirí a láithreoidh os comhair na Cúirte nó os comhair aon údarás breithiúnach a bhfuil litreacha rogáide dírithe ag an gCúirt chucu, i leith focail a deir siad nó a scríobhann siad i dtaobh an cháis nó na bpáirtithe.

2. Ina theannta sin, beidh na pribhléidí agus na saoráidí seo a leanas ag gníomhairí, ag comhairleoirí agus ag dlíodóirí:

(a) beidh gach páipéar agus doiciméad maidir leis na himeachtaí díolmhaithe ó chuardach agus ó urghabháil. I gcás díospóide, féadfaidh na hoifigigh chustaim nó na póilíní na páipéir agus na doiciméid sin a shéalú, agus ansin cuirfear ar aghaidh iad láithreach chuig an gCúirt lena n-iniúchadh i láthair an Chláraitheora agus an duine lena mbaineann;

(b) beidh gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí i dteideal taisteal gan bhac i gcúrsa a ndualgas.

*Airteagal 44 Stádas ionadaithe na bpáirtithe*

1. Chun tairbhe a bhaint as na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí a shonraítear in Airteagal 43, ní foláir do dhaoine a bhfuil ina dteideal a stádas a chruthú mar a leanas:

(a) tabharfaidh gníomhairí ar aird doiciméad oifigiúil arna eisiúint ag an bpáirtí darb ionadaithe iad; agus cuirfidh siad cóip den doiciméad sin ar aghaidh láithreach chuig an gCláraitheoir;

(b) tabharfaidh dlíodóirí ar aird deimhniú ag léiriú go bhfuil siad údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stáit eile is páirtí sa Chomhaontú LEE, agus, nuair is duine dlítheanach a rialaítear le dlí príobháideach é an páirtí darb ionadaithe iad, tabharfaidh siad ar aird údarás chun gníomhú arna eisiúint ag an duine sin;

(c) tabharfaidh comhairleoirí ar aird údarás chun gníomhú arna eisiúint ag an bpáirtí a bhfuil siad ag tabhairt cúnamh dó.

2. Eiseoidh an Cláraitheoir deimhniú dóibh más gá. Ní bheidh an deimhniú sin bailí ach go ceann tréimhse shonraithe, a fhéadfar a fhadú nó a ghiorrú i gcomhréir le ré na n-imeachtaí.

*Airteagal 45 Díolúine a tharscaoileadh*

1. Is ar mhaithe le stiúradh cuí na n-imeachtaí, agus chuige sin amháin, a dheonaítear na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí a shonraítear in Airteagal 43 de na Rialacha seo.

2. Féadfaidh an Chúirt an díolúine a tharscaoileadh in aon chás ina measfaidh sí nach bac ar stiúradh cuí na n-imeachtaí é.

*Airteagal 46 Eisiamh ó na himeachtaí*

1. Má mheasann an Chúirt nach bhfuil iompar gníomhaire, comhairleora nó dlíodóra os comhair na Cúirte de réir dhínit na Cúirte nó na gceanglas i leith riaradh cuí an cheartais, nó má mheasann sí go bhfuil an gníomhaire, an comhairleoir nó an dlíodóir ag úsáid na gceart atá aige de bharr a oifige chun críocha nach chucu sin a deonaíodh iad, cuirfidh an Chúirt an duine lena mbaineann ar an eolas. Má dhéanann an Chúirt na húdaráis inniúla ar dóibh atá an duine lena mbaineann freagrach a chur ar an eolas, cuirfear cóip den litir a seoladh chuig na húdaráis sin chuig an duine lena mbaineann.

2. Ar na forais chéanna, féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith tar éis di an duine lena mbaineann agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cinneadh a dhéanamh gníomhaire, comhairleoir nó dlíodóir a eisiamh le hordú réasúnaithe ó na himeachtaí. Beidh éifeacht láithreach leis an ordú sin.

3. I gcás go n-eisiafar gníomhaire, comhairleoir nó dlíodóir ó na himeachtaí, fionrófar na himeachtaí go ceann tréimhse a shocróidh an tUachtarán,

d'fhonn caoi a thabhairt don pháirtí lena mbaineann gníomhaire, comhairleoir nó dlíodóir eile a cheapadh.

4. Féadfar aon bhreith a ghlacfar faoin Airteagal seo a chealú.

*Airteagal 47 Léachtóirí ollscoile agus páirtithe sna príomhimeachtaí*

1. Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le léachtóirí ollscoile a bhfuil ceart acu éisteacht a fháil os comhair na Cúirte de réir Airteagal 19 den Reacht.

2. I gcomhthéacs tarchuir chun réamhrialú, beidh feidhm freisin ag forálacha na Caibidle seo maidir leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme, go gceadaítear do pháirtithe imeachtaí cúirte a thionscnamh nó a chosaint gan ionadaíocht ó dhlíodóir, agus maidir leis na daoine a bheidh údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh orthu faoi na rialacha sin.

## Caibidil 2

## SEIRBHEÁIL

*Airteagal 48 Modhanna seirbheála*

1. I gcás go gceanglaítear leis an Reacht nó leis na Rialacha seo doiciméad a sheirbheáil ar dhuine, féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéanfar an tseirbheáil trí mheán leictreonach nó trí chóip den doiciméad atá le seirbheáil a chur chuige tríd an bpost cláraithe, maille le foirm admhála, nó tríd an gcóip a sheachadadh go pearsanta agus admháil a fháil ina leith.

2. Cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais, trí chinneadh, na coinníollacha ina bhféadfar doiciméad nós imeachta a sheirbheáil trí mheán leictreonach. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

3. I gcás go dtugann an seolaí a thoiliú go ndéanfar doiciméid nós imeachta a sheirbheáil air trí mheán leictreonach, sna coinníollacha arna gcinneadh ag an gCúirt Bhreithiúnais, déanfar gach doiciméad nós imeachta, lena n-áirítear breithiúnais agus orduithe na Cúirte Breithiúnais, a sheirbheáil tríd an meán sin. Ina mhalairt de chás, déanfar seirbheálacha ag seoladh an duine le haghaidh seirbheála nó, murar luaigh an seolaí seoladh le haghaidh seirbheála, ag a sheoladh trí chóip den doiciméad atá le seirbheáil a sheoladh tríd an bpost cláraithe, maille le foirm admhála, nó tríd an gcóip sin a sheachadadh go pearsanta agus admháil a fháil ina leith. Ullmhóidh agus deimhneoidh an Cláraitheoir na cóipeanna de dhoiciméid a bheidh le seirbheáil.

4. Mura féidir, ar chúiseanna teicniúla nó toisc chineál nó fhad an doiciméid, doiciméad nós imeachta a sheoladh trí mheán leictreonach, déanfar an doiciméad a sheirbheáil ag seoladh le haghaidh seirbheála an tseolaí nó, murar luaigh an seolaí seoladh le haghaidh seirbheála, ag a

sheoladh i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo. Cuirfear an seolaí ar an eolas faoi sin trí aon mheán teicniúil nó leictreonach eile cumarsáide atá ag an gCúirt agus ag an seolaí. Measfar go mbeidh an tseirbheáil déanta ar an seolaí trí phost cláraithe ar an deichiú lá i ndiaidh an litir chláraithe a thaisceadh ag an bpostoifig san áit a bhfuil a suíomh ag an gCúirt, mura dtaispeánfar trí fhoirm admhála go bhfuarthas an litir ar dháta eile nó mura gcuirfidh an seolaí in iúl don Chláraitheoir, laistigh de thrí seachtaine tar éis é a chur ar an eolas mar a luaitear thuas, nach bhfuil an doiciméad atá le seirbheáil air faighte aige.

## Caibidil 3

## TEORAINNEACHA AMA

### *Airteagal 49 Teorainneacha ama a ríomh*

1. Ríomhfar aon teorainn ama a fhorordaítear leis na Conarthaí, leis an Reacht nó leis na Rialacha seo i leith aon bheart nós imeachta mar seo a leanas:

(a) i gcás go bhfuil teorainn ama a shonraítear i laethanta, i seachtainí, i míonna nó i mblianta á comhaireamh ón uair a tharlaíonn teagmhas nó a dhéantar beart, ní dhéanfar an lá ar lena linn a tharlaíonn an teagmhas sin nó a dhéantar an beart sin a chomhaireamh sa teorann ama i dtrácht;

(b) críochnóidh teorainn ama a shonraítear i seachtainí, i míonna nó i mblianta ar dhul in éag do cibé lá sa tseachtain deiridh, sa mhí dheiridh nó sa bhliain deiridh arb é an lá céanna sa tseachtain é nó a thiteann ar an dáta céanna leis an lá ar lena linn a tharlaíonn an teagmhas nó a dhéantar an beart óna bhfuil an teorainn ama á comhaireamh. Más rud é, i dteorainn ama a shonraítear i míonna nó i mblianta, nach dtiteann an lá ar cheart di dul in éag sa mhí dheiridh, críochnóidh an teorainn ama ar dhul in éag don lá deiridh den mhí sin;

(c) i gcás go ndéantar teorainn ama a shonrú i míonna agus i laethanta, déanfar í a ríomh a chéaduair i míonna iomlána agus dá éis sin i laethanta;

(d) beidh an Satharn, an Domhnach agus na laethanta saoire oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 24(6) de na Rialacha seo ar áireamh sna teorainneacha ama;

(e) ní chuirfear teorainneacha ama ar fionraí i gcaitheamh na saoire breithiúnaí.

2. Más ar an Satharn, ar an Domhnach nó ar lá saoire oifigiúil a chríochnódh an tréimhse, fadófar í go dtí deireadh an chéad lá oibre ina dhiaidh sin.

*Airteagal 50 Imeachtaí in aghaidh beart arna ghlacadh ag institiúid*

I gcás ina rithfidh an teorainn ama a cheadaítear chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne beart a ghlac institiúid ón uair a foilsíodh an beart, ríomhfar an tréimhse, chun críocha Airteagal 49(1)(a), ó dheireadh an 14ú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 51 Teorainneacha ama a fhadú mar gheall ar fhad slí*

Déanfar na teorainneacha ama forordaithe a fhadú mar gheall ar fhad slí ó láthair tréimhse aonair deich lá.

*Airteagal 52 Teorainneacha ama a shocrú agus síneadh a chur leo*

1. Féadfar aon tréimhse a fhorordóidh an Chúirt de bhun na Rialacha seo a fhadú.

2. Féadfaidh an tUachtarán agus Uachtaráin na nDlísheomraí an chumhacht chun sínithe a tharmligean chun an Chláraitheora chun teorainneacha ama a shocrú nach mór dóibh a fhorordú de bhun na Rialacha seo, nó na teorainneacha ama sin a fhadú.

Caibidil 4

NÓSANNA IMEACHTA ÉAGSÚLA CHUN DÉILEÁIL LE CÁSANNA

*Airteagal 53 Nósanna imeachta chun déileáil le cásanna*

1. Gan dochar do na forálacha speisialta atá leagtha síos sa Reacht nó sna Rialacha seo, beidh cuid den nós imeachta os comhair na Cúirte i scríbhinn agus cuid de ó bhéal.

2. I gcás gur léir nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt cás a thriail agus a chinneadh nó gur léir go bhfuil iarraidh nó iarratas do-ghlactha go follasach, féadfaidh an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt trí ordú réasúnaithe aon tráth gan aon chéim eile a thabhairt sna himeachtaí.

3. Féadfaidh an tUachtarán in imthosca speisialta a chinneadh go ndéileálfar le cás áirithe i dtosach ar chásanna eile.

4. Féadfar déileáil le cás faoi nós imeachta brostaithe de réir mar a fhoráiltear sna Rialacha seo.

5. Féadfar déileáil le tarchur chun réamhrialú faoi nós imeachta práinne de réir mar a fhoráiltear sna Rialacha seo.

*Airteagal 54 Uamadh*

1. Féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith, dhá chás nó níos mó a bhaineann leis an ábhar céanna a uamadh de bharr an cheangail eatarthu chun críocha an nós imeachta i scríbhinn nó ó bhéal nó chun críocha an bhreithiúnais chríochnaithigh.

2. Déanfaidh Uachtarán na Cúirte cinneadh ar chóir cásanna a uamadh tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht má tá na cásanna sannta cheana féin agus, seachas i gcás tarchuir chun réamhrialú, tar éis dó na páirtithe a éisteacht freisin. Féadfaidh an tUachtarán an cinneadh sin a tharchur chuig an gCúirt.

3. Féadfar cásanna uamtha a dheighilt i gcomhréir le forálacha mhír 2.

*Airteagal 55 Bac ar imeachtaí*

1. Féadfar bac a chur ar na himeachtaí:

(a) sna himthosca a shonraítear sa tríú mír d'Airteagal 54 den Reacht, ar ordú ón gCúirt, a dhéanfar tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht;

(b) i ngach cás eile, trí bhreith ón Uachtarán tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta agus, seachas i gcás tarchuir chun réamhrialú, na páirtithe a éisteacht.

2. Féadfar na himeachtaí a atosú trí ordú nó trí bhreith de réir an nós imeachta céanna.

3. Déanfar na horduithe nó na breitheanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a sheirbheáil ar na páirtithe nó ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

4. Tiocfaidh éifeacht le bac ar imeachtaí ar an dáta a luaitear san ordú nó sa bhreith bhaic nó, ceal lua dá shamhail, ar dháta an ordaithe nó na breithe sin.

5. Fad a bheidh bac ar imeachtaí, stopfaidh rith ama do na páirtithe nó do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht chun críocha na dtréimhsí nós imeachta a fhorordófar.

6. I gcás nach socraíonn an t-ordú baic nó an bhreith bhaic fad an bhaic, críochnóidh sé ar an dáta a luaitear san ordú atosaithe nó sa bhreith atosaithe nó, ceal lua dá shamhail, ar dháta an ordaithe atosaithe nó na breithe atosaithe.

7. Ó dháta atosaithe imeachtaí i ndiaidh baic, cuirfear tréimhsí nós imeachta nua in ionad na dtréimhsí nós imeachta a cuireadh ar fionraí agus tosóidh an t-am ag rith as an nua ó dháta an atosaithe.

*Airteagal 56 Cinneadh an cháis a chur siar*

Féadfaidh an tUachtarán in imthosca speisialta, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir, an tAbhcóide Ginearálta agus na páirtithe a éisteacht, uaidh féin

nó ar iarratas ó cheann de na páirtithe, cás a chur siar chun go ndéileálfar leis ar dháta níos déanaí.

## Caibidil 5

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

### *Airteagal 57 Doiciméid nós imeachta a thaisceadh*

1. Ní foláir síniú lámhscríofa ghníomhaire an pháirtí nó dhlíodóir an pháirtí a bheith ar leagan bunaidh gach doiciméid nós imeachta nó, i gcás barúlacha a thíolacfar i gcomhthéacs nós imeachta um réamhrialú, ní foláir síniú lámhscríofa an pháirtí sna príomhimeachtaí nó a ionadaithe a bheith ar leagan bunaidh gach doiciméid nós imeachta, má cheadaíonn na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí sin.

2. Dlífidh na hinstitiúidí, fairis sin, aistriúcháin ar aon doiciméad nós imeachta a thabhairt ar aird laistigh de na teorainneacha ama a leagfaidh an Chúirt síos, sna teangacha eile dá bhforáiltear le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle.

3. Cuirfear i gceangal le gach doiciméad nós imeachta comhad ina mbeidh na hítimí agus na doiciméid a bhfuiltear ag brath orthu mar thacaíocht leis, mar aon le sceideal ina dtugtar liosta de na hítimí agus na doiciméid sin.

4. Más rud é, mar gheall ar an bhfad atá le hítim nó doiciméad, nach gcuirfear i gceangal leis an doiciméad nós imeachta ach sleachta as an ítim nó doiciméad, dlífear an ítim nó an doiciméad iomlán nó cóip den chéanna a thaisceadh sa Chlárlann.

5. Déanfar na doiciméid nós imeachta uile a dhátú. Maidir leis na teorainneacha ama nós imeachta a ríomh, ní chuirfear san áireamh ach dáta taiscthe an doiciméid bunaidh sa Chlárlann.

6. Gan dochar d'fhorálacha mhíreanna 1 go 5, an dáta agus an uair a gheobhaidh an Chlárlann cóip den leagan bunaidh sínithe de dhoiciméad nós imeachta, lena n-áirítear sceideal na n-ítimí agus na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 3 trí mheán teicniúil nó leictreonach cumarsáide atá ag an gCúirt, measfar gurb iad sin dáta agus uair an taiscthe chun na teorainneacha ama nós imeachta a chomhlíonadh, ar choinníoll go ndéanfar an leagan bunaidh sínithe den doiciméad nós imeachta lena ngabhfaidh na hiarscríbhinní a thaisceadh sa Chlárlann tráth nach déanaí ná deich lá ina dhiaidh sin. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 51 de na Rialacha seo maidir leis an teorainn ama sin.

7. Gan dochar d'fhorálacha mhíreanna 2 go 5, déanfaidh an Chúirt, trí chinneadh, na coinníollacha faoina measfar gur leagan bunaidh den doiciméad nós imeachta é an doiciméad nós imeachta a sheolfar go leictreonach chuig an gClárlann. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 58 Fad doiciméid nós imeachta*

Gan dochar d'aon fhorálacha speisialta a leagtar síos sna Rialacha seo, féadfaidh an Chúirt, trí chinneadh, an t-uasfhad de phléadálacha i scríbhinn nó d'aighneachtaí i scríbhinn a thaiscfear a shannadh. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Caibidil 6

AN RÉAMHTHUARASCÁIL AGUS CÁSANNA A SHANNADH D'FHOIRMÍOCHTAÍ NA CÚIRTE

*Airteagal 59 Réamhthuarascáil*

1. Tráth chlabhsúr an nós imeachta i scríbhinn, socróidh an tUachtarán dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir a réamhthuarascáil faoi bhráid chruinniú ginearálta na Cúirte.

2. Beidh sa réamhthuarascáil tograí ar chóir bearta eagrúcháin nós imeachta a dhéanamh, bearta fiosrúcháin a dhéanamh nó, i gcás inarb iomchuí, iarrataí a chur ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur lena soiléiriú agus moltaí faoin bhfoirmíocht ar chóir an cás a shannadh di. Beidh sa tuarascáil freisin na tograí, más ann, ón mBreitheamh is Rapóirtéir maidir le héisteacht a ligean thar ceal agus maidir le Tuairim ón Abhcóide Ginearálta a ligean thar ceal de bhun an chúigiú mír d'Airteagal 20 den Reacht.

3. Tabharfaidh an Chúirt breith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cad a dhéanfar faoi thograí an Bhreithimh is Rapóirtéir.

*Airteagal 60 Cásanna a shannadh d'fhoirmíochtaí na Cúirte*

1. Déanfaidh an Chúirt aon chás a thabharfar os a comhair a shannadh do na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus triúr Breithiúna a mhéid nach dtabharfaidh deacracht nó tábhacht an cháis nó imthosca áirithe gur gá é a shannadh don Mhór-Dhlísheomra, mura ndéanfaidh Ballstát nó institiúid de chuid an Aontais is páirtí sna himeachtaí iarraidh go sannfar an cás don Mhór-Dhlísheomra de bhun an triú mír d'Airteagal 16 den Reacht.

2. Suífidh an Chúirt mar Chúirt iomlán i gcás ina dtabharfar cásanna os a comhair de bhun na bhforálacha dá dtagraítear sa cheathrú mír d'Airteagal 16 den Reacht. Féadfaidh sí cás a shannadh don Chúirt iomlán i gcás ina measfaidh sí, i gcomhréir leis an gcúigiú mír d'Airteagal 16 den Reacht, go bhfuil mórthábhacht ag baint leis an gcás.

3. Féadfaidh an fhoirmíocht a mbeidh cás sannta di a iarraidh ar an gCúirt, tráth ar bith, an cás a shannadh chuig foirmíocht ina mbeidh líon níos mó Breithiúna.

4. I gcás ina n-osclófar an chuid ó bhéal den nós imeachta gan réamhfhiosrúchán, socróidh Uachtarán na foirmíochta a bhfuil breith á tabhairt aici sa chás dáta a tosaithe.

## Caibidil 7

## BEARTA EAGRÚCHÁIN NÓS IMEACHTA AGUS BEARTA FIOSRÚCHÁIN

### Cuid 1. Bearta eagrúcháin nós imeachta

#### *Airteagal 61 Bearta eagrúcháin a fhorordóidh an Chúirt*

1. De bhreis ar na bearta a fhéadfar a fhorordú i gcomhréir le hAirteagal 24 den Reacht, féadfaidh an Chúirt a iarraidh ar na páirtithe nó ar na daoine leasmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht ceisteanna áirithe a fhreagairt i scríbhinn laistigh den tréimhse a leagfaidh an Chúirt síos nó ag an éisteacht. Cuirfear an fhaisnéis agus na doiciméid ar fáil do na páirtithe eile agus do na daoine leasmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

2. I gcás go n-eagrófar éisteacht, féadfaidh an Chúirt, a mhéid is féidir, a iarraidh ar na rannpháirtithe san éisteacht díriú ar cheist amháin nó níos mó ina bpléadálacha ó bhéal.

#### *Airteagal 62 Bearta eagrúcháin a dhéanfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir nó an tAbhcóide Ginearálta a fhorordú*

1. Féadfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir nó an tAbhcóide Ginearálta a iarraidh ar na páirtithe nó ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht an fhaisnéis go léir maidir leis na fíorais agus na doiciméid go léir nó aon sonraí eile a mheasfaidh siad a bheith ábhartha a thíolacadh laistigh de thréimhse shonraithe. Cuirfear na freagraí agus na doiciméid a sholáthrófar ar fáil do na páirtithe eile agus do na daoine leasmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

2. Féadfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir nó an tAbhcóide Ginearálta ceisteanna a sheoladh chuig na páirtithe nó na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a bheidh le freagairt ag an éisteacht.

### Cuid 2. Bearta fiosrúcháin

#### *Airteagal 63 Cinneadh i dtaobh bearta fiosrúcháin*

1. Cinnfidh an Chúirt ag a cruinniú ginearálta an bhfuil gá le beart fiosrúcháin.

2. I gcás ina mbeidh cás sannta d'fhoirmíocht de chuid na Cúirte cheana féin, déanfaidh an fhoirmíocht sin an cinneadh.

*Airteagal 64 Bearta fiosrúcháin a shocrú*

1. Déanfaidh an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, na bearta fiosrúcháin is iomchuí léi a fhorordú, le hordú a shonróidh na fíorais atá le cruthú.

2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagail 24 agus 25 den Reacht, áiritear ar na bearta fiosrúcháin:

(a) láithriú pearsanta na bpáirtithe;

(b) iarraidh chun faisnéis a fháil agus doiciméid a thabhairt ar aird;

(c) fianaise ó bhéal;

(d) tuarascáil ó shaineolaí a choimisiúnú;

(e) iniúchadh ar an láthair.

3. Féadfar fianaise frisnéise a thabhairt agus féadfar cur le fianaise arna tabhairt cheana.

*Airteagal 65 Rannpháirtíocht i mbearta fiosrúcháin*

1. Mura ngabhfaidh foirmíocht na Cúirte bearta fiosrúcháin uirthi féin, cuirfidh sí an cúram sin ar an mBreitheamh is Rapóirtéir.

2. Glacfaidh an tAbhcóide Ginearálta páirt sna bearta fiosrúcháin.

3. Féadfaidh na páirtithe a bheith i láthair ag na bearta fiosrúcháin.

*Airteagal 66 Fianaise ó bhéal*

1. Féadfaidh an Chúirt uaithi féin nó ar iarratas ó cheann de na páirtithe, agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú go ndéanfaidh finnéithe fíorú ar fhíorais áirithe.

2. Sonrófar go beacht in iarratas ó pháirtí chun finné a cheistiú na fíorais a bhfuil an finné le ceistiú ina dtaobh agus fáthanna a cheistithe.

3. Rialóidh an Chúirt le hordú réasúnaithe ar an iarratas dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. I gcás go ndeonaítear an t-iarratas, leagfar amach san ordú na fíorais atá le deimhniú agus na finnéithe a gheobhaidh éisteacht maidir le gach ceann de na fíorais sin.

4. Déanfaidh an Chúirt toghairm a chur ar fhinnéithe, i gcás inarb iomchuí tar éis thaisceadh an urrúis dá dtagraítear in Airteagal 73(1) de na Rialacha seo.

*Airteagal 67 Finnéithe a cheistiú*

1. Tar éis cruthú a fháil ar chéannacht an fhinné, cuirfidh an tUachtarán in iúl dó go mbeidh air fírinne a fhianaise a dheimhniú ar an modh a leagtar síos sna Rialacha seo.

2. Tabharfaidh an finné a fhianaise don Chúirt, tar éis fógra a bheith tugtha do na páirtithe teacht i láthair. Nuair a bheidh a chuid fianaise tugtha ag an bhfinné, féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas ó cheann de na páirtithe, nó uaidh féin, ceisteanna a chur air.

3. Féadfaidh na Breithiúna eile agus an tAbhcóide Ginearálta déanamh amhlaidh.

4. Faoi réir urlámhas an Uachtaráin, féadfaidh ionadaithe na bpáirtithe ceisteanna a chur ar fhinnéithe.

*Airteagal 68 Mionn na bhfinnéithe*

1. Tar éis dó a chuid fianaise a thabhairt, glacfaidh an finné an mionn seo a leanas:

"Mionnaím gurb í an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne amháin atá ráite agam."

2. Féadfaidh an Chúirt, tar éis di na páirtithe a éisteacht, finné a shaoradh ón mionn a ghlacadh.

*Airteagal 69 Pionóis airgid*

1. Beidh ar fhinnéithe a gcuirtear toghairm go cuí orthu géilleadh don toghairm agus teacht i láthair le haghaidh ceistiú.

2. Má chuirtear toghairm ar fhinné go cuí agus mura láithreoidh sé os comhair na Cúirte, gan cúis dhlisteanach, féadfaidh an Chúirt pionós airgid a ghearradh air nach mó ná EUR 5 000, agus féadfaidh sí a ordú go seirbheálfar toghairm eile air ar a chostas féin.

3. Féadfar an pionós céanna a ghearradh ar fhinné a dhiúltóidh, gan cúis dhlisteanach, fianaise a thabhairt nó an mionn a ghlacadh.

*Airteagal 70 Tuarascáil ó shaineolaí*

1. Féadfaidh an Chúirt a ordú go bhfaighfear tuarascáil ó shaineolaí. San ordú lena gceapfar an saineolaí, sonrófar a chúram agus leagfar síos tréimhse chun a thuarascáil a chur faoi bhráid na Cúirte.

2. Nuair a bheidh a thuarascáil tugtha ag an saineolaí, agus tar éis dó í a sheirbheáil ar na Páirtithe, féadfaidh an Chúirt a ordú go gceisteofar an saineolaí, tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe teacht i láthair. Féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas ó pháirtí, nó uaidh féin, ceisteanna a chur ar an saineolaí.

3. Féadfaidh na Breithiúna eile agus an tAbhcóide Ginearálta déanamh amhlaidh.

4. Faoi réir urlámhas an Uachtaráin, féadfaidh ionadaithe na bpáirtithe ceisteanna a chur ar an saineolaí.

*Airteagal 71 Mionn an tsaineolaí*

1. Tar éis dó a thuarascáil a thabhairt, glacfaidh an saineolaí an mionn seo a leanas:

"Mionnaím gur chomhlíon mé go coinsiasach neamhchlaon an cúram a cuireadh orm."

2. Féadfaidh an Chúirt, tar éis di na páirtithe a éisteacht, an saineolaí a shaoradh ón mionn a ghlacadh.

*Airteagal 72 Agóid i gcoinne finné nó saineolaí*

1. Má chuireann páirtí i gcoinne finné nó saineolaí ar an bhforas gur duine é atá neamhinniúil nó neamhoiriúnach mar fhinné nó mar shaineolaí nó ar aon chúis eile, nó má dhiúltaíonn finné nó saineolaí fianaise a thabhairt nó an mionn a ghlacadh, déanfaidh an Chúirt an cheist a réiteach.

2. Ní foláir aon agóid i gcoinne finné nó saineolaí a dhéanamh laistigh de dhá sheachtain tar éis sheirbheáil an ordaithe lena gcuirtear toghairm ar an bhfinné nó lena gceaptar an saineolaí, agus na forais atá léi a leagan amach i ráiteas na hagóide agus tagairt don chineál fianaise a thairgtear.

*Airteagal 73 Costais na bhfinnéithe agus na saineolaithe*

1. I gcás ina n-ordóidh an Chúirt ceistiú finné nó tuarascáil ó shaineolaí, féadfaidh sí a iarraidh ar na páirtithe nó ar cheann dóibh urrús a thaisceadh le haghaidh chostais na bhfinnéithe nó chostais thuarascáil an tsaineolaí.

2. Beidh finnéithe agus saineolaithe i dteideal aisíocaíocht a fháil as a gcaiteachas i leith taistil agus cothabhála. Féadfaidh airgeadóir na Cúirte réamhíocaíocht i leith an chaiteachais sin a thabhairt dóibh.

3. Beidh finnéithe i dteideal cúiteamh a fháil as tuilleamh a chailleadh agus beidh saineolaithe i dteideal táillí a fháil as a seirbhísí. Íocfaidh airgeadóir na Cúirte na suimeanna sin leis na finnéithe agus na saineolaithe tar éis a ndualgais nó a gcúraimí a bheith comhlíonta acu.

*Airteagal 74 Miontuairiscí ar éisteachtaí fiosrúcháin*

1. Ullmhóidh an Cláraitheoir miontuairiscí ar gach éisteacht fiosrúcháin. Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na miontuairiscí. Beidh na miontuairiscí ina dtaifead oifigiúil.

2. I gcás ina gceisteofar finnéithe nó saineolaithe, is iad an tUachtarán nó an Breitheamh is Rapóirtéir a bheidh freagrach as ceistiú an fhinné nó an tsaineolaí a stiúradh, agus an Cláraitheoir a shíneoidh na miontuairiscí. Sula síneofar na miontuairiscí amhlaidh, ní mór caoi a thabhairt don fhinné nó don saineolaí inneachar na miontuairiscí a fhíorú agus iad a shíniú.

3. Seirbheálfar na miontuairiscí ar na páirtithe.

*Airteagal 75 An chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt tar éis an réamhfhiosrúcháin*

1. Mura gcinnfidh an Chúirt forordú a thabhairt maidir le teorainn ama ina bhféadfaidh na páirtithe barúlacha i scríbhinn a thaisceadh, socróidh an tUachtarán an dáta le haghaidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt tar éis na bearta réamhfhiosrúcháin a chríochnú.

2. I gcás go bhforordófar teorainn ama chun barúlacha i scríbhinn a thaisceadh, socróidh an tUachtarán an dáta le haghaidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt tar éis don teorainn ama sin dul in éag.

## Caibidil 8

## AN CHUID Ó BHÉAL DEN NÓS IMEACHTA

*Airteagal 76 Éisteacht*

1. Déanfar aon iarratas réasúnaithe ar éisteacht a thíolacadh laistigh de thréimhse trí seachtaine ón am a dtabharfar fógra faoi chlabhsúr an nós imeachta i scríbhinn do na páirtithe nó do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú.

2. Ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, féadfaidh an Chúirt a chinneadh gan éisteacht a thionól i gcás ina measfaidh sí, ar léamh na bpléadálacha i scríbhinn nó na n-aighneachtaí i scríbhinn a thaiscfear le linn an chuid i scríbhinn den nós imeachta, go bhfuil a dóthain faisnéise aici chun breithiúnas a thabhairt.

3. Ní bheidh feidhm ag an mír roimhe seo i gcás iarratas a thaisceadh ag duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nár ghlac páirt sa chuid i scríbhinn den nós imeachta.

*Airteagal 77 Comhéisteacht*

Má cheadaíonn na cosúlachtaí idir dhá chás nó níos mó den chineál céanna a leithéid, féadfaidh an Chúirt a chinneadh comhéisteacht a eagrú do na cásanna sin.

*Airteagal 78 Rannpháirtíocht in éisteacht trí fhíschomhdháil*

1. I gcás ina gcuireann cúiseanna sláinte, slándála nó cúiseanna tromchúiseacha eile bac ar ionadaí ar pháirtí nó ar dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht páirt a ghlacadh in éisteacht i bpearsa, féadfar cead a thabhairt don ionadaí sin freastal ar an éisteacht sin trí fhíschomhdháil. Beidh feidhm ag an riail sin freisin maidir leis na páirtithe sna príomhimeachtaí i gcás, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme, go gceadaítear dóibh imeachtaí cúirte a thionscnamh nó a chosaint gan ionadaíocht ó dhlíodóir.

2. Déanfar iarratas chun freastal ar an éisteacht trí fhíschomhdháil a thíolacadh i ndoiciméad ar leith, a luaithe atá cúis an bhaic ar eolas agus léireofar go cruinn ann cineál an bhaic sin.

3. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh maidir leis an iarratas sin a luaithe is féidir.

4. Ní cheadófar físchomhdháil a úsáid i gcás go dtugann an Chúirt breith i seomra iata de bhun Airteagal 79 de na Rialacha seo.

5. Sonrófar na coinníollacha teicniúla atá le comhlíonadh chun freastal ar éisteacht trí fhíschomhdháil sna treoracha cleachtais do pháirtithe, arna nglacadh ar bhonn Airteagal 208 de na Rialacha seo.

*Airteagal 79 Cásanna a éisteacht i seomra iata*

1. Ar chúiseanna troma, go háirithe cúiseanna a bhaineann le slándáil na mBallstát nó le cosaint leanaí, féadfaidh an Chúirt a chinneadh cás a éisteacht i seomra iata.

2. Ní fhoilseofar na himeachtaí ó bhéal i gcásanna a éistfear i seomra iata.

*Airteagal 80 Seoladh na héisteachta*

1. Cuirfidh an tUachtarán tús leis na himeachtaí ó bhéal agus déanfaidh sé stiúradh orthu agus beidh sé freagrach as an éisteacht a sheoladh mar is cuí.

2. Féadfaidh na comhaltaí d'fhoirmíocht na Cúirte agus an tAbhcóide Ginearálta, i gcúrsa na héisteachta, ceisteanna a chur ar ghníomhairí, ar chomhairleoirí nó ar dhlíodóirí na bpáirtithe agus, sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 47(2) de na Rialacha seo, ar na páirtithe sna príomhimeachtaí nó ar a n-ionadaithe.

*Airteagal 80a Éisteachtaí a chraoladh*

1. Féadfar éisteachtaí os comhair na Cúirte a chraoladh. Craoladh beo a bheidh ann sa chás go mbaineann sé le fógairt breithiúnas nó Tuairimí, agus craoladh moillithe a bheidh ann sa chás go mbaineann sé le pléadálacha ó bhéal na bpáirtithe nó na ndaoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht i gcás a sannadh ar an gCúirt iomlán, ar an Mór-Dhlísheomra, ar an Dlísheomra de mhéid idirmheánach nó, go heisceachtúil i gcás ina bhfuil

údar leis sin mar gheall ar thábhacht an cháis, dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí.

2. Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an gCúirt éisteacht a chraoladh, cuirfidh an Chlárlann an méid sin in iúl do na páirtithe agus do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, agus fógra á thabhairt dóibh chun freastal ar an éisteacht sin.

3. Má mheasann páirtí nó duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nár chóir an éisteacht dár tugadh fógra dó chun freastal air a chraoladh, cuirfidh sé sin in iúl don Chúirt a luaithe is féidir, agus na himthosca lena dtugtar údar gan an éisteacht a chraoladh á leagan amach go mionsonraithe.

4. Tabharfaidh an tUachtarán breith ar an iarratas sin a luaithe is féidir, tar éis an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

5. Beidh fístaifead de na héisteachtaí a craoladh ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse nach faide ná aon mhí amháin i ndiaidh chlabhsúr na héisteachta.

6. Má mheasann páirtí nó duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht gur cheart fístaifead d'éisteacht ina raibh sé páirteach a bhaint den suíomh gréasáin thuasluaite, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Chúirt Bhreithiúnais chomh luath agus is féidir agus na himthosca lena dtugtar údar dó a bhaint á leagan amach.

7. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh faoin iarraidh sin láithreach, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

8. Cinnfidh an Chúirt, trí chinneadh, na rialacha agus na socruithe maidir le craoladh na n-éisteachtaí a chur chun feidhme. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### *Airteagal 81 Clabhsúr na héisteachta*

Tar éis do na páirtithe nó do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a bpléadálacha ó bhéal a thabhairt, dearbhóidh an tUachtarán go bhfuil an éisteacht críochnaithe.

### *Airteagal 82 Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt*

1. I gcás ina mbeidh éisteacht ann, tabharfar Tuairim an Abhcóide Ghinearálta tar éis dheireadh na héisteachta sin, ar dháta a fhógróidh an tAbhcóide Ginearálta.

2. I gcás nach mbeidh éisteacht ann, tabharfar Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ar dháta a fhógróidh an tAbhcóide Ginearálta.

3. Dearbhóidh an tUachtarán go bhfuil an chuid ó bhéal den nós imeachta tagtha chun críche tar éis don Abhcóide Ginearálta a thuairim a thabhairt.

*Airteagal 83 An chuid ó bhéal den nós imeachta a thosú nó a atosú*

Féadfaidh an Chúirt tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a chinneadh go dtosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta nó a ordú go n-atosófar an chuid sin, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh páirtí fíoras nua a mbeidh a chineál ina thoisc chinntitheach ar bhreith na Cúirte nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

*Airteagal 84 Miontuairiscí na n-éisteachtaí*

1. Ullmhóidh an Cláraitheoir miontuairiscí ar gach éisteacht. Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na miontuairiscí. Beidh na miontuairiscí ina dtaifead oifigiúil.

2. Féadfaidh na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht na miontuairiscí a iniúchadh sa Chlárlann agus cóipeanna díobh a fháil.

*Airteagal 85 An éisteacht a thaifeadadh*

Féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas cuí-réasúnaithe, a údarú do pháirtí sa chás nó do dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a bhí páirteach sa chuid i scríbhinn nó ó bhéal de na himeachtaí, éisteacht le fuaimrian na héisteachta sa teanga a d'úsáid an cainteoir le linn na héisteachta sin.

## Caibidil 9

## BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE

*Airteagal 86 Dáta fógartha breithiúnais*

Cuirfear in iúl do na páirtithe nó do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht an dáta a fhógrófar breithiúnas.

*Airteagal 87 Inneachar breithiúnais*

Tabharfar i mbreithiúnas:

(a) ráiteas gurb é breithiúnas na Cúirte é,

(b) faisnéis maidir le foirmíocht na Cúirte,

(c) an dáta ar tugadh an breithiúnas,

(d) ainm an Uachtaráin agus ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sna pléití, agus faisnéis maidir le hainm an Bhreithimh is Rapóirtéir,

(e) ainm an Abhcóide Ghinearálta,

(f) ainm an Chláraitheora,

(g) tuairisc ar na páirtithe nó ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a ghlac páirt sna himeachtaí,

(h) ainmneacha ionadaithe na bpáirtithe,

(i) i gcás caingne díreacha agus achomharc, ráiteas maidir leis an ordú atá á lorg ag na páirtithe,

(j) dáta na héisteachta i gcás inarb iomchuí,

(k) ráiteas gur éisteadh an tAbhcóide Ginearálta agus, más iomchuí, dáta a thuairime,

(l) achoimre ar na fíorais,

(m) forais na breithe,

(n) an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas agus, más iomchuí, an bhreith maidir le costais san áireamh.

*Airteagal 88 Breithiúnas a fhógairt agus a sheirbheáil*

1. Fógrófar an breithiúnas i gcúirt oscailte.

2. Síneoidh an tUachtarán, na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus an Cláraitheoir doiciméad bunaidh an bhreithiúnais. I gcás nach féidir le Breitheamh a ghlac páirt sna pléití an doiciméad bunaidh a shíniú a thuilleadh, mar gheall ar a staid sláinte nó tar éis a bháis, nó mar gheall ar a éirí as oifig nó dul in éag a théarma oifige, deimhneoidh an tUachtarán gur ghlac an Breitheamh sin páirt sna pléití.

3. Déanfar doiciméad bunaidh an bhreithiúnais, arna shíniú, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann. Seirbheálfar cóip dheimhnithe den bhreithiúnas ar na páirtithe agus, i gcás inarb iomchuí, ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur, ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus ar an gCúirt Ghinearálta.

*Airteagal 89 Inneachar ordaithe*

1. Tabharfar in ordú:

(a) ráiteas gurb é ordú na Cúirte é,

(b) faisnéis maidir le foirmíocht na Cúirte,

(c) an dáta ar glacadh é,

(d) faisnéis maidir le bunús dlí an ordaithe,

(e) ainm an Uachtaráin agus, i gcás inarb iomchuí, ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sna pléití, agus faisnéis maidir le hainm an Bhreithimh is Rapóirtéir,

(f) ainm an Abhcóide Ghinearálta,

(g) ainm an Chláraitheora,

(h) tuairisc ar na páirtithe nó ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a ghlac páirt sna himeachtaí,

(i) ainmneacha ionadaithe na bpáirtithe,

(j) ráiteas gur éisteadh an tAbhcóide Ginearálta,

(k) an chuid oibríochtúil den ordú agus, más iomchuí, an bhreith maidir le costais san áireamh.

2. I gcás ina mbeidh sé riachtanach, i gcomhréir leis na Rialacha seo, go mbeadh ordú réasúnaithe, beidh ann chomh maith:

(a) i gcás caingne díreacha agus achomharc, ráiteas maidir leis na horduithe atá á lorg ag na bpáirtithe,

(b) achoimre ar na fíorais,

(c) forais na breithe.

*Airteagal 90 Ordú a shíniú agus a sheirbheáil*

Déanfar doiciméad bunaidh an ordaithe, arna shíniú ag an Uachtarán agus ag an gCláraitheoir, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann; seirbheálfar cóipeanna deimhnithe den ordú ar na páirtithe agus, i gcás inarb iomchuí, ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur agus ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus ar an gCúirt Ghinearálta.

*Airteagal 91 Éifeacht cheangailteach breithiúnas agus orduithe*

1. Beidh breithiúnas ina cheangal ó dháta a fhógartha.

2. Beidh ordú ina cheangal ó dháta a sheirbheála.

*Airteagal 92 Foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

Foilseofar fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina mbeidh dáta agus an chuid oibríochtúil de bhreithiúnais nó d’ordú na Cúirte lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí.

## TEIDEAL III

## TARCHUR CHUN RÉAMHRIALÚ

Caibidil 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 93 Raon feidhme*

Rialófar an nós imeachta le forálacha an teidil seo:

(a) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht,

(b) i gcás tarchur chun léiriú dá bhforáiltear i gcomhaontuithe ar páirtithe iontu an tAontas Eorpach nó na Ballstáit.

*Airteagal 93a Réamhanailís ar iarratai ar réamhrialú*

1. I gcás ina gcuirtear iarraidh ar réamhrialú faoi bhráid na Cúirte, cuirfidh an Chlárlann an iarraidh sin chuig an Uachtarán, chuig an Leas-Uachtarán agus chuig an gCéad Abhcóide Ginearálta.

2. Má mheasann an tUachtarán, i ndiaidh anailís a dhéanamh ar an iarraidh ar réamhrialú, tar éis an Leas-Uachtarán agus an Chéad Abhcóide Ginearálta a éisteacht, go mbaineann an iarraidh sin go heisiach le ceann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 50b den Reacht, cuirfidh sé sin in iúl don Chlárlann agus tarchuirfidh an Chlárlann an iarraidh chuig Clárlann an Cúirte Ginearálta láithreach. Leanfar leis na himeachtaí ansin os comhair na Cúirte Ginearálta, i gcomhréir le forálacha a Rialacha Nós Imeachta.

3. Más rud é, i ndiaidh na hanailíse sin agus tar éis an Leas-Uachtarán agus an Chéad Abhcóide Ginearálta a éisteacht, go measann an tUachtarán, cé go dtagann an iarraidh ar réamhrialú faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 50b den Reacht, go mbaineann an iarraidh le hábhair eile freisin nó go n-ardaíonn an iarraidh ceisteanna neamhspleácha maidir le léiriú ar an dlí príomha, ar an dlí idirnáisiúnta poiblí, ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais nó ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 50b den Reacht, tarchuirfidh an Chúirt Ghinearálta an iarraidh chun na Cúirte Breithiúnais gan mhoill. Má mheasann an Chúirt Bhreithiúnais go dtagann an iarraidh go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 50b den Reacht, cuirfidh Clárlann na Cúirte Breithiúnais an iarraidh sin chuig Clárlann na Cúirte Ginearálta agus leanfar leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta, i gcomhréir le forálacha a Rialacha Nós Imeachta. Ina mhalairt de chás, leanfar leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir le forálacha na Rialacha seo.

4. I gcás ina gcuirfear iarraidh ar réamhrialú chuig Clárlann na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le míreanna 2 nó 3 den Airteagal seo, cuirfidh an Chlárlann an chúirt a rinne an tarchur ar an eolas.

### *Airteagal 94 Inneachar na hiarrata ar réamhrialú*

Chomh maith le téacs na gceisteanna a tharchuirfear chuig an gCúirt chun réamhrialú a fháil, tabharfar seo a leanas san iarraidh ar réamhrialú:

(a) achoimre ar ábhar na díospóide agus na cinntí fíorais ábhartha de réir mar a chinn an chúirt nó an binse a rinne an tarchur, nó, ar a laghad, cuntas ar na fíorais ar a bhfuil an cheist bunaithe;

(b) éirim aon fhorálacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcás agus, i gcás inarb iomchuí, an cásdlí náisiúnta ábhartha;

(c) ráiteas ar na fáthanna a spreag an chúirt nó an binse a rinne an tarchur chun léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais Eorpaigh a fhiosrú, agus an gaol idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí.

### *Airteagal 95 Anaithnidiú agus sonraí pearsanta a fhágáil ar lár*

1. Sa chás go ndéanann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur an iarraidh ar réamhrialú a anaithnidiú nó go gcinneann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur sonraí a bhaineann le daoine nádúrtha nó le heintitis lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe sa díospóid sin iad, a fhágáil ar lár, cloífidh an Chúirt leis an anaithnidiú sin nó leis an bhfágáil ar lár sin sna himeachtaí atá ar feitheamh os a comhair.

2. Ar iarratas ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur, ar iarratas ó pháirtí sna príomhimeachtaí nó uaithi féin, féadfaidh an Chúirt freisin iarraidh ar réamhrialú a anaithnidiú nó a chinneadh sonraí pearsanta duine nádúrtha amháin nó níos mó lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe sa díospóid sin iad, a fhágáil ar lár.

### *Airteagal 96 Rannpháirtíocht in imeachtaí i leith réamhrialú*

1. De bhun Airteagal 23 den Reacht, údarófar na daoine nó na heintitis seo a leanas pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte:

(a) na páirtithe sna príomhimeachtaí,

(b) na Ballstáit,

(c) an Coimisiún Eorpach,

(d) Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Banc Ceannais Eorpach, má mheasann siad go bhfuil leas sonrach acu sna saincheisteanna a ardaítear leis an iarraidh ar réamhrialú,

(e) an institiúid a ghlac an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi chonspóid,

(f) na Stáit ar páirtithe i gComhaontú LEE agus in Údarás Faireacháin CSTE freisin iad, seachas Stáit ar Ballstáit iad, i gcás ina dtarchuirfear ceist a bhaineann le ceann de réimsí cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú,

(g) Stáit nach Ballstáit atá ina bpáirtithe i gcomhaontú a bhaineann le réimse sonrach a cuireadh i gcrích leis an gComhairle, i gcás ina ndéantar foráil don mhéid sin sa chomhaontú agus i gcás ina ndéanann cúirt nó binse de chuid Ballstáit tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt ar cheist a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe sin.

2. Ní chuirfear bac ar rannpháirtíocht sa chuid ó bhéal de na himeachtaí mar thoradh ar neamh-rannpháirtíocht sa chuid i scríbhinn de na himeachtaí.

3. Foilseofar pléadálacha i scríbhinn agus barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh de bhun an Airteagail seo ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh tar éis fhógairt an bhreithiúnais nó sheirbheáil an ordaithe lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, mura ndéanann duine de na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agóid i gcoinne fhoilsiú a phléadálacha i scríbhinn nó a bharúlacha i scríbhinn. Ní mór an agóid sin, nach gá cúiseanna a chur léi agus nach féidir a bheith ina hábhar caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais ná na Cúirte Ginearálta, a chur in iúl don Chlárlann, i ndoiciméad ar leith, trí mhí ar a dhéanaí i ndiaidh fhógairt an bhreithiúnais nó sheirbheáil an ordaithe lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí. Sa chás sin, déantar tagairt don agóid sin ar an suíomh thuasluaite agus ní fhoilseofar na pléadálacha i scríbhinn nó na barúlacha i scríbhinn lena mbaineann, fiú i bpáirt. Má chuireann an duine leasmhar deireadh lena agóid níos déanaí maidir le foilsiú a phléadálacha i scríbhinn nó a bharúlacha i scríbhinn, foilseofar na pléadálacha i scríbhinn nó na barúlacha i scríbhinn sin ar an suíomh a luaithe a chuirfear deireadh leis an agóid sin. Sa chás go gcuirfear an agóid in iúl don Chlárlann tar éis dhul in éag na teorann ama thuasluaite, bainfear den suíomh na pléadálacha i scríbhinn nó na barúlacha i scríbhinn a foilsíodh.

### *Airteagal 97 Páirtithe sna príomhimeachtaí*

1. Is iad na páirtithe sna príomhimeachtaí na páirtithe sin a gcinnfidh amhlaidh an chúirt nó an binse a rinne an tarchur i gcomhréir le rialacha nós imeachta náisiúnta.

2. I gcás go gcuireann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur in iúl don Chúirt gur ligeadh páirtí nua isteach sna príomhimeachtaí, in ainneoin go bhfuil na himeachtaí os comhair na Cúirte ar feitheamh, ní mór don pháirtí sin glacadh leis an gcás mar a bheidh sé an tráth arna chur sin in iúl don Chúirt. Gheobhaidh an páirtí sin cóip de gach doiciméad nós imeachta a seirbheáladh cheana ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

3. Maidir le hionadaíocht agus freastal na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, tabharfaidh an Chúirt aird ar na rialacha nós imeachta i bhfeidhm os comhair na cúirte nó an bhinse náisiúnta a rinne an tarchur. I gcás ina bhfuil aon amhras ann an bhféadfaidh duine ionadaíocht a dhéanamh do pháirtí sna príomhimeachtaí, nó an bhféadfaidh páirtí den sórt sin gníomhú gan ionadaí,

féadfaidh an Chúirt faisnéis faoi na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme a fháil ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur.

*Airteagal 98 Aistriúchán agus seirbheáil na hiarrata ar réamhrialú*

1. Déanfar na hiarrataí ar réamhrialú dá dtagraítear sa Teideal seo a sheirbheáil ar na Ballstáit sa leagan bunaidh agus beidh aistriúchán go teanga oifigiúil an Stáit chun a ndíreofar iad ina dteannta. I gcás inarb iomchuí, toisc fhad na hiarrata, déanfar aistriúchán go teanga oifigiúil an Stáit chun a ndíreofar é ar achoimre den iarraidh a chur in ionad an aistriúcháin sin agus beidh an achoimre sin mar bhonn don seasamh a ghlacfaidh an Stát sin. Beidh san achoimre téacs iomlán na ceiste nó na gceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú. A mhéid a bheidh an fhaisnéis sin san iarraidh ar réamhrialú, beidh san achoimre ach go háirithe ábhar na bpríomhimeachtaí, argóintí fíor-riachtanacha na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, cur síos gonta ar fhorais an tarchuir chun réamhrialú agus ar an gcásdlí agus ar na forálacha den dlí náisiúnta agus de dhlí an Aontais Eorpaigh a mbeifear ag brath orthu.

2. Sna cásanna dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 23 den Reacht, déanfar iarrataí ar réamhrialú a sheirbheáil sa leagan bunaidh ar na Stáit, seachas na Ballstáit, is páirtithe i gComhaontú LEE agus in Údarás Faireacháin CSTE, agus beidh ina dteannta aistriúchán ar an iarraidh nó, i gcás inarb iomchuí, aistriúchán ar achoimre ar an iarraidh go ceann de na teangacha a luaitear in Airteagal 36 a roghnóidh an té chuig a ndíreofar iad.

3. I gcás ina mbeidh sé de cheart ag Stát nach Ballstát a bheith rannpháirteach in imeachtaí um réamhrialú i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 23 den Reacht, déanfar an iarraidh ar réamhrialú a sheirbheáil air ina leagan bunaidh mar aon le haistriúchán ar an iarraidh nó, i gcás inarb iomchuí, aistriúchán ar achoimre ar an iarraidh go ceann de na teangacha a luaitear in Airteagal 36 a roghnóidh an Stát nach Ballstát lena mbaineann.

*Airteagal 99 Freagra trí ordú réasúnaithe*

I gcás ina mbeidh ceist a tharchuirfear chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú comhionann le ceist a bhfuil rialú tugtha ag an gCúirt uirthi cheana, i gcás ina bhféadfar freagra na ceiste sin a bhaint go soiléir as an gcásdlí atá ann nó i gcás nach mbeidh amhras réasúnach faoi fhreagra na ceiste a tharchuirfear chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú, féadfaidh an Chúirt tráth ar bith, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, rialú a thabhairt trí ordú réasúnaithe.

*Airteagal 100 Cúinsí ina bhfanfaidh cás os comhair na Cúirte*

1. Fanfaidh iarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte fad nach ndéanfaidh an chúirt nó an binse a rinne an iarraidh chun na cúirte í a tharraingt siar. Féadfar aistarraingt na hiarrata a chur san áireamh tráth ar bith sula gcuirfear

in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht an dáta a fhógrófar an breithiúnas.

2. Féadfaidh an Chúirt a dhearbhú tráth ar bith, áfach, nach bhfuil coinníollacha a dlínse á gcomhlíonadh a thuilleadh.

*Airteagal 101 Iarraidh ar shoiléiriú*

1. Gan dochar d'aon bheart eagrúcháin nós imeachta ná d'aon bheart fiosrúcháin dá bhforáiltear sna Rialacha seo, féadfaidh an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, soiléiriú a iarraidh ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur laistigh de theorainn ama a fhorordóidh an Chúirt.

2. Déanfar freagra na cúirte nó an bhinse ar an iarraidh sin a sheirbheáil ar na daoine leasmhara in Airteagal 23 den Reacht.

*Airteagal 102 Costais na n-imeachtaí réamhrialaithe*

Is faoin gcúirt nó faoin mbinse a rinne an tarchur atá sé breith a thabhairt i dtaobh chostais na n-imeachtaí réamhrialaithe.

*Airteagal 103 Breithiúnais agus orduithe a cheartú*

1. Féadfaidh an Chúirt earráidí cléireachais, botúin ríomha agus tuaiplisí follasacha a dhéanann difear do bhreithiúnais nó d'orduithe a cheartú, uaithi féin nó ar iarratas ó dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a dhéanfar laistigh de choicís tar éis dháta fógartha an bhreithiúnais nó seirbheála an ordaithe.

2. Tabharfaidh an Chúirt a breith tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

3. Cuirfear doiciméad bunaidh an ordaithe ceartúcháin i gceangal le doiciméad bunaidh an chinnidh cheartaithe. Cuirfear nóta i dtaobh an ordaithe sin ar imeall dhoiciméad bunaidh an chinnidh cheartaithe.

*Airteagal 104 Léiriú a dhéanamh ar réamhrialú*

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 158 de na Rialacha seo maidir le léiriú ar bhreithiúnais agus ar orduithe i ndáil le breitheanna a thabharfar mar fhreagra ar iarraidh ar réamhrialú.

2. Is faoi na cúirteanna náisiúnta nó faoi na binsí náisiúnta a bheidh sé a mheas cé acu ar tugadh nó nár tugadh dóthain treorach leis an réamhrialú nó an léir dóibh go mbeidh gá le tarchur breise chun na Cúirte.

## Caibidil 2

## AN NÓS IMEACHTA BROSTAITHE UM RÉAMHRIALÚ

### *Airteagal 105 An nós imeachta brostaithe*

1. Ar iarratas ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur nó, go heisceachtúil, uaidh féin, féadfaidh Uachtarán na Cúirte a chinneadh, i gcás go n-éilíonn nádúr an cháis go ndéileálfar leis laistigh d'achar gearr ama, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go gcuirfear nós imeachta brostaithe i bhfeidhm maidir le tarchur chun réamhrialú trí mhaolú ar fhorálacha na Rialacha seo.

2. Sa chás sin, socróidh an tUachtarán dáta na héisteachta láithreach agus cuirfear an dáta sin in iúl do na daoine leasmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nuair a sheirbheálfar an iarraidh ar réamhrialú.

3. Féadfaidh na daoine leasmhara dá dtagraítear sa mhír roimhe seo pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh laistigh de theorainn ama nach giorra ná 15 lá a fhorordóidh an tUachtarán. Féadfaidh an tUachtarán iarraidh ar na daoine leasmhara eile nach mbeadh sna hábhair a ardaíonn siad ina bpléadálacha nó barúlacha i scríbhinn ach na poncanna dlí fíor-riachtanacha a ardófar leis an iarraidh ar réamhrialú.

4. Cuirfear na ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn, más ann, in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht roimh an éisteacht.

5. Rialóidh an Chúirt tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

### *Airteagal 106 Doiciméid nós imeachta a sheachadadh*

1. Measfar go mbeidh na doiciméid nós imeachta dá dtagraítear san Airteagal roimhe seo taiscthe, tráth a dhéanfar cóip den doiciméad bunaidh sínithe agus na hítimí agus na doiciméid a mbeifear ag brath orthu mar thacaíocht dó, mar aon le sceideal dá dtagraítear in Airteagal 57(3) a sheachadadh chuig Clárlann na Cúirte, trí e-Curia nó trí aon mheán teicniúil nó leictreonach cumarsáide atá ag an gCúirt. Seolfar an doiciméad bunaidh agus na hiarscríbhinní dá dtagraítear thuas chuig an gClárlann láithreach.

2. I gcás ina n-éilíonn an tAirteagal roimhe seo go seirbheálfar doiciméad ar dhuine nó go gcuirfear doiciméad in iúl dóibh, déanfar an tseirbheáil sin nó an fógra sin trí mheán leictreonach, sna coinníollacha arna gcinneadh ag an gCúirt, i gcás inar thoiligh an seolaí go seirbheálfar doiciméid nós imeachta air ar an gcaoi sin. Ina mhalairt de chás, déanfar na seirbheálacha agus na fógraí thuasluaite trí chóip den doiciméad a sheoladh trí aon mheán teicniúil nó leictreonach cumarsáide atá ag an gCúirt agus ag an seolaí.

## Caibidil 3

## AN NÓS IMEACHTA PRÁINNE UM RÉAMHRIALÚ

### *Airteagal 107 Raon feidhme an nós imeachta práinne um réamhrialú*

1. Maidir le tarchur chun réamhrialú lena ndéanfar ceist nó ceisteanna a bhaineann leis na réimsí a chumhdaítear i dTeideal V de Chuid III den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a ardú, féadfar déileáil leis faoi nós imeachta práinne trí mhaolú ar fhorálacha na Rialacha seo, ar iarratas ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur, nó, go heisceachtúil, de threoir na Cúirte féin.

2. Leagfaidh an chúirt nó an binse a rinne an tarchur amach na pointí dlí agus na fíorais lena ndéanfar an phráinn a shuíomh agus lena gcruthófar gur ceart feidhm a bhaint as an nós imeachta eisceachtúil sin, agus cuirfidh an chúirt nó binse sin in iúl, a mhéid is féidir, an freagra a mholfaidh an chúirt sin nó an binse sin ar na ceisteanna a tharchuirfear.

3. Mura mbeidh iarratas go gcuirfear i bhfeidhm an nós imeachta práinne tíolactha ag an gcúirt nó ag an mbinse a rinne an tarchur, féadfaidh Uachtarán na Cúirte, más dealraitheach, *prima facie*, gur gá an nós imeachta sin a chur i bhfeidhm, a iarraidh ar an Dlísheomra dá dtagraítear in Airteagal 108 a mheas an gá déileáil leis an tarchur faoin nós imeachta sin.

### *Airteagal 108 Breith maidir le práinn*

1. Is é an Dlísheomra ainmnithe, ag gníomhú dó ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a dhéanfaidh an cinneadh déileáil le tarchur chun réamhrialú de réir an nós imeachta práinne. Déanfar comhdhéanamh an Dlísheomra sin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 28(2) ar an lá a shannfar an cás don Bhreitheamh is Rapóirtéir más rud é gur iarr an chúirt nó an binse a rinne an tarchur go gcuirfí an nós imeachta práinne i bhfeidhm, nó má dhéantar cur i bhfeidhm an nós imeachta práinne a mheas ar iarraidh ó Uachtarán na Cúirte, ar an lá a dhéanfar an iarraidh sin.

2. I gcás ina mbeidh ceangal idir an cás agus cás eile atá ar feitheamh arna shannadh do Bhreitheamh is Rapóirtéir nach bhfuil ina chomhalta den Dlísheomra ainmnithe, féadfaidh an Dlísheomra sin a mholadh d'Uachtarán na Cúirte go ndéanfaí an cás a shannadh don Bhreitheamh is Rapóirtéir sin. I gcás ina n-athshannfar an cás don Bhreitheamh is Rapóirtéir, glacfaidh an Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna lena mbaineann sé dualgais an Dlísheomra a ainmníodh i leith an cháis sin. Beidh feidhm ag Airteagal 29(1).

### *Airteagal 109 An chuid i scríbhinn den nós imeachta práinne*

1. Maidir le hiarraidh ar réamhrialú, i gcás ina mbeidh an chúirt nó an binse a rinne an tarchur tar éis a iarraidh go gcuirfear an nós imeachta práinne i bhfeidhm, nó i gcás ina mbeidh an tUachtarán tar éis a iarraidh ar an

Dlísheomra ainmnithe a mheas an gá déileáil leis an tarchur faoin nós imeachta práinne, déanfaidh an Cláraitheoir í a sheirbheáil láithreach bonn ar na páirtithe sna príomhimeachtaí, ar an mBallstát ónar tháinig an tarchur, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an institiúid a ghlac an beart a mbeidh a bhailíocht nó a léiriú mar ábhar díospóide.

2. Déanfar an cinneadh cé acu a dhéileálfar nó nach ndéileálfar leis an tarchur chun réamhrialú faoin nós imeachta práinne a sheirbheáil láithreach bonn ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur agus ar na páirtithe, ar an mBallstát agus ar an institiúid dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. Forordófar teorainn ama ina bhféadfaidh na páirtithe nó na heintitis sin pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh sa chinneadh maidir le déileáil leis an tarchur faoin nós imeachta práinne. Féadfar a shonrú sa chinneadh na pointí dlí a gcaithfidh na pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn sin baint a bheith acu leo agus féadfar a shonrú chomh maith uasfhad na ndoiciméad sin.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt in iarraidh ar réamhrialú do nós imeachta riaracháin nó d'imeachtaí breithiúnacha i mBallstát seachas an Ballstát óna dtiocfaidh an tarchur, féadfaidh an Chúirt a iarraidh ar an mBallstát sin gach faisnéis ábhartha a chur ar fáil i scríbhinn nó ag an éisteacht.

4. A luaithe a dhéanfar an tseirbheáil dá dtagraítear i mír 1, déanfar iarraidh ar réamhrialú a chur in iúl freisin do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, seachas na daoine a seirbheáladh, agus déanfar an cinneadh cé acu a dhéileálfar nó nach ndéileálfar leis an iarraidh ar réamhrialú faoin nós imeachta práinne a sheirbheáil ar na daoine leasmhara sin a luaithe a dhéanfar an tseirbheáil dá dtagraítear i mír 2.

5. Cuirfear dáta intuartha na héisteachta in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a luaithe is féidir.

6. I gcás nach ndéileálfar leis an tarchur faoin nós imeachta práinne, leanfar leis na himeachtaí i gcomhréir le forálacha Airteagal 23 den Reacht agus le forálacha infheidhme na Rialacha seo.

### *Airteagal 110 Seirbheáil agus faisnéis i ndiaidh chlabhsúr na coda i scríbhinn den nós imeachta*

1. I gcás ina ndéileálfar le tarchur chun réamhrialú faoin nós imeachta práinne, déanfar an iarraidh ar réamhrialú agus na pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thaiscfear a sheirbheáil ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht seachas na páirtithe agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 109(1). Beidh aistriúchán ag gabháil leis an iarraidh ar réamhrialú, i gcás inarb iomchuí le hachoimre, i gcomhréir le hAirteagal 98.

2. Déanfar na pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thaiscfear a sheirbheáil freisin ar na páirtithe agus ar na daoine leasmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 109(1).

3. Cuirfear dáta na héisteachta in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht an tráth céanna a dhéanfar na doiciméid dá dtagraítear sna míreanna sin roimhe seo a sheirbheáil.

*Airteagal 111 An chuid i scríbhinn den nós imeachta a ligean thar ceal*

I gcásanna deargphráinne, féadfaidh an Dlísheomra ainmnithe a chinneadh go ligfí thar ceal an chuid i scríbhinn den nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 109(2).

*Airteagal 112 Cinneadh críochnaitheach*

Rialóidh an Dlísheomra a ainmneofar tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

*Airteagal 113 Foirmíocht na Cúirte*

1. Féadfaidh an Dlísheomra ainmnithe a chinneadh go suífidh sé i bhfoirmíocht ina bhfuil triúr Breithiúna. Sa chás sin, is iad a bheidh sa Dlísheomra, Uachtarán an Dlísheomra ainmnithe, an Breitheamh is Rapóirtéir agus an chéad Bhreitheamh nó, más iomchuí an chéad bheirt Bhreithiúna arna n-ainmniú i gcomhréir leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(2) ar an dáta arna shocrú foirmíocht an Dlísheomra ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 108(1).

2. Féadfaidh an Dlísheomra ainmnithe a iarraidh, chomh maith, go sannfar an cás d'fhoirmíocht ina mbeidh líon níos mó Breithiúna. Leanfar leis an nós imeachta práinne os comhair na foirmíochta nua, i gcás inar gá i ndiaidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt.

*Airteagal 114 Doiciméid nós imeachta a sheachadadh*

Déanfar na doiciméid nós imeachta a sheachadadh i gcomhréir le hAirteagal 106.

## Caibidil 4

## AN NÓS IMEACHTA I nDIAIDH TARCHUIR

*Airteagal 114a Iarrataí ar réamhrialú arna dtarchur chuig an gCúirt Ghinearálta de bhun an dara mír d'Airteagal 54 den Reacht*

Sa chás go gcinneann an Chúirt Ghinearálta, de bhun an dara mír d'Airteagal 54 den Reacht, nach bhfuil dlínse aici chun iarraidh ar réamhrialú a chuirtear faoina bráid de bhun Airteagal 267 CFAE a éisteacht agus a chinneadh, déanfaidh sí an iarraidh sin a tharchur chuig an gCúirt

Bhreithiúnais. Leanfar leis na himeachtaí ansin os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir le forálacha na Rialacha seo.

*Article 114b Iarrataí ar réamhrialú arna dtarchur ón gCúirt Ghinearálta de bhun an dara fomhír d'Airteagal 256(3) CFAE*

1. Sa chás go dtarchuireann an Chúirt Ghinearálta, de bhun an dara fomhír d'Airteagal 256(3) CFAE, iarraidh ar réamhrialú chuig an gCúirt lena n-éilítear breith ar phrionsabal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais, láimhseálfar an iarraidh sin go pras.

2. Ainmneoidh an tUachtarán an Breitheamh is Rapóirtéir a bheidh freagrach as an gcás láithreach agus ainmneoidh an Chéad Abhcóide Ginearálta Abhcóide Ginearálta.

3. Má tá clabhsúr curtha leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta cheana nuair a tharchuirfear an cás chuig an gCúirt, féadfaidh na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht pléadálacha i scríbhinn nó barúlacha i scríbhinn comhlántacha a thaisceadh faoin gceist phrionsabail arna hardú san iarraidh ar réamhrialú, laistigh de thréimhse arna socrú ag an Uachtarán, nach féidir a bheith níos giorra ná 15 lá.

4. Tabharfaidh an Chúirt a breith a luaithe is féidir, tar éis barúlacha ó bhéal na ndaoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a éisteacht, i gcás inarb iomchuí.

## Caibidil 5

## CÚNAMH DLÍTHIÚIL

*Airteagal 115 Iarratas ar chúnamh dlíthiúil*

1. Aon pháirtí sna príomhimeachtaí nach féidir leis costais na n-imeachtaí atá os comhair na Cúirte a íoc go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh sé cúnamh dlíthiúil a iarraidh tráth ar bith.

2. Cuirfear gach faisnéis agus gach doiciméad tacaíochta i dteannta an iarratais ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an iarratasóra, amhail teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianófar staid airgeadais an iarratasóra.

3. Má deonaíodh cúnamh dlíthiúil don iarratasóir cheana féin os comhair na cúirte nó an bhinse a rinne an tarchur, tabharfaidh sé cinneadh na cúirte nó an bhinse sin ar aird agus sonróidh sé na nithe a chumhdaítear leis na suimeanna a deonaíodh cheana.

*Airteagal 116 Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil*

1. A luaithe a thaiscfear an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil, déanfaidh an tUachtarán é a shannadh don Bhreitheamh is Rapóirtéir a bheidh freagrach as an gcás lena mbainfidh an t-iarratas a rinneadh.

2. Is é an Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna dár sannadh an Breitheamh is Rapóirtéir a chinnfidh, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis don Dlísheomra an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, ar chóir cúnamh dlíthiúil a dheonú go hiomlán nó go páirteach nó ar chóir diúltú dó. Sa chás sin, is é foirmíocht na Cúirte Uachtarán an Dlísheomra sin, an Breitheamh is Rapóirtéir agus an chéad Bhreitheamh nó, más iomchuí, an chéad bheirt Bhreithiúna arna n-ainmniú de réir an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(3) ar an dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil faoi bhráid an Dlísheomra sin.

3. Mura mbeidh an Breitheamh is Rapóirtéir ina chomhalta de Dhlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna, déanfaidh an Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna dár sannadh é an bhreith faoi na coinníollacha céanna. Chomh maith leis an mBreitheamh is Rapóirtéir, is é foirmíocht na Cúirte ceathrar Breithiúna arna n-ainmniú de réir an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(2) de na Rialacha seo ar an dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil faoi bhráid an Dlísheomra sin.

4. Is le hordú a thabharfaidh an fhoirmíocht den Chúirt a breith. I gcás go ndiúltaítear, go hiomlán nó go páirteach, an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil, sonrófar na cúiseanna a bheidh leis an diúltú sin san ordú.

*Airteagal 117 Réamhíocaíochtaí cúnaimh dhlíthiúil*

I gcás go ndeonaítear cúnamh dlíthiúil, beidh airgeadóir na Cúirte freagrach, laistigh de na teorainneacha socraithe ag an bhfoirmíocht den Chúirt, i gcás inarb infheidhme, as na costais a bhaineann le cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil an iarratasóra os comhair na Cúirte. Ar iarratas ón iarratasóir nó ionadaí an iarratasóra, féadfar réamhíocaíocht de na costais sin a dhéanamh.

*Airteagal 118 Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar*

Féadfaidh an fhoirmíocht den Chúirt a thug an bhreith ar an iarratas ar chúnamh dlíthiúil, tráth ar bith, uaithi féin nó ar iarratas a fháil, an cúnamh dlíthiúil sin a tharraingt siar má thagann athrú le linn na n-imeachtaí ar na himthosca ba bhun lena dheonú.

## TEIDEAL IV

## CAINGNE DÍREACHA

### Caibidil 1

### IONADAÍOCHT NA bPÁIRTITHE

*Airteagal 119 Oibleagáid ionadaíochta*

1. Is gníomhaire nó dlíodóir an pháirtí amháin a fhéadfaidh ionadaíocht a dhéanamh air.

2. Ní foláir do ghníomhairí agus do dhlíodóirí doiciméad oifigiúil nó údarás chun gníomhú a n-eiseoidh an páirtí ar ionadaithe iad ina leith a thaisceadh sa Chlárlann.

3. Ní mór don dlíodóir a bheidh ag gníomhú thar ceann páirtí deimhniú a thaisceadh sa Chlárlann chomh maith á rá go bhfuil sé údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stát eile is páirtí i gComhaontú LEE.

4. Mura dtaiscfear na doiciméid sin, forordóidh an Cláraitheoir tréimhse réasúnta ina mbeidh ar an iarratasóir lena mbaineann iad a thabhairt ar aird. Mura dtabharfar na doiciméid is gá ar aird laistigh den teorainn ama a fhorordófar, déanfaidh an tUachtarán cinneadh, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratas nó na pléadálacha i scríbhinn do-ghlactha go foirmiúil gan an ceanglas foirmiúil sin a bheith comhlíonta. Féadfaidh an tUachtarán an cheist sin a tharchur chuig an gCúirt má mheasann sé gur gá sin.

### Caibidil 2

### AN CHUID I SCRÍBHINN DEN NÓS IMEACHTA

*Airteagal 120 Inneachar an iarratais*

Luafar in iarratas den sórt dá dtagraítear in Airteagal 21 den Reacht:

(a) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(b) ainm an pháirtí a ndéantar an t-iarratas ina choinne;

(c) ábhar na n-imeachtaí, na saincheisteanna dlí agus na hargóintí dlíthiúla a mbeifear ag brath orthu agus achoimre ar na saincheisteanna dlí sin;

(d) an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir;

(e) i gcás inarb iomchuí, aon fhianaise a chuirtear ar fáil nó a thairgtear.

*Airteagal 121 Faisnéis maidir le seirbheáil*

1. Chun críocha na n-imeachtaí, luafar seoladh le haghaidh seirbheála san iarratas. Luafar ann ainm an duine a n-údaraítear dó, agus a thoiligh seirbheáil a ghlacadh.

2. De bhreis ar sheoladh le haghaidh seirbheála a shonrú amhail dá dtagraítear i mír 1 nó ina ionad sin, féadfar a lua san iarratas go dtugann an dlíodóir nó an gníomhaire a thoiliú go ndéanfar na doiciméid sin a sheirbheáil air trí aon mheán teicniúil nó leictreonach eile cumarsáide atá ag an gCúirt agus ag an dlíodóir nó ag an ngníomhaire sin.

3. Mura ndéanfar leis an iarratas na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 1 nó 2 a chomhlíonadh, déanfar gach seirbheáil chun críocha na n-imeachtaí ar an bpáirtí lena mbaineann le litir chláraithe a dhíreofar chuig gníomhaire nó dlíodóir an pháirtí sin, fad a mhairfidh an locht gan leigheas. Trí mhaolú ar Airteagal 48, measfar seirbheáil a bheith déanta go cuí sa chás sin tríd an litir chláraithe a thaisceadh i bpostoifig na háite ina bhfuil suíomh na Cúirte.

*Airteagal 122 Iarscríbhinní a ghabhann leis an iarratas*

1. Cuirfear i dteannta an iarratais, más iomchuí, na doiciméid a shonraítear sa dara mír d'Airteagal 21 den Reacht.

2. Cuirfear i dteannta iarratas a dhéanfar faoi Airteagal 273 CFAE, cóip den chomhaontú speisialta curtha i gcrích idir na Ballstáit lena mbaineann.

3. Mura ndéanfar leis an iarratas na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1 nó 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh, forordóidh an Cláraitheoir teorainn ama réasúnta ina mbeidh ar an iarratasóir na doiciméid a luaitear thuas a thabhairt ar aird. Mura gcuirfear an t-iarratas ina cheart, déanfaidh an tUachtarán cinneadh, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratas do-ghlactha go foirmiúil gan an ceanglas foirmiúil sin a bheith comhlíonta. Féadfaidh an tUachtarán an cheist sin a tharchur chuig an gCúirt má mheasann sé gur gá sin.

*Airteagal 123 Iarratas a sheirbheáil*

Seirbheálfar an t-iarratas ar an gcosantóir. I gcásanna ina bhfuil feidhm ag Airteagal 119(4) nó Airteagal 122(3), déanfar an tseirbheáil a luaithe a bheidh an t-iarratas curtha ina cheart nó a dhearbhóidh an tUachtarán nó an Chúirt go bhfuil sé inghlactha d'ainneoin nach ndearnadh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar síos sa dá Airteagal sin a chomhlíonadh.

*Airteagal 124 Inneachar na cosanta*

1. Laistigh de dhá mhí tar éis an t-iarratas a sheirbheáil air, dlífidh an cosantóir cosaint a thaisceadh. Luafar sa chosaint:

(a) ainm agus seoladh an chosantóra;

(b) na saincheisteanna dlí agus na hargóintí dlíthiúla a bhfuil sé ag brath orthu;

(c) an t-ordú atá á lorg ag an gcosantóir;

(d) i gcás inarb iomchuí, aon fhianaise a chuirtear ar fáil nó a thairgtear.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 121 maidir leis an gcosaint.

3. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama a leagtar síos i mír 1 a fhadú go heisceachtúil ar iarratas réasúnaithe a fháil ón gcosantóir.

### *Airteagal 125 Doiciméid a sheachadadh*

Aon uair nach páirtí sa chás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún Eorpach, cuirfidh an Chúirt cóipeanna den iarratas agus den chosaint, nó, i gcás inarb ábhartha, den phléadáil maidir le heaspa dlínse nó do-ghlacthacht, d'éagmais na n-iarscríbhinní a ghabhann leis na doiciméid sin, chun na n-institiúidí sin ionas go mbeidh siad in ann measúnú a dhéanamh an bhfuil neamhfheidhmeacht ceann dá ngníomhartha á hagairt faoi Airteagal 277 CFAE.

### *Airteagal 126 Freagra agus athfhreagra*

1. Féadfar iarratas tionscanta na n-imeachtaí agus an chosaint a fhorlíonadh le freagra ón iarratasóir agus le hathfhreagra ón gcosantóir.

2. Forordóidh an tUachtarán na tréimhsí chun na doiciméid nós imeachta sin a thabhairt ar aird. Féadfaidh an tUachtarán na nithe lenar chóir go mbeadh baint ag an bhfreagra nó ag an athfhreagra leo a shonrú.

## Caibidil 3

## SAINCHEISTEANNA DLÍ AGUS FIANAISE

### *Airteagal 127 Saincheisteanna dlí nua*

1. Ní fhéadfar aon saincheist úr dlí a tharraingt anuas i gcúrsa na n-imeachtaí mura mbeidh sin bunaithe ar phointí dlí nó ar fhíorais a thagann chun solais i gcúrsa an nós imeachta.

2. Gan dochar don chinneadh a bheidh le déanamh ar inghlacthacht na saincheiste dlí, féadfaidh an tUachtarán, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, tréimhse a fhorordú don pháirtí eile chun freagra a thabhairt ar an tsaincheist dlí sin.

*Airteagal 128 Fianaise a chuirtear ar fáil nó a thairgtear*

1. Féadfaidh páirtí tuilleadh fianaise a chur ar fáil nó a thairiscint sa fhreagra nó san athfhreagra mar thaca lena argóintí. Ní foláir don pháirtí na fáthanna leis an moill ar thíolacadh na fianaise sin a thabhairt.

2. Féadfaidh na páirtithe tuilleadh fianaise a chur ar fáil nó a thairiscint go heisceachtúil tar éis chlabhsúr na coda i scríbhinn den nós imeachta. Ní foláir don pháirtí na fáthanna leis an moill ar thíolacadh na fianaise sin a thabhairt. Féadfaidh an tUachtarán, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, tréimhse a fhorordú don pháirtí eile chun trácht a dhéanamh ar an bhfianaise sin.

Caibidil 4

IDIRAGAIRT

*Airteagal 129 Cuspóir agus éifeachtaí na hidiragartha*

1. Beidh idiragairt teoranta do thacaíocht a thabhairt, go hiomlán nó go páirteach, don ordú a bheidh á lorg ag ceann de na páirtithe. Ní dheonófar leis an idiragairt na cearta nós imeachta céanna a dheonófar ar na páirtithe, go háirithe an ceart maidir le héisteacht a iarraidh.

2. Beidh idiragairt tánaisteach do na príomhimeachtaí. Beidh sí in éagmais aon chuspóir má bhaintear an cás ó chlár na Cúirte de bharr go scoirfidh páirtí de na himeachtaí nó de bharr comhaontú idir na páirtithe nó i gcás go ndeimhnítear go bhfuil an t-iarratas do-ghlactha.

3. Ní mór don idiragraí glacadh leis an gcás sa riocht ina bhfaighidh sé é tráth a idiragartha.

4. Féadfar aird a thabhairt ar iarratas ar idiragairt a dhéanfar tar éis dhul in éag na tréimhse atá forordaithe in Airteagal 130 ach roimh an gcinneadh maidir leis an nós imeachta ó bhéal a oscailt dá bhforáiltear in Airteagal 60(4). Sa chás sin, má cheadaíonn an tUachtarán an idiragairt, féadfaidh an t-idiragraí a chuid barúlacha a thíolacadh le linn an nós imeachta ó bhéal, más ann.

*Airteagal 130 Iarratas ar idiragairt*

1. Ní foláir iarratas ar idiragairt a thíolacadh laistigh de shé seachtaine ó fhoilsiú an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 21(4).

2. Tabharfar san iarratas ar idiragairt:

(a) tuairisc ar an gcás;

(b) tuairisc ar na príomhpháirtithe;

(c) ainm agus seoladh an idiragraí;

(d) an t-ordú atá á lorg lena bhfuil an t-idiragraí ag iarraidh cead idiragairt a dhéanamh chun tacú leis;

(e) ráiteas na n-imthosca is bun leis an gceart chun idiragairt a dhéanamh i gcás ina ndéantar an t-iarratas a thíolacadh de bhun an dara mír nó de bhun an tríú mír d'Airteagal 40 den Reacht.

3. Déanfar ionadaíocht ar an idiragraí i gcomhréir le hAirteagal 19 den Reacht.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 119 agus ag Airteagail 121 agus 122 de na Rialacha seo.

*Airteagal 131 Cinneadh maidir le hiarratas ar idiragairt*

1. Seirbheálfar an t-iarratas ar idiragairt ar na páirtithe ionas gur féidir aon bharúlacha i scríbhinn nó ó bhéal is mian leo a thabhairt maidir leis an iarratas a fháil uathu.

2. I gcás ina ndéantar an t-iarratas a thíolacadh de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 40 den Reacht, ceadófar an idiragairt le cinneadh an Uachtaráin agus gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach doiciméad nós imeachta a sheirbheálfar ar na páirtithe ach amháin i gcás ina bhfuil na páirtithe, laistigh de dheich lá tar éis na seirbheála a luaitear i mír 1, tar éis ítimí nó doiciméid shicréideacha nó rúnda a aithint a bhfuil siad ag maíomh go mbeadh sé dochrach dóibh dá gcuirfí chuig an idiragraí iad. Sna cásanna seo, tabharfaidh an tUachtarán breith ar an iarratas ar idiragairt le hordú, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, agus gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach pléadáil a sheirbheálfar ar na páirtithe seachas, i gcásanna iomchuí, na hítimí nó doiciméid shicréideacha nó rúnda a eisiafar ón seoladh sin.

3. I gcás ina ndéantar an t-iarratas a thíolacadh de bhun an dara mír d'Airteagal 40 den Reacht, tabharfaidh an tUachtarán breith ar an iarratas ar idiragairt trí ordú, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nó tarchuirfidh sé chun na Cúirte é. Má cheadaítear an t-iarratas ar idiragairt, gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach doiciméad nós imeachta a sheirbheálfar ar na páirtithe seachas, i gcásanna iomchuí, na hítimí nó doiciméid shicréideacha nó rúnda a eisiafar ón seoladh sin.

4. I gcás ina ndéantar an t-iarratas a thíolacadh de bhun an tríú mír d'Airteagal 40 den Reacht, ceadófar an idiragairt le cinneadh an Uachtaráin agus gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach doiciméad nós imeachta a sheirbheálfar ar na páirtithe ach amháin i gcás ina bhfuil barúlacha maidir leis an iarratas ar idiragairt curtha in iúl ag na páirtithe, laistigh de dheich lá tar éis na seirbheála a luaitear i mír 1, nó i gcás ina bhfuil na páirtithe, laistigh den teorainn ama chéanna, tar éis ítimí nó doiciméid shicréideacha nó rúnda a aithint a bhfuil siad ag maíomh go mbeadh sé dochrach dóibh dá gcuirfí chuig an idiragraí iad. Sna cásanna seo, tabharfaidh an tUachtarán breith ar an iarratas ar idiragairt trí ordú, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, agus gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach doiciméad nós imeachta a sheirbheálfar ar na

páirtithe seachas, i gcásanna iomchuí, na hítimí nó doiciméid shicréideacha nó rúnda a eisiafar ón seoladh sin.

*Airteagal 132 Pléadálacha i scríbhinn a thíolacadh*

1. Féadfaidh an t-idiragraí ráiteas idiragartha a thíolacadh laistigh de mhí amháin tar éis na doiciméid nós imeachta dá dtagraítear san Airteagal roimhe seo a fháil. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú ar iarratas réasúnaithe a fháil ón idiragraí.

2. Tabharfar sa ráiteas idiragartha:

(a) an t-ordú atá á lorg ag an idiragraí mar thaca, go hiomlán nó go páirteach, leis an ordú atá á lorg ag ceann de na páirtithe;

(b) na saincheisteanna dlí agus na hargóintí dlíthiúla a bhfuil an t-idiragraí ag brath orthu;

(c) i gcás inarb iomchuí, aon fhianaise a chuirtear ar fáil nó a thairgtear.

3. Ar an ráiteas idiragartha a bheith taiscthe, forordóidh an tUachtarán, más gá, tréimhse ina bhféadfaidh na páirtithe an ráiteas sin a fhreagairt.

## Caibidil 5

## AN NÓS IMEACHTA BROSTAITHE

*Airteagal 133 Cinneadh maidir leis an nós imeachta brostaithe*

1. Ar iarratas ón iarratasóir nó ón gcosantóir, féadfaidh Uachtarán na Cúirte a chinneadh, i gcás go n-éilíonn nádúr an cháis go ndéileálfar leis laistigh d'achar gearr ama, tar éis dó an páirtí eile, an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go dtabharfar breith ar chás de bhun nós imeachta brostaithe trí mhaolú ar fhorálacha na Rialacha seo.

2. Ní mór iarratas go dtabharfaí breith ar chás de bhun nós imeachta brostaithe a dhéanamh i ndoiciméad ar leith a thíolacfar ag an am céanna a thaiscfear iarratas tionscanta na n-imeachtaí nó an chosaint, de réir mar a bheidh.

3. Go heisceachtúil, féadfaidh an tUachtarán cinneadh den sórt sin a dhéanamh uaidh féin tar éis dó na páirtithe, an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

*Airteagal 134 An chuid i scríbhinn den nós imeachta*

1. Faoin nós imeachta brostaithe, ní fhéadfar iarratas tionscanta na n-imeachtaí agus an chosaint a chomhlánú le freagra agus le hathfhreagra ach amháin má mheasann an tUachtarán, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, gur gá sin.

2. Ní fhéadfaidh idiragraí ráiteas a thaisceadh in idiragairt ach amháin má mheasann an tUachtarán, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, gur gá sin.

*Airteagal 135 An chuid ó bhéal den nós imeachta*

1. A luaithe a thaiscfear an chosaint nó, mura ndéanfar an cinneadh breith a thabhairt faoin nós imeachta brostaithe go dtí go mbeidh an phléadáil sin taiscthe, a luaithe a ghlacfar an cinneadh sin, socróidh an tUachtarán dáta don éisteacht a chuirfear in iúl láithreach do na páirtithe. Féadfaidh sé dáta na héisteachta a chur ar athlá i gcás inar gá bearta fiosrúcháin a dhéanamh nó i gcás inar gá sin de bharr bearta eagrúcháin nós imeachta.

2. Gan dochar d'Airteagail 127 agus 128, féadfaidh páirtí a chuid argóintí a chomhlánú agus fianaise bhreise a chur ar fáil nó a thairiscint le linn an chuid ó bhéal den nós imeachta. Ní foláir don pháirtí na fáthanna leis an moill ar thíolacadh na fianaise sin a thabhairt.

*Airteagal 136 Breith ar an tsubstaint*

Rialóidh an Chúirt tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

## Caibidil 6

## COSTAIS

*Airteagal 137 Breith maidir le costais*

Tabharfar breith i dtaobh costais sa bhreithiúnas nó in ordú clabhsúir na n-imeachtaí.

*Airteagal 138 Rialacha ginearálta ar leithroinnt na gcostas*

1. Ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

2. I gcás níos mó ná páirtí caillteach amháin a bheith ann, tabharfaidh an Chúirt breith ar an dóigh ina mbeidh na costais le roinnt.

3. I gcás go n-éiríonn le gach páirtí i roinnt de na pointí agus go dteipfidh orthu i roinnt eile, íocfaidh gach páirtí a chostais féin. Más dealraitheach údar maith a bheith leis de réir imthosca an cháis, áfach, féadfaidh an Chúirt a ordú go n-íocfaidh páirtí amháin, chomh maith lena chostais féin, sciar de chostais an pháirtí eile.

### *Airteagal 139   Costais mhíréasúnta nó chráiteacha*

Féadfaidh an Chúirt a ordú do pháirtí, fiú má éiríonn leis, íoc as costais a tharraingíonn sé ar an bpáirtí eile agus atá, dar leis an gCúirt, míréasúnta nó cráiteach.

### *Airteagal 140   Costais idiragartha*

1. Beidh ar Bhallstáit agus institiúidí a bhfuil idiragairt sna himeachtaí déanta acu a gcostais féin a íoc.

2. Beidh ar na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe i gComhaontú LEE agus d'Údarás Faireacháin CSTE chomh maith, a gcostais féin a íoc má dhéanann na Stáit sin idiragairt sna himeachtaí.

3. Féadfaidh an Chúirt a ordú go n-íocfaidh idiragraí, seachas iad siúd dá dtagraítear sna míreanna sin roimhe seo, a chostais féin.

### *Airteagal 141   Costais i gcás scor d'imeachtaí*

1. Má scoireann páirtí d'imeachtaí, ordófar dó na costais a íoc má iarrtar sin i mbarúlacha an pháirtí eile maidir leis an scor.

2. Ar iarratas ón bpáirtí a scoireann d'imeachtaí, áfach, beidh ar an bpáirtí eile na costais a íoc más dealraitheach go dtugann iompar an pháirtí sin cúis leormhaith chuige sin.

3. I gcás go bhfuil na páirtithe tagtha ar chomhaontú i dtaobh costas, beidh an bhreith i dtaobh costas de réir an chomhaontaithe sin.

4. Mura n-iarrfar costais, íocfaidh na páirtithe a gcostais féin.

### *Airteagal 142   Costais i gcás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais*

Mura rachaidh cás ar aghaidh chun breithiúnais, beidh na costais faoi rogha na Cúirte.

### *Airteagal 143   Táillí imeachtaí*

Beidh na himeachtaí os comhair na Cúirte saor ó tháille, ach amháin:

(a) má tharraingíonn páirtí costais inseachanta ar an gCúirt, féadfaidh an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú don pháirtí sin iad a aisíoc;

(b) beidh an costas a bhaineann le haon obair chóipeála nó aistriúcháin arna déanamh ar iarratas ó pháirtí, a mhéid a mheasann an Cláraitheoir gur costas iomarcach atá ann, le híoc ag an bpáirtí sin de réir scála táillí na Clárlainne dá dtagraítear in Airteagal 22.

*Airteagal 144 Costais inghnóthaithe*

Gan dochar don Airteagal roimhe seo, measfar gur costais inghnóthaithe iad seo a leanas:

(a) suimeanna is iníoctha le finnéithe agus le saineolaithe faoi Airteagal 73 de na Rialacha seo;

(b) costais arna dtabhú ag na páirtithe de riachtanas chun críocha na n-imeachtaí, go háirithe costais taistil agus chothabhála agus luach saothair do ghníomhairí, do chomhairleoirí nó do dhlíodóirí.

*Airteagal 145 Díospóid a bhaineann le costais inghnóthaithe*

1. I gcás díospóid i dtaobh na gcostas is inghnóthaithe, déanfaidh an Dlísheomra, ina bhfuil triúr Breithiúna dár sannadh an Breitheamh is Rapóirtéir a dhéileáil leis an gcás, ordú ar iarratas ón bpáirtí leasmhar agus tar éis dó an páirtí freasúra agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht. Sa chás sin, is é foirmíocht na Cúirte, Uachtarán an Dlísheomra sin, an Breitheamh is Rapóirtéir agus an chéad Bhreitheamh nó, más iomchuí, an chéad bheirt Bhreithiúna arna n-ainmniú de réir an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(3) ar an dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir an díospóid faoi bhráid an Dlísheomra sin.

2. Mura mbeidh an Breitheamh is Rapóirtéir ina chomhalta de Dhlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna, déanfaidh an Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna dár sannadh é an cinneadh faoi na coinníollacha céanna. Chomh maith leis an mBreitheamh is Rapóirtéir, is é foirmíocht na Cúirte ceathrar Breithiúna arna n-ainmniú de réir an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(2) de na Rialacha seo ar an dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir an díospóid faoi bhráid an Dlísheomra sin.

3. Féadfaidh na páirtithe cóip fhíordheimhnithe den ordú a iarraidh, chun críocha a fhorghníomhaithe.

*Airteagal 146 Modhanna íocaíochta*

1. Déanfar na suimeanna a bheidh dlite ó airgeadóir na Cúirte agus óna féichiúnaithe a íoc in euro.

2. Má dhéantar costais a bheidh le haisíoc a thabhú in airgeadra seachas an euro nó gur i dtír nach é an euro a hairgeadra a rinneadh na bearta a ndlitear íocaíocht ina leith, déanfar an t-airgeadra a chomhshó de réir rátaí malairte tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh lá na híocaíochta.

Caibidil 7

RÉITEACH CAIRDIÚIL, SCOR d'IMEACHTAÍ, CÁSANNA NACH

dTÉANN AR AGHAIDH CHUN BREITHIÚNAIS AGUS RÉAMH-SHAINCHEISTEANNA

*Airteagal 147 Réiteach cairdiúil*

1. Más rud é, sula dtabharfaidh an Chúirt a breith, go n-éireoidh leis na páirtithe a ndíospóid a réiteach agus go gcuirfidh siad i bhfios don Chúirt a n-éilimh a bheith tréigthe acu, ordóidh an tUachtarán an cás a bhaint ón gclár agus tabharfaidh sé breith i dtaobh costas de réir Airteagal 141, ag féachaint d'aon tograí a bheidh déanta ar an ábhar ag na páirtithe.

2. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin ar imeachtaí faoi Airteagail 263 CFAE agus 265 CFAE.

*Airteagal 148 Scor d'imeachtaí*

Má chuireann an t-iarratasóir i bhfios don Chúirt i scríbhinn nó ag an éisteacht gur mian leis scor de na himeachtaí, ordóidh an tUachtarán an cás a bhaint ón gclár agus tabharfaidh sé breith i dtaobh costas de réir Airteagal 141.

*Airteagal 149 Cásanna nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais*

Má dhearbhaíonn an Chúirt nach bhfuil cuspóir a thuilleadh ag an gcaingean agus nach bhfuil gá breith a thabhairt ar an ábhar a thuilleadh, féadfaidh sí a chinneadh uaithi féin tráth ar bith, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di na páirtithe agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, rialú trí ordú réasúnaithe. Tabharfaidh an Chúirt breith i dtaobh costas.

*Airteagal 150 Urchosc iomlán ar leanúint le cás*

Ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di na páirtithe agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, féadfaidh an Chúirt uaithi féin tráth ar bith, a chinneadh trí ordú réasúnaithe an bhfuil aon urchosc iomlán ann ar leanúint le cás.

*Airteagal 151 Réamhagóidí agus ceisteanna*

1. Aon pháirtí a iarrfaidh ar an gCúirt breith a thabhairt ar réamhagóid nó ar cheist nach mbeidh feidhmiúil ó thaobh shubstaint an cháis de, ní foláir dó an t-iarratas a thíolacadh i ndoiciméad ar leith.

2. Caithfear a chur in iúl san iarratas cad iad na saincheisteanna dlí agus na hargóintí ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath agus cén t-ordú a bheidh á lorg ag an iarratasóir; ní foláir aon ítim tacaíochta agus doiciméad tacaíochta a bheith i gceangal leis.

3. A luaithe a bheidh an t-iarratas tíolactha, forordóidh an tUachtarán tréimhse ina bhféadfaidh an páirtí freasúra doiciméad i scríbhinn a

thaisceadh ina mbeidh an t-ordú a bheidh á lorg agus saincheisteanna dlí an pháirtí sin.

4. Mura dtabharfaidh an Chúirt a mhalairt de bhreith, is imeachtaí ó bhéal a bheidh sa chuid eile de na himeachtaí maidir leis an iarratas.

5. Tar éis don Chúirt an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, tabharfaidh sí a breith ar an iarratas a luaithe agus is féidir, nó in imthosca cuí, forchoimeádfaidh sí í don bhreithiúnas críochnaitheach.

6. Má dhiúltaíonn an Chúirt don iarratas nó má fhorchoimeádann sí a breith, forordóidh an tUachtarán teorainneacha ama nua do na céimeanna eile sna himeachtaí.

## Caibidil 8

## BREITHIÚNAIS MHAINNEACHTANA

### *Airteagal 152 Breithiúnais mhainneachtana*

1. Mura bhfreagróidh cosantóir a ndearnadh iarratas tionscanta na n-imeachtaí a sheirbheáil air an t-iarratas sin san fhoirm iomchuí agus laistigh den tréimhse fhorordaithe, féadfaidh an t-iarratasóir breithiúnas mainneachtana a iarraidh ón gCúirt.

2. Seirbheálfar an t-iarratas ar bhreithiúnas mainneachtana ar an gcosantóir. Féadfaidh an Chúirt a chinneadh an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt maidir leis an iarratas.

3. Sula dtabharfaidh an Chúirt breithiúnas mainneachtana, déanfaidh sí breithniú, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, ar cé acu atá nó nach bhfuil iarratas tionscanta na n-imeachtaí inghlactha, an ndearnadh nó nach ndearnadh na foirmiúlachtaí iomchuí a chomhlíonadh agus an bhfuil nó nach bhfuil dea-fhoras le héilimh an iarratasóra. Féadfaidh an Chúirt bearta eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh nó bearta réamhfhiosrúcháin a ordú.

4. Beidh an breithiúnas mainneachtana infhorghníomhaithe. Féadfaidh an Chúirt, áfach, bac ar a fhorghníomhú a dheonú go dtí go mbeidh breith tugtha aici ar aon iarratas faoi Airteagal 156 chun an breithiúnas a chur ar ceal, nó féadfaidh sí an forghníomhú a chur faoi réir an choinníll go dtabharfar urrús de mhéid agus de chineál a shocrófar de réir na n-imthosca; scaoilfear an t-urrús sin mura ndéanfar aon iarratas den sórt sin nó má dhiúltaítear don iarratas.

## Caibidil 9

## IARRATAIS A BHAINEANN LE BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE

### *Airteagal 153 Foirmíocht inniúil na Cúirte*

1. Déanfar na hiarrataí agus na hiarratais dá dtagraítear sa Chaibidil seo, seachas na hiarratais dá dtagraítear in Airteagal 159, a shannadh don Bhreitheamh is Rapóirtéir a bheidh freagrach as an gcás lena mbainfidh an iarraidh nó an t-iarratas agus cuirfear é chuig an bhfoirmíocht den Chúirt a thug breith sa chás sin.

2. I gcás nach féidir leis an mBreitheamh is Rapóirtéir feidhmiú, déanfaidh Uachtarán na Cúirte an iarraidh nó an t-iarratas dá dtagraítear sa Chaibidil seo a shannadh do Bhreitheamh a bhí mar chomhalta d'fhoirmíocht na Cúirte a thug breith sa chás lena mbaineann an iarraidh nó an t-iarratas.

3. Mura féidir an córam dá dtagraítear in Airteagal 17 den Reacht a bhaint amach a thuilleadh, féadfaidh an Chúirt, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, an iarraidh nó an t-iarratas a shannadh d'fhoirmíocht nua den Chúirt.

### *Airteagal 154 Ceartú*

1. Gan dochar do na forálacha maidir le léiriú ar bhreithiúnais agus ar orduithe, féadfaidh an Chúirt earráidí cléireachais, botúin ríomha agus tuaiplisí follasacha a cheartú, uaithi féin nó ar iarratas ó pháirtí a dhéanfar laistigh de choicís tar éis dháta fógartha an bhreithiúnais nó seirbheála an ordaithe.

2. I gcás ina mbainfidh an t-iarratas ar cheartúchán leis an gcuid oibríochtúil nó le ceann de na forais is gá chun tacú leis an gcuid oibríochtúil, tabharfaidh an Cláraitheoir fógra go cuí do na páirtithe agus féadfaidh siad barúlacha i scríbhinn a thaisceadh laistigh de thréimhse a fhorordóidh an tUachtarán.

3. Tabharfaidh an Chúirt a breith tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

4. Cuirfear doiciméad bunaidh an ordaithe ceartúcháin i gceangal le doiciméad bunaidh na breithe ceartaithe. Cuirfear nóta i dtaobh an ordaithe sin ar imeall dhoiciméad bunaidh na breithe ceartaithe.

### *Airteagal 155 Mainneachtain cás a chur de láimh*

1. Mura gcuireann an Chúirt cuntar sonrach éilimh nó éileamh i dtaobh costas de láimh, féadfaidh aon pháirtí ar mian leis brath ar an éileamh sin a iarraidh ar an gCúirt, laistigh de mhí tar éis an bhreith a sheirbheáil, a breith a fhorlíonadh.

2. Seirbheálfar an t-iarratas ar an bpáirtí freasúra agus forordóidh an tUachtarán tréimhse ina bhféadfaidh an páirtí sin barúlacha i scríbhinn a thaisceadh.

3. Nuair a bheidh na barúlacha sin tíolactha, féadfaidh an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar inghlacthacht agus ar shubstaint an iarratais.

*Airteagal 156 Iarratas ar bhreithiúnas a chur ar ceal*

1. Féadfar iarratas de bhun Airteagal 41 den Reacht a dhéanamh ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal.

2. Ní foláir an t-iarratas go gcuirfí an breithiúnas ar ceal a dhéanamh laistigh de mhí ó dháta an bhreithiúnais a sheirbheáil agus é a thíolacadh san fhoirm a fhorordaítear in Airteagail 120 go 122 de na Rialacha seo.

3. Nuair a bheidh an t-iarratas seirbheáilte, forordóidh an tUachtarán tréimhse ina bhféadfaidh an páirtí eile a bharúlacha i scríbhinn a thíolacadh.

4. Stiúrfar na himeachtaí de réir Airteagail 59 go 92 de na Rialacha seo.

5. Tabharfaidh an Chúirt a breith trí bhreithiúnas nach féidir a chur ar ceal.

6. Cuirfear doiciméad bunaidh an bhreithiúnais sin i gceangal le doiciméad bunaidh an bhreithiúnais mainneachtana. Cuirfear nóta i dtaobh an bhreithiúnais ar an iarratas ar é a chur ar ceal ar imeall dhoiciméad bunaidh an bhreithiúnais mainneachtana.

*Airteagal 157 Imeachtaí tríú páirtí*

1. Beidh feidhm ag Airteagail 120 go 122 de na Rialacha seo maidir le hiarratas tionscanta imeachtaí tríú páirtí arna dhéanamh de bhun Airteagal 42 den Reacht. Tabharfar freisin san iarratas sin:

(a) sonrú ar an mbreithiúnas nó ar an ordú faoi chonspóid;

(b) eolas ar an dóigh ina dtéann an cinneadh faoi chonspóid chun dochair do chearta an tríú páirtí;

(c) na fáthanna nárbh fhéidir leis an tríú páirtí páirt a ghlacadh sa chás bunaidh.

2. Ní foláir an t-iarratas a dhéanamh i gcoinne na bpáirtithe uile sa chás bunaidh.

3. Ní foláir an t-iarratas a thaisceadh laistigh de dhá mhí tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas ón tríú páirtí, bac ar fhorghníomhú an chinnidh faoi chonspóid a ordú. Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 10 den Teideal seo.

5. Athrófar na pointí sa chinneadh faoi chonspóid ina ngéilltear d’aighneachtaí an tríú páirtí.

6. Cuirfear doiciméad bunaidh an bhreithiúnais sna himeachtaí tríú páirtí i gceangal le doiciméad bunaidh an chinnidh faoi chonspóid. Cuirfear nóta i dtaobh an bhreithiúnais sna himeachtaí tríú páirtí ar imeall dhoiciméad bunaidh an chinnidh faoi chonspóid.

### *Airteagal 158 Léiriú*

1. I gcomhréir le hAirteagal 43 den Reacht, má tá amhras ann faoi bhrí nó raon feidhme i gcás aon bhreithiúnas nó ordú, forléireoidh an Chúirt é ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a shuífidh a leas ann.

2. Ní foláir iarratas ar léiriú a dhéanamh laistigh de dhá bhliain tar éis dháta fógartha an bhreithiúnais nó seirbheála an ordaithe.

3. Is de réir Airteagal 120 go hAirteagal 122 de na Rialacha seo a dhéanfar iarratas ar léiriú. Sonrófar ann freisin:

(a) an bhreith atá i dtrácht;

(b) na sleachta a dteastaíonn léiriú orthu.

4. Ní foláir an t-iarratas a dhéanamh i gcoinne na bpáirtithe uile sa chás inar tugadh an bhreith a n-iarrtar a léiriú.

5. Tabharfaidh an Chúirt a breith tar éis caoi a bheith tugtha aici do na páirtithe a mbarúlacha a chur faoina bráid agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

6. Cuirfear doiciméad bunaidh na breithe léiriúcháin i gceangal le doiciméad bunaidh na breithe a léirítear. Cuirfear nóta i dtaobh na breithe léiriúcháin ar imeall dhoiciméad bunaidh na breithe a léirítear.

### *Airteagal 159 Athbhreithniú*

1. I gcomhréir le hAirteagal 44 den Reacht, ní fhéadfar athbhreithniú ar bhreith de chuid na Cúirte a iarraidh ach amháin má aimsítear fíoras de chineál cinntitheach agus nárbh eol, nuair a tugadh an breithiúnas nó nuair a rinneadh an t-ordú a sheirbheáil, don Chúirt ná don pháirtí a bhfuil an t-athbhreithniú á éileamh aige.

2. Gan dochar don teorainn ama 10 mbliana a fhorordaítear sa tríú mír d'Airteagal 44 den Reacht, déanfar iarratas ar athbhreithniú breithiúnais laistigh de thrí mhí ón dáta a gheobhaidh an t-iarratasóir fios na bhfíoras ar a mbunófar an t-iarratas.

3. Beidh feidhm ag Airteagail 120 go 122 de na Rialacha seo maidir le hiarratas ar athbhreithniú. Tabharfar freisin san iarratas sin:

(a) sonrú ar an mbreithiúnas nó ar an ordú faoi chonspóid;

(b) eolas ar na pointí ar a gconspóidtear an bhreith;

(c) na fíorais ar a mbunaítear an t-iarratas;

(d) eolas ar an gcineál fianaise atá ar fáil chun a thaispeáint go bhfuil fíorais ann a chruthaíonn gur ceart athbhreithniú a dhéanamh, agus a chruthaíonn gur comhlíonadh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 2.

4. Ní foláir an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh i gcoinne na bpáirtithe uile sa chás ina mbeidh an breithiúnas faoi chonspóid tugtha.

5. Gan dochar do bhreith na Cúirte maidir leis an tsubstaint, tabharfaidh an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a breith ar inghlacthacht an iarratais trí ordú, ag féachaint do na barúlacha i scríbhinn ó na páirtithe.

6. Má dhearbhaíonn an Chúirt go bhfuil an t-iarratas inghlactha, cromfaidh sí ar shubstaint an iarratais a bhreithniú agus tabharfaidh sí a breith i bhfoirm breithiúnais de réir na Rialacha seo.

7. Cuirfear doiciméad bunaidh an bhreithiúnais athbhreithniúcháin i gceangal le doiciméad bunaidh na breithe a athbhreithnítear. Cuirfear nóta i dtaobh an bhreithiúnais athbhreithniúcháin ar imeall dhoiciméad bunaidh na breithe a athbhreithnítear.

*Airteagal 159a Iarratais atá do-ghlactha go follasach nó go follasach gan bhunús*

Más léir go bhfuil iarratas dá dtagraítear sa Chaibidil seo do-ghlactha nó gan bhunús, go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh an Chúirt tráth ar bith, tar éis di an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, an t-iarratas a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach le hordú réasúnaithe.

## Caibidil 10

## FIONRAÍOCHT OIBRITHE NÓ FORGHNÍOMHAITHE AGUS BEARTA EILE IDIRLINNE

*Airteagal 160 Iarratas ar oibriú a chur ar fionraí nó ar bhearta idirlinne*

1. Ní bheidh iarratas ar oibriú aon bhirt arna ghlacadh ag institiúid a chur ar fionraí, a dhéanfar de bhun Airteagail 278 CFAE nó 157 CCEFA, inghlactha mura mbeidh agóid déanta ag an iarratasóir i gcoinne an bhirt sin i gcaingean os comhair na Cúirte.

2. Ní bheidh iarratas maidir le glacadh aon bhirt idirlinne eile dá dtagraítear in Airteagal 279 CFAE inghlactha murab iarratas é ó pháirtí i gcás a bheidh os comhair na Cúirte Ginearálta agus go mbainfidh sé leis an gcás sin.

3. Sonrófar in iarratas den chineál dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo ábhar na n-imeachtaí, na himthosca is bun lena bheith práinneach, agus na

saincheisteanna fíorais agus dlí a dhéanann cás *prima facie* le haghaidh an bhirt idirlinne a iarrtar.

4. Ní foláir an t-iarratas a dhéanamh i ndoiciméad ar leith agus de réir fhorálacha Airteagail 120 go 122 de na Rialacha seo.

5. Seirbheálfar an t-iarratas ar an bpáirtí freasúra agus forordóidh an tUachtarán teorainn ama ghairid ina bhféadfaidh an páirtí sin barúlacha i scríbhinn nó ó bhéal a thíolacadh.

6. Féadfaidh an tUachtarán réamhfhiosrúchán a ordú.

7. Féadfaidh an tUachtarán géilleadh don iarratas, fiú sula mbeidh barúlacha an pháirtí freasúra tíolactha. Féadfar an bhreith sin a athrú nó a chealú, fiú in éagmais iarratas ó aon pháirtí.

### *Airteagal 161 Breith ar an iarratas*

1. Tabharfaidh an tUachtarán breith ar an iarratas é féin nó tarchuirfidh sé chun na Cúirte é láithreach.

2. Mura féidir leis an Uachtarán feidhmiú, beidh feidhm ag Airteagail 10 agus 13 de na Rialacha seo.

3. Má tharchuirtear an t-iarratas chun na Cúirte, tabharfaidh an Chúirt a breith láithreach tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

### *Airteagal 162 Ordú d'fhionraíocht ar oibriú nó do bhearta idirlinne*

1. Is trí ordú réasúnaithe a thabharfar an bhreith ar an iarratas, agus ní fhéadfar achomharc a dhéanamh ina haghaidh. Seirbheálfar an t-ordú láithreach bonn ar na páirtithe.

2. Féadfar é a chur de choinníoll le forghníomhú an ordaithe go dtaiscfidh an t-iarratasóir urrús, de mhéad agus de chineál a shocrófar de réir na n-imthosca.

3. Féadfar dáta le haghaidh dhul i léig an bhirt idirlinne a shocrú leis an ordú. Mura ndéantar amhlaidh, rachaidh an beart i léig nuair a fhógrófar an breithiúnas lena gcuirfear clabhsúr leis na himeachtaí.

4. Ní bheidh leis an ordú ach éifeacht idirlinne, agus beidh sé gan dochar do bhreith na Cúirte ar shubstaint an cháis.

### *Airteagal 163 Athrú sna himthosca*

Féadfar, ar iarratas ó pháirtí, an t-ordú a athrú nó a chealú tráth ar bith toisc athrú ar na himthosca.

*Airteagal 164 Iarratas nua*

Má dhiúltaítear d'iarratas ar bheart idirlinne, ní urchoiscfidh sin páirtí a dhéanta ó iarratas eile a dhéanamh le fíorais nua mar bhunús leis.

*Airteagal 165 Iarratais de bhun Airteagail 280 CFAE agus 299 CFAE agus Airteagal 164 CCEFA*

1. Beidh feidhm ag na forálacha sa Chaibidil seo maidir le hiarratais a dhéanfar chun forghníomhú breithe de chuid na Cúirte nó forghníomhú aon bhirt arna ghlacadh ag an gComhairle, ag an gCoimisiún Eorpach nó ag an mBanc Ceannais Eorpach de bhun Airteagail 280 CFAE agus 299 CFAE nó Airteagal 164 CCEFA a chur ar fionraí.

2. Más iomchuí, socrófar leis an ordú ag géilleadh don iarratas an dáta a bheidh an beart idirlinne le dul i léig.

*Airteagal 166 Iarratas de bhun Airteagal 81 CCEFA*

1. Tabharfar in iarratas den chineál dá dtagraítear sa tríú agus sa cheathrú mír d'Airteagal 81 CCEFA:

(a) ainmneacha agus seoltaí na ndaoine nó na ngnóthas a bhfuil cigireacht le déanamh orthu;

(b) tuairisc ar ábhar agus ar chuspóir na cigireachta.

2. Is trí ordú a thabharfaidh an tUachtarán a bhreith. Beidh feidhm ag Airteagal 162 de na Rialacha seo.

3. Mura féidir leis an Uachtarán feidhmiú, beidh feidhm ag Airteagail 10 agus 13 de na Rialacha seo.

## TEIDEAL V

## ACHOMHAIRC I gCOINNE BHREITHEANNA NA CÚIRTE GINEARÁLTA

### Caibidil 1

### FOIRM AGUS INNEACHAR AN IARRATAIS AR ACHOMHARC AGUS AN tORDÚ A BHEIDH Á LORG

*Airteagal 167 Iarratas ar achomharc a thaisceadh*

1. Déanfar achomharc trí iarratas a thaisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais nó i gClárlann na Cúirte Ginearálta. Sa chás go ndéanfar an t-iarratas ar achomharc a thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta, cuirfear é láithreach chun Clárlann na Cúirte Breithiúnais.

2. A luaithe a chuirfear in iúl di go bhfuil achomharc ann, cuirfidh Clárlann na Cúirte Ginearálta láithreach chun Clárlann na Cúirte Breithiúnais an cáschomhad ón gcéad chéim agus, más iomchuí, an comhad ó na himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a cuireadh chun na Cúirte Ginearálta de bhun fhorálacha a Rialacha Nós Imeachta maidir le himeachtaí a bhaineann le cearta maoine intleachtúla.

*Airteagal 168 Inneachar an iarratais ar achomharc*

1. Beidh san achomharc:

(a) ainm agus seoladh an achomharcóra;

(b) tagairt do bhreith na Cúirte Ginearálta a ndéantar an t-achomharc ina coinne;

(c) ainmneacha na bpáirtithe eile sa chás cuí os comhair na Cúirte Ginearálta;

(d) na saincheisteanna dlí agus na hargóintí dlíthiúla ar a bhfuiltear ag brath agus achoimre ar na saincheisteanna dlí sin;

(e) an t-ordú atá á lorg ag an achomharcóir.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 119, 121 agus 122(1) de na Rialacha seo maidir le hachomhairc.

3. Tabharfar san achomharc an dáta ar a seirbheáladh an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne ar an achomharcóir.

4. Mura bhfuil an t-achomharc i gcomhréir le míreanna 1 go 3 den Airteagal seo, forordóidh an Cláraitheoir tréimhse réasúnta ina mbeidh ar an achomharcóir an t-achomharc a chur ina cheart. Mura gcuirfear an t-achomharc ina cheart laistigh den tréimhse a fhorordófar, déanfaidh an tUachtarán cinneadh, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an

tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cé acu atá nó nach bhfuil an t-achomharc do-ghlactha go foirmiúil gan an ceanglas foirmiúil sin a bheith comhlíonta. Féadfaidh an tUachtarán an cheist sin a tharchur chuig an gCúirt má mheasann sé gur gá sin.

*Airteagal 169 An t-ordú a bheidh á lorg, saincheisteanna dlí agus argóintí dlíthiúla an achomhairc*

1. Iarrfar san achomharc go ndéanfar breith na Cúirte Ginearálta, mar a leagtar amach i gcuid oibríochtúil na breithe í, a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach.

2. Sainaithneofar sna saincheisteanna dlí agus sna hargóintí dlíthiúla a mbeifear ag brath orthu na pointí atá faoi chonspóid i bhforais bhreith na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 170 An t-ordú a bheidh á lorg má ghlactar leis an achomharc*

1. Iarrfar in achomharc, má dhearbhaítear go bhfuil bunús maith leis, an t-ordú céanna go hiomlán nó go páirteach a bhí á iarraidh ag an gcéad chéim, agus ní iarrfar ordú eile. Ní fhéadfar ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a athrú san achomharc.

2. I gcás ina n-iarrfaidh an t-achomharcóir go ndéanfar an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta má chuirtear an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne ar ceal, leagfaidh sé amach na fáthanna nach gceadófar le staid na n-imeachtaí go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith.

## Caibidil 1a

## RÉAMHCHINNEADH I LEITH CEAD A THABHAIRT DUL AR AGHAIDH LE hACHOMHAIRC FAOI AIRTEAGAL 58a DEN REACHT

*Airteagal 170a Iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh*

1. Sna cásanna dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír d'Airteagal 58a den Reacht, cuirfidh an t-achomharcóir iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh ag gabháil leis an achomharc sin lena leagfar amach an cheist a ardaítear leis an achomharc atá suntasach i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais Eorpaigh agus ina mbeidh an fhaisnéis go léir is gá chun go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt ar an iarratas. In éagmais iarratas den sórt sin, deimhneoidh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais go bhfuil an t-iarratas do-ghlactha.

2. Ní rachaidh an t-iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh thar seacht leathanach agus ullmhófar é i gcomhréir le ceanglais fhoirmiúla na dtreoracha cleachtais do pháirtithe maidir le cásanna arna dtabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais, ar treoracha iad arna nglacadh ar bhonn na Rialacha seo.

3. Mura bhfuil an t-iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh de réir na gceanglas a leagtar amach sa mhír roimhe seo, forordóidh an Cláraitheoir teorainn ama ghairid ina mbeidh ar an achomharcóir an t-iarratas a chur ina cheart. Mura gcuirfidh an t-achomharcóir an t-iarratas ina cheart laistigh den teorainn ama a fhorordófar, déanfaidh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais cinneadh, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratas do-ghlactha go foirmiúil gan an ceanglas foirmiúil sin a bheith comhlíonta.

*Airteagal 170b Breith ar iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh*

1. Tabharfaidh an Chúirt a breith ar an iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh a luaithe agus is féidir.

2. Ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, déanfaidh Dlísheomra an bhreith ar an iarratas sin, ar Dlísheomra é arna bhunú go speisialta chun na críche sin, atá faoi stiúir Leas-Uachtarán na Cúirte agus ina mbeidh an Breitheamh is Rapóirtéir agus Uachtarán an Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna dár sannadh an Breitheamh is Rapóirtéir tráth a ainmnithe mar Bhreitheamh is Rapóirtéir.

3. Rialóidh an Dlísheomra sin le hordú réasúnaithe ar an iarratas go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh.

4. Má chinneann an Chúirt go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh, go hiomlán nó go páirteach, ag féachaint do na critéir a leagtar síos sa tríú mír d’Airteagal 58a den Reacht, leanfar leis na himeachtaí i gcomhréir le hAirteagail 171 go 190a de na Rialacha seo. Seirbheálfar an t-ordú dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, chomh maith leis an achomharc, ar na páirtithe sa chás lena mbaineann os comhair na Cúirte Ginearálta agus sonrófar san ordú sin, sa chás ina gceadófar don achomharc dul ar aghaidh go páirteach, na saincheisteanna dlí nó na codanna den achomharc lena mbainfidh an fhrithaighneacht.

5. Cuirfidh an Cláraitheoir an cinneadh go gceadófar don achomharc dul ar aghaidh in iúl láithreach don Chúirt Ghinearálta, agus sa chás nach páirtithe iad sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, do na Ballstáit, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún Eorpach.

## Caibidil 2

## FRITHAIGHNEACHTAÍ, FREAGRAÍ AGUS ATHFHREAGRAÍ

### *Airteagal 171 An t-achomharc a sheirbheáil*

1. Seirbheálfar an t-achomharc ar na páirtithe eile sa chás cuí os comhair na Cúirte Ginearálta.

2. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 168(4) de na Rialacha seo, déanfar an tseirbheáil a luaithe a bheidh an t-achomharc curtha ina cheart nó a dhearbhóidh an tUachtarán nó an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil sé inghlactha d'ainneoin na gceanglas foirmiúil a leagtar síos san Airteagal sin gan a bheith comhlíonta.

### *Airteagal 172 Páirtithe atá údaraithe chun frithaighneacht a thaisceadh*

Féadfaidh aon pháirtí sa chás cuí os comhair na Cúirte Ginearálta a mbeidh leas aige i gceadú nó i scor an achomhairc frithaighneacht a thaisceadh laistigh de dhá mhí ón dáta a seirbheáladh an t-achomharc air. Ní dhéanfar an teorainn ama chun frithaighneacht a chur isteach a fhadú.

### *Airteagal 173 Inneachar na frithaighneachta*

1. Beidh sa fhrithaighneacht:

(a) ainm agus seoladh an pháirtí atá á cur isteach;

(b) an dáta a seirbheáladh an t-achomharc air;

(c) na saincheisteanna dlí agus na hargóintí dlíthiúla ar a bhfuiltear ag brath;

(d) an t-ordú atá á lorg.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 119 agus 121 de na Rialacha seo maidir le frithaighneacht.

### *Airteagal 174 An t-ordú a bheidh á lorg sa fhrithaighneacht*

Iarrfar sa fhrithaighneacht an t-achomharc a scor nó a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach.

### *Airteagal 175 Freagra agus athfhreagra*

1. Ní fhéadfar an t-achomharc agus an fhrithaighneacht a chomhlánú le freagra agus le hathfhreagra ach amháin má mheasann an tUachtarán, ar iarratas réasúnaithe arna chur isteach ag an achomharcóir laistigh de sheacht

lá ó sheirbheáil na frithaighneachta agus tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, gur gá an méid sin go háirithe chun go bhféadfaidh an t-achomharcóir a thuairim a nochtadh ar phléadáil maidir le do-ghlacthacht nó ar ábhair nua a mbeifear ag brath orthu sa fhrithaighneacht.

2. Forordóidh an tUachtarán an dáta faoina mbeidh an freagra le tabhairt ar aird agus, ar sheirbheáil na pléadála sin, an dáta faoina mbeidh an t-athfhreagra le tabhairt ar aird. Féadfaidh an tUachtarán teorainn a chur le líon na leathanach agus le hábhar na bpléadálacha i scríbhinn sin.

## Caibidil 3

## FOIRM AGUS INNEACHAR AN CHROSACHOMHAIRC AGUS AN tORDÚ A BHEIDH Á LORG ANN

### *Airteagal 176 Crosachomharc*

1. Féadfaidh na páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 172 de na Rialacha seo crosachomharc a chur isteach laistigh den tréimhse chéanna a fhorordófar chun frithaighneacht a chur isteach.

2. Ní mór crosachomharc a dhéanamh i ndoiciméad ar leith ón bhfrithaighneacht.

### *Airteagal 177 Inneachar an chrosachomhairc*

1. Beidh sa chrosachomharc:

(a) ainm agus seoladh an pháirtí ag tionscnamh an chrosachomhairc;

(b) an dáta a seirbheáladh an t-achomharc air;

(c) na saincheisteanna dlí agus na hargóintí dlíthiúla ar a bhfuiltear ag brath;

(d) an t-ordú atá á lorg.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 119, 121 agus 122(1) agus (3) de na Rialacha seo maidir le crosachomhairc.

### *Airteagal 178 An t-ordú a bheidh á lorg, saincheisteanna dlí agus argóintí an chrosachomhairc*

1. Iarrfar sa chrosachomharc go ndéanfar breith na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach.

2. Féadfar a iarraidh freisin sa chrosachomharc go gcuirfear breith shainráite nó intuigthe maidir le hinghlacthacht na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta ar ceal.

3. Sainaithneofar sna saincheisteanna dlí agus sna hargóintí dlíthiúla a mbeifear ag brath orthu na pointí atá faoi chonspóid i bhforais bhreith na Cúirte Ginearálta. Ní foláir do na saincheisteanna dlí agus na hargóintí dlíthiúla sin a bheith éagsúil uathu siúd a mbeifear ag brath orthu sa fhrithaighneacht.

## Caibidil 4

## PLÉADÁLACHA i SCRÍBHINN DE DHROIM AN CHROSACHOMHAIRC

### *Airteagal 179 Frithaighneacht ar an gcrosachomharc*

I gcás ina ndéanfar crosachomharc, féadfaidh an t-iarratasóir ag an gcéad chéim nó aon pháirtí eile sa chás cuí os comhair na Cúirte Ginearálta, a mbeidh leas aige i gceadú nó i scor an chrosachomhairc, frithaighneacht a thaisceadh, a bheidh teoranta do na saincheisteanna ar a mbeidh an crosachomharc ag brath, laistigh de dhá mhí óna seirbheálfar an crosachomharc air. Ní fhéadfar an teorainn ama sin a fhadú.

### *Airteagal 180 Freagra agus athfhreagra ar chrosachomharc*

1. Ní fhéadfar an crosachomharc ná an fhrithaighneacht ar an gcrosachomharc a chomhlánú le freagra agus le hathfhreagra ach amháin má mheasann an tUachtarán, ar iarratas cuí-réasúnaithe arna chur isteach ag an bpáirtí atá ag déanamh an chrosachomhairc laistigh de sheacht lá ó sheirbheáil na frithaighneachta ar an gcrosachomharc, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, gur gá an méid sin go háirithe chun go bhféadfaidh an páirtí sin a thuairim a nochtadh ar phléadáil maidir le do-ghlacthacht nó ar ábhair nua a mbeifear ag brath orthu sa fhrithaighneacht ar an gcrosachomharc.

2. Forordóidh an tUachtarán an dáta faoina mbeidh an freagra le tabhairt ar aird agus, ar sheirbheáil na pléadála sin, an dáta faoina mbeidh an t-athfhreagra le tabhairt ar aird. Féadfaidh an tUachtarán teorainn a chur le líon na leathanach agus le hábhar na bpléadálacha i scríbhinn sin.

## Caibidil 5

## ACHOMHAIRC A DHÉANFAR A CHINNEADH LE hORDÚ

### *Airteagal 181 Achomharc nó crosachomharc atá do-ghlactha go follasach nó go follasach gan bhunús*

Más léir go bhfuil an t-achomharc nó an crosachomharc do-ghlactha nó gan bhunús, go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh an Chúirt tráth ar bith, ag gníomhú di ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, an t-achomharc a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach le hordú réasúnaithe.

### *Airteagal 182 Achomharc nó crosachomharc a bhfuil bunús leis go follasach*

I gcás go mbeidh cinneadh déanta ag an gCúirt cheana i leith pointe nó pointí dlí atá comhionann leo siúd arna n-ardú i bpléadálacha achomhairc nó crosachomhairc, agus má mheasann sí go bhfuil bunús leis an achomharc nó leis an gcrosachomharc, féadfaidh sí, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di na páirtithe agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt le hordú réasúnaithe, ina ndéantar tagairt don chásdlí ábhartha, ag dearbhú go bhfuil bunús go follasach leis an achomharc nó leis an gcrosachomharc.

## Caibidil 6

## AN TIONCHAR AR CHROSACHOMHARC DE BHARR ACHOMHARC A BHAINT ÓN gCLÁR

### *Airteagal 183 Tionchar scoir d'imeachtaí nó do-ghlacthacht an achomhairc ar chrosachomharc*

Measfar go mbeidh crosachomharc in éagmais aon chuspóir:

(a) i gcás ina scoirfidh an t-achomharcóir den achomharc;

(b) i gcás ina ndearbhófar go bhfuil an t-achomharc do-ghlactha go follasach toisc nár comhlíonadh an teorainn ama chun achomharc a dhéanamh;

(c) i gcás ina ndearbhófar go bhfuil an t-achomharc do-ghlactha go follasach ar an mbonn amháin nach ndéantar an t-achomharc i gcoinne breith chríochnaitheach de chuid na Cúirte Ginearálta nó i

gcoinne breith nach réiteofar na saincheisteanna substaintiúla léi ach go páirteach nó nach réiteofar léi saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht de réir bhrí na chéad míre d'Airteagal 56 den Reacht.

## Caibidil 7

## COSTAIS AGUS CÚNAMH DLITHIÚIL IN ACHOMHAIRC

### *Airteagal 184 Costais in achomhairc*

1. Faoi réir na bhforálacha seo a leanas, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 137 go 146 de na Rialacha seo i leith an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais i leith achomharc i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta.

2. Má tá an t-achomharc gan bhunús nó má tá bunús maith leis agus má thugann an Chúirt féin an breithiúnas críochnaitheach sa chás, tabharfaidh sí breith i dtaobh na gcostas.

3. Má tá bunús le hachomharc atá déanta ag Ballstát nó ag institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a ordú go ndéanfar na costais a roinnt idir na páirtithe, nó go mbeidh ar an achomharcóir a n-éireoidh leis na costais a íoc a tharraingíonn an t-achomharc ar an bpáirtí caillteach.

4. I gcás nach idiragraí ag an gcéad chéim a rinne an t-achomharc, ní ordófar dó na costais sna himeachtaí achomhairc a íoc murar ghlac sé páirt san éisteacht os comhair na Cúirte Breithiúnais. I gcás ina nglacfaidh idiragraí ag an gcéad chéim páirt sna himeachtaí, féadfaidh an Chúirt a ordú go n-íocfaidh sé as a chostais féin.

### *Airteagal 185 Cúnamh dlíthiúil*

1. Aon pháirtí nach féidir leis costais na n-imeachtaí a íoc go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh sé cúnamh dlíthiúil a iarraidh tráth ar bith.

2. Cuirfear gach faisnéis agus gach doiciméad tacaíochta i dteannta an iarratais ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an iarratasóra, amhail teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianófar staid airgeadais an iarratasóra.

### *Airteagal 186 Réamhiarratas ar chúnamh dlíthiúil*

1. Má dhéantar an t-iarratas roimh an achomharc atá beartaithe ag an iarratasóir ar chúnamh dlíthiúil a thionscnamh, luafar ann go hachomair ábhar an achomhairc sin.

2. Ní gá gur dlíodóir a dhéanfadh an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil.

3. Cuirfear an teorainn ama a fhorordófar do thionscnamh an achomhairc ar fionraí, maidir leis an duine a rinne an t-iarratas nuair a dhéanfar iarratas ar chúnamh dlíthiúil go dtí an dáta ar a ndéanfar an t-ordú lena dtabharfar breith ar an iarratas sin a sheirbheáil.

4. Féadfaidh an tUachtarán an t-iarratas a shannadh, a luaithe a thaiscfear é, do Bhreitheamh is Rapóirtéir agus déanfaidh an Breitheamh sin moladh, gan mhoill, i dtaobh an bhirt a bheidh le glacadh maidir leis an iarratas.

### *Airteagal 187 Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil*

1. Is é an Dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna dár sannadh an Breitheamh is Rapóirtéir a chinnfidh, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis don Dlísheomra an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, ar chóir cúnamh dlíthiúil a dheonú go hiomlán nó go páirteach nó ar chóir diúltú dó. Sa chás sin, is é foirmíocht na Cúirte Uachtarán an Dlísheomra sin, an Breitheamh is Rapóirtéir agus an chéad Bhreitheamh nó, más iomchuí, an chéad bheirt Bhreithiúna arna n-ainmniú de réir an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(3) ar an dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil faoi bhráid an Dlísheomra sin. Breithneoidh sí, mas iomchuí, an bhfuil an t-achomharc go follasach gan bhunús.

2. Mura mbeidh an Breitheamh is Rapóirtéir ina chomhalta de Dhlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna, déanfaidh an Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna dár sannadh é an cinneadh faoi na coinníollacha céanna. Chomh maith leis an mBreitheamh is Rapóirtéir, is é foirmíocht na Cúirte ceathrar Breithiúna arna n-ainmniú de réir an liosta dá dtagraítear in Airteagal 28(2) de na Rialacha seo ar an dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil faoi bhráid an Dlísheomra sin.

3. Is le hordú a thabharfaidh an fhoirmíocht den Chúirt a breith. I gcás go ndiúltaítear, go hiomlán nó go páirteach, an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil, sonrófar na cúiseanna, a bheidh leis an diúltú sin san ordú.

### *Airteagal 188 Réamhíocaíochtaí cúnaimh dhlíthiúil*

1. I gcás go ndeonaítear cúnamh dlíthiúil, beidh airgeadóir na Cúirte freagrach, laistigh de na teorainneacha socraithe ag an bhfoirmíocht den Chúirt, i gcás inarb infheidhme, as na costais a bhaineann le cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil an iarratasóra os comhair na Cúirte. Ar iarratas ón iarratasóir nó ionadaí an iarratasóra, féadfar réamhíocaíocht de na costais sin a dhéanamh.

2. Sa bhreith a thabharfaidh sí i dtaobh costas, féadfaidh an Chúirt a ordú go gcuirfear chun tairbhe d'airgeadóir na Cúirte suimeanna airgid a réamhíocfar mar chúnamh dlíthiúil.

3. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ngnóthófar na suimeanna sin ón bpáirtí a n-ordaítear dó iad a íoc.

*Airteagal 189 Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar*

Féadfaidh an fhoirmíocht den Chúirt a thug an bhreith ar an iarratas ar chúnamh dlíthiúil, tráth ar bith, uaithi féin nó ar iarratas a fháil, an cúnamh dlíthiúil sin a tharraingt siar má thagann athrú le linn na n-imeachtaí ar na himthosca ba bhun lena dheonú.

## Caibidil 8

## FORÁLACHA EILE IS INFHEIDHME MAIDIR LE hACHOMHAIRC

*Airteagal 190 Forálacha eile is infheidhme maidir le hachomhairc*

1. Beidh feidhm ag Airteagal 127, ag Airteagail 129 go 136, ag Airteagail 147 go 150, ag Airteagail 153 go 155 agus ag Airteagail 157 go 166 de na Rialacha seo maidir leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais i leith achomharc in aghaidh breitheanna de chuid na Cúirte Ginearálta.

2. Trí mhaolú ar Airteagal 130(1), déanfar iarratas ar idiragairt, áfach, laistigh de mhí amháin ó fhoilsiú an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 21(4).

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 95 maidir leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais i leith achomharc i gcoinne breitheanna de chuid na Cúirte Ginearálta.

4. I gcás, in imeachtaí a bhaineann le hachomharc i gcoinne breithiúnas de chuid na Cúirte Ginearálta, ina ndéanann páirtí iarratas ar rúndacht i ndáil le hidiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta, maidir le hábhar a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais ar ábhar é ar déileáladh leis cheana féin mar ábhar rúnda i ndáil leis an bpáirtí sin le linn na n-imeachtaí ag an gcéad chéim, coimeádfar an rúndacht chéanna chun críocha na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 190a Próiseáil faisnéise nó ábhair a thabharfar ar aird os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 105 dá Rialacha Nós Imeachta*

1. I gcás ina dtionscnófar achomharc i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta arna glacadh in imeachtaí ina gcuirfidh príomhpháirtí faisnéis nó ábhar ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus nár cuireadh an fhaisnéis nó an t-ábhar sin ar fáil don phríomhpháirtí eile, cuirfidh Clárlann na Cúirte Ginearálta an fhaisnéis nó an t-ábhar sin ar fáil don Chúirt Bhreithiúnais de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa chinneadh dá dtagraítear i mír 11 den Airteagal sin.

2. Ní chuirfear an fhaisnéis nó an t-ábhar dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do na páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais.

3. Cinnteoidh an Chúirt Bhreithiúnais nach ndéanfar na nithe rúnda san fhaisnéis nó san ábhar dá dtagraítear i mír 1 a nochtadh sa bhreith lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí nó i dTuairim ar bith de chuid an Abhcóide Ghinearálta.

4. Tabharfar an fhaisnéis nó na hábhair dá dtagraítear i mír 1 ar ais don pháirtí a chuir iad ar fáil os comhair na Cúirte Ginearálta a luaithe agus a dhéanfar an bhreith lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais a sheirbheáil, ach amháin má dhéantar an cás a tharchur ar ais chun na Cúirte Ginearálta. Sa chás sin, cuirfear an fhaisnéis nó na hábhair lena mbaineann ar fáil don Chúirt Ghinearálta de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa chinneadh dá dtagraítear i mír 5.

5. Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, trí chinneadh, na rialacha slándála chun an fhaisnéis nó na hábhair dá dtagraítear i mír 1 a chosaint. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

# TEIDEAL VI

## ATHBRHEITHNIÚ AR BHREITHEANNA DE CHUID NA CÚIRTE GINEARÁLTA

### *Airteagal 191 Dlísheomra athbhreithnithe*

Déanfar Dlísheomra de chúigear Breithiúna a ainmniú ar feadh tréimhse bliana d'fhonn a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagail 193 agus 194 de na Rialacha seo, an ndéanfar breith de chuid na Cúirte Ginearálta a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 62 den Reacht.

### *Airteagal 192 Breitheanna faoi réir athbhreithniú a fhógairt agus a chur ar fáil*

1. A luaithe a shocrófar an dáta chun breith a thabhairt nó a shíniú faoi réir Airteagal 256(2) nó (3) CFAE, cuirfidh Clárlann na Cúirte Ginearálta fógra chuig Clárlann na Cúirte Breithiúnais.

2. Ar thabhairt nó ar shíniú na breithe, cuirfear an méid sin in iúl do Chlárlann na Cúirte Breithiúnais láithreach agus déanfar amhlaidh leis an gcomhad nós imeachta a chuirfear ar fáil láithreach bonn don Chéad Abhcóide Ginearálta.

*Airteagal 193 Athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna arna dtabhairt ar achomharc*

1. Déanfar an togra ón gCéad Abhcóide Ginearálta i leith athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta, a tugadh faoi Airteagal 256(2) CFAE, a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Cúirte Breithiúnais agus chuig Uachtarán an Dlísheomra athbhreithnithe. Tabharfar fógra faoin seachadadh sin don Chláraitheoir ag an am céanna.

2. A luaithe a chuirfear in iúl dó go bhfuil togra ann, cuirfidh an Cláraitheoir comhad an cháis os comhair na Cúirte Ginearálta ar fáil do chomhaltaí an Dlísheomra athbhreithnithe.

3. A luaithe a gheofar an togra go ndéanfar athbhreithniú, déanfaidh Uachtarán na Cúirte Breitheamh is Rapóirtéir a ainmniú as líon Breithiúna an Dlísheomra athbhreithnithe, ar mholadh ó Uachtarán an Dlísheomra sin. Déanfar comhdhéanamh fhoirmíocht na Cúirte a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de na Rialacha seo ar an lá a shannfar an cás don Bhreitheamh is Rapóirtéir.

4. Cinnfidh an Dlísheomra sin, ag gníomhú dó ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir, an ndéanfar athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta. Is iad na ceisteanna a bheidh mar ábhar don athbhreithniú an t-aon ní a shonrófar sa bhreith i leith athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith na Cúirte Ginearálta.

5. Cuirfidh an Cláraitheoir breith na Cúirte Breithiúnais go ndéanfar athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta in iúl láithreach don Chúirt Ghinearálta, do na páirtithe sna himeachtaí roimpi agus do na daoine leasmhara eile dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 62a den Reacht.

6. Foilseofar fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina luafar dáta an chinnidh go ndéanfar athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta agus na ceisteanna a bheidh le hathbhreithniú.

*Airteagal 193a Easpa togra i leith athbhreithniú*

Mura mbeidh togra i leith athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta déanta ag an gCéad Abhcóide Ginearálta ar dhul in éag na teorann ama dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 62 den Reacht, cuirfidh an Cláraitheoir an méid sin in iúl láithreach don Chúirt Ghinearálta, a chuirfidh an méid sin in iúl don chúirt a rinne an tarchur agus do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

*Airteagal 194 Athbhreithniú a dhéanamh ar réamhrialú*

1. Déanfar an togra ón gCéad Abhcóide Ginearálta i leith athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta, a tugadh faoi Airteagal 256(3) CFAE, a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Cúirte Breithiúnais agus chuig Uachtarán an Dlísheomra athbhreithnithe. Tabharfar fógra faoin seachadadh sin don Chláraitheoir ag an am céanna.

2. A luaithe a chuirfear in iúl dó go bhfuil togra ann, cuirfidh an Cláraitheoir comhad an cháis os comhair na Cúirte Ginearálta ar fáil do chomhaltaí an Dlísheomra athbhreithnithe.

3. Cuirfidh an Cláraitheoir in iúl don Chúirt Ghinearálta, don chúirt nó don bhinse a rinne an tarchur, do na páirtithe sna príomhimeachtaí agus do na daoine leasmhara eile dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 62a den Reacht go bhfuil togra ann go ndéanfar athbhreithniú.

4. A luaithe a gheofar an togra go ndéanfar athbhreithniú, déanfaidh Uachtarán na Cúirte Breitheamh is Rapóirtéir a ainmniú as líon Breithiúna an Dlísheomra athbhreithnithe, ar mholadh ó Uachtarán an Dlísheomra sin. Déanfar comhdhéanamh fhoirmíocht na Cúirte a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de na Rialacha seo ar an lá a shannfar an cás don Bhreitheamh is Rapóirtéir.

5. Cinnfidh an Dlísheomra sin, ag gníomhú dó ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir, an ndéanfar athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta. Is iad na ceisteanna a bheidh mar ábhar don athbhreithniú amháin a shonrófar sa bhreith i leith athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith na Cúirte Ginearálta.

6. Cuirfidh an Cláraitheoir breith na Cúirte Breithiúnais i leith cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar breith na Cúirte Ginearálta a athbhreithniú in iúl don Chúirt Ghinearálta, don chúirt nó don bhinse a rinne an tarchur, do na páirtithe sna príomhimeachtaí agus do na daoine leasmhara eile dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 62a den Reacht.

7. Foilseofar fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina luafar dáta an chinnidh go ndéanfar athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta agus na ceisteanna a bheidh le hathbhreithniú.

### *Airteagal 195 Breithiúnas ar shubstaint an cháis i ndiaidh breith i leith athbhreithniú a dhéanamh*

1. Seirbheálfar an bhreith i leith athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta ar na páirtithe agus ar na daoine leasmhara eile dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 62a den Reacht. Beidh aistriúchán ar bhreith na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir le hAirteagal 98 de na Rialacha seo, ag gabháil léi nuair a dhéanfar í a sheirbheáil ar na Ballstáit agus ar na Stáit, seachas na Ballstáit, is páirtithe i gComhaontú LEE agus ar Údarás Faireacháin CSTE. Cuirfear breith na Cúirte Breithiúnais in iúl don Chúirt Ghinearálta chomh maith agus, i gcás inarb iomchuí, don chúirt nó don bhinse a rinne an tarchur.

2. Laistigh de mhí amháin ó dháta na seirbheála dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh na páirtithe agus na daoine leasmhara eile a ndearnadh breith na Cúirte Breithiúnais a sheirbheáil orthu ráitis nó barúlacha i scríbhinn a bhaineann leis na ceisteanna a bhí mar ábhar don athbhreithniú a thíolacadh.

3. A luaithe a ghlacfar breith i leith athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta, déanfaidh an Chéad Abhcóide Ginearálta an t-athbhreithniú a shannadh d'Abhcóide Ginearálta.

4. Tabharfaidh an Dlísheomra athbhreithnithe breith ar shubstaint an cháis, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

5. Féadfaidh an Dlísheomra athbhreithnithe sin, áfach, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais an cás a shannadh ar fhoirmíocht ina mbeidh líon níos mó Breithiúna.

6. I gcás inar tugadh an bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta a bheidh le hathbhreithniú faoi Airteagal 256(2) CFAE, déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh maidir le costais.

## TEIDEAL VII

## IARRATAÍ AR THUAIRIMÍ

### *Airteagal 196 An chuid i scríbhinn den nós imeachta*

1. I gcomhréir le hAirteagal 218(11) CFAE, féadfaidh Ballstát, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún Eorpach iarraidh a dhéanamh ar thuairim.

2. Féadfaidh baint a bheith ag iarraidh ar thuairim le cé acu atá an comhaontú beartaithe i gcomhréir le forálacha na gConarthaí nó nach bhfuil, agus le cé acu atá sé de chumhacht ag an Aontas Eorpach nó ag aon institiúid dá chuid an comhaontú sin a dhéanamh, nó nach bhfuil.

3. Déanfar í a sheirbheáil ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí dá dtagraítear i mír 1 agus forordóidh an tUachtarán teorainn ama ina bhféadfaidh siad barúlacha i scríbhinn a thíolacadh.

### *Airteagal 197 Ainmniú an Bhreithimh is Rapóirtéir agus an Abhcóide Ghinearálta*

A luaithe a bheidh an iarraidh ar thuairim taiscthe, déanfaidh an tUachtarán Breitheamh is Rapóirtéir a ainmniú agus deanfaidh an Chéad Abhcóide Ginearálta an cás a shannadh d'Abhcóide Ginearálta.

### *Airteagal 198 Éisteacht*

Féadfaidh an Chúirt a chinneadh go mbeidh éisteacht mar chuid den nós imeachta os a comhair.

### *Airteagal 199 Teorainn ama chun tuairim a thabhairt*

Tabharfaidh an Chúirt a tuairim a luaithe agus is féidir, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

*Airteagal 200 Tuairim a thabhairt agus a sheirbheáil*

1. Tabharfar an Tuairim i gcúirt oscailte.

2. Síneoidh an tUachtarán, na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus an Cláraitheoir doiciméad bunaidh na Tuairime. I gcás nach féidir le Breitheamh a ghlac páirt sna pléití an doiciméad bunaidh a shíniú a thuilleadh, mar gheall ar a staid sláinte nó tar éis a bháis, nó mar gheall ar a éirí as oifig nó dul in éag a théarma oifige, deimhneoidh an tUachtarán gur ghlac an Breitheamh sin páirt sna pléití.

3. Déanfar doiciméad bunaidh na Tuairime, arna shíniú, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann. Déanfar cóip dheimhnithe a sheirbheáil ar na Ballstáit uile agus ar na hinstitiúidí dá dtagraítear in Airteagal 196(1).

## TEIDEAL VIII

## NÓSANNA IMEACHTA SPEISIALTA

*Airteagal 201 Achomhairc i gcoinne chinntí an choiste eadrána*

1. In iarratas tionscanta achomhairc faoin dara mír d'Airteagal 18 CCEFA, luafar:

(a) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(b) an cháil ina bhfuil an sínitheoir ag gníomhú;

(c) tagairt don chinneadh de chuid an Choiste Eadrána a bhfuil achomharc á dhéanamh ina choinne;

(d) ainmneacha na bhfreagróirí;

(e) achoimre ar na fíorais;

(f) na saincheisteanna ar a bhfuil an t-achomharc bunaithe agus na hargóintí a mbeifear ag brath orthu agus ráiteas gearr ar na saincheisteanna sin;

(g) an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 119 agus 121 de na Rialacha seo maidir leis an iarratas.

3. Cuirfear cóip dheimhnithe den chinneadh faoi chonspóid i gceangal leis an iarratas.

4. A luaithe a bheidh an t-iarratas taiscthe, iarrfaidh Cláraitheoir na Cúirte ar Chlárlann an Choiste Eadrána comhad an cháis a chur chun na Cúirte.

5. Beidh feidhm ag Airteagail 123 agus 124 de na Rialacha seo maidir leis an nós imeachta seo. Féadfaidh an Chúirt a chinneadh go mbeidh éisteacht mar chuid den nós imeachta os a comhair.

6. Tabharfaidh an Chúirt a breith trí bhreithiúnas. Má chuireann an Chúirt cinneadh an Choiste Eadrána ar ceal, féadfaidh sí an cás a tharchur ar ais chun an Choiste.

*Airteagal 202 An nós imeachta faoi Airteagal 103 CCEFA*

1. Taiscfear ceithre chóip dheimhnithe den iarratas faoin tríú mír d'Airteagal 103 CCEFA. I dteannta an iarratais, cuirfear dréacht den chomhaontú nó den chonradh lena mbaineann, barúlacha an Choimisiúin Eorpaigh arna ndíriú chuig an Stát lena mbaineann, agus gach doiciméad eile tacaíochta.

2. Déanfar an t-iarratas agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis a sheirbheáil ar an gCoimisiún Eorpach agus beidh tréimhse 10 lá ón tseirbheáil ag an gCoimisiún lena bharúlacha i scríbhinn a thaisceadh. Féadfaidh an tUachtarán an tréimhse sin a fhadú tar éis an Stát lena mbaineann a éisteacht.

3. Tar éis thaisceadh na mbarúlacha sin, a dhéanfar a sheirbheáil ar an Stát lena mbaineann, tabharfaidh an Chúirt a breith, a luaithe is féidir, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta agus, an Stát lena mbaineann agus an Coimisiún Eorpach a éisteacht, má iarrann siad amhlaidh.

*Airteagal 203 Nósanna imeachta faoi Airteagail 104 CCEFA agus 105 CCEFA*

Beidh na hiarratais faoin tríú mír d'Airteagal 104 CCEFA agus faoin dara mír d'Airteagal 105 CCEFA faoi rialú fhorálacha Theideal II agus Theideal IV de na Rialacha seo. Seirbheálfar na hiarratais sin ar an Stát a mbaineann an duine nó an gnóthas is freagróir leis freisin.

*Airteagal 204 An nós imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 111(3) de Chomhaontú LEE*

1. Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 111(3) de Chomhaontú LEE, déanfar an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte ar iarraidh ó na Páirtithe Conarthacha is páirtithe sa díospóid. Déanfar an iarraidh a sheirbheáil ar na Páirtithe Conarthacha eile, ar an gCoimisiún Eorpach, ar Údarás Faireacháin CSTE agus, i gcás inarb iomchuí, ar na daoine eile ar a ndéanfar iarraidh ar réamhrialú lena n-ardaítear an cheist chéanna a bhaineann le léiriú ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a sheirbheáil.

2. Forordóidh an tUachtarán tréimhse ina bhféadfaidh na Páirtithe Conarthacha agus na daoine leasmhara eile ar seirbheáladh an iarraidh orthu, barúlacha i scríbhinn a thaisceadh.

3. Déanfar an iarraidh a thaisceadh i gceann de na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 36 de na Rialacha seo. Beidh feidhm ag Airteagal 38. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Airteagal 98.

4. A luaithe a dhéanfar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thaisceadh, déanfaidh an tUachtarán Breitheamh is Rapóirtéir a ainmniú. Láithreach ina dhiaidh sin, déanfaidh an Chéad Abhcóide Ginearálta an iarraidh a shannadh d'Abhcóide Ginearálta.

5. Tabharfaidh an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith réasúnaithe ar an iarraidh.

6. Déanfar breith na Cúirte arna síniú ag an Uachtarán, ag na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus ag an gCláraitheoir a sheirbheáil ar na Páirtithe Conarthacha agus ar na daoine leasmhara eile dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

*Airteagal 205 Díospóidí dá dtagraítear in Airteagal 35 CAE sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin a réiteach*

[Aisghairthe]

*Airteagal 206 Iarrataí faoi Airteagal 269 CFAE*

1. Déanfar ceithre chóip dheimhnithe d'iarraidh faoi Airteagal 269 CFAE a thíolacadh. Déanfar aon doiciméad ábhartha agus, go háirithe, aon bharúlacha agus aon mholtaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 7 CAE a chur i dteannta na hiarrata.

2. Déanfar an iarraidh agus na hiarscríbhinní a ghabhann léi a sheirbheáil ar an gComhairle Eorpach nó ar an gComhairle, de réir mar is iomchuí, agus beidh tréimhse neamh-insínte 10 lá acu lena mbarúlacha i scríbhinn a thaisceadh. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 51 maidir leis an teorainn ama sin.

3. Déanfar an iarraidh agus na hiarscríbhinní a ghabhann léi a chur in iúl do na Ballstáit seachas an Ballstát lena mbaineann, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún Eorpach.

4. Tar éis thaisceadh na mbarúlacha dá dtagraítear i mír 2, arna seirbheáil ar an mBallstát lena mbaineann agus ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí dá dtagraítear i mír 3, tabharfaidh an Chúirt a breith laistigh de mhí ón iarraidh a thaisceadh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht. Ar iarratas ón mBallstát lena mbaineann, ón gComhairle Eorpach nó ón gComhairle, nó uaithi féin, féadfaidh an Chúirt a chinneadh go mbeidh éisteacht sa nós imeachta os a comhair a dtabharfar fógra do na Stáit uile agus na hInstitiúidí uile dá dtagraítear san Airteagal seo freastal uirthi.

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 207 Rialacha forlíontacha*

Faoi réir fhorálacha Airteagal 253 CFAE, déanfaidh an Chúirt, tar éis di dul i gcomhairle leis na Rialtais lena mbaineann, rialacha forlíontacha a ghlacadh a bhaineann lena cleachtais maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) litreacha rogáide;

(b) iarratais ar chúnamh dlíthiúil;

(c) tuairisciú na Cúirte ar mhionnú éithigh arna dhéanamh ag finnéithe nó saineolaithe, a thugtar de bhun Airteagal 30 den Reacht.

*Airteagal 208 Rialacha cur chun feidhme*

Féadfaidh an Chúirt, le gníomh ar leith, rialacha cleachtais a ghlacadh maidir leis na Rialacha seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 209 Aisghairm*

Cuirtear na Rialacha seo in ionad Rialacha Nós Imeachta Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach a glacadh an 19 Meitheamh 1991 a leasaíodh den uair dheireanach ar an 24 Bealtaine 2011 (*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, L 162, 22 Meitheamh 2011, lch. 17).

*Airteagal 210 Foilsiú agus teacht i bhfeidhm na Rialacha Nós Imeachta seo*

Déanfar na Rialacha seo, atá barántúil sna teangacha dá dtagraítear in Airteagal 36 de na Rialacha seo, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis a bhfoilsithe.

*****